In ainneoin na srianta a bhain le paidéim COVID-19, chuir an Roinn roinnt seisiún ionductaithe ar líne ar fáil d'iontrálaithe nua le linn 2020. Úsáideadh na seisiúin sin chun aird a dhíriú ar an mbealach a gcuireann an Roinn comhionannas deiseanna agus dínit san ionad oibre chun cinn agus chun Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais na Roinne a chur in aithne do na hiontrálaithe nua. Chuir an tOifigeach léargas ginearálta ar fáil ar na hacmhainní atá ar fáil don fhoireann ar fad.

Mar chuid dár dtionscnaimh forbartha éagsúla, féachann an Roinn le tacú le baill foirne staidéar breise agus forbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh mar aon le hidirghabhálacha spriocdhírith foireann-bhunaithe. Mar shampla, d'óstáil an Roinn oiliúint a chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i láthair ar ábhar an mhíchumais agus na saincheist-eanna atá le breithniú nuair atá beartas agus reachtaíocht á gceapadh. Ar na modúil shaincheaptha eile a forbraíodh agus a cuireadh ar fáil bhí: *Aighnis agus Imscrúdú Foirne Scaipthe a Bhainistiú, Féinchúram, Teorainneacha a Chruthú, agus Iompraíochtaí Dúshlánacha a Bhainistiú*.

In ainneoin sos i dtosach báire mar gheall ar COVID-19 ag tús 2020, lean roinnt ball foirne ar aghaidh arís ag déanamh staidéir ar chlár teastais i Staidéar Inimirce le hOllscoil Chathair Átha Cliath. Tá an clár, atá in oiriúint go sonrach do riachtanais na Roinne, dírithe ar bhaill foirne atá ag obair i réimsí inimirce na heagraíochta. Ina theannta sin, rinne roinnt ball foirne iarratas ar mhaoiniú ar ár Scéim Bhliantúil Aisíochta Táillí agus fuair siad maoiniú chun tabhairt faoi chúrsaí oideachais iariontrála i gCearta an Duine agus Comhionannas.

Intéirneachtaí agus Socrúcháin Oibre

Comhoibríonn an Roinn freisin le *Ahead* ar a chlár *Willing Able Mentoring* (WAM). Tá sé mar aidhm ag an gclár seo rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas, agus cumas fostóirí a fhorbairt chun míchumas a chomhtháthú san ionad oibre príomhshrutha. I rith 2020, cuireadh tús le socrúchán amháin faoin gclár seo, ach mar gheall ar an bpaindéim cuireadh socrúcháin eile ar fionraí.

Éascaíonn an Roinn roinnt socrúchán taithí oibre idirbhliana freisin. Le déanaí, tharla sé seo i gcomhar le Scéim Socrúcháin Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. É sin ráite, de dheasca srianta sláinte poiblí agus bacainní praiticiúla, níorbh fhéidir scoláirí Idirbhliana a thabhairt isteach in 2020.

An Coiste Comhairleach um Míchumas

Cuireann Coiste Comhairleach na Roinne fóram ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta idir oifigigh de chuid na Roinne, ionadaithe de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus ionadaithe de chuid an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara um Míchumas, go háirithe i ndáil le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumais. Chomh maith leis sin, tugann sé deis don Roinn nuashonrú a dhéanamh ar shaincheisteanna reatha atá ina n-ábhar spéise agus tugann sé deis do na grúpaí saincheisteanna atá ina n-ábhar inní dóibh a chur in iúl.

Oifigeach Rochtana

Tá Oifigeach Rochtana ag an Roinn de réir Alt 26(2) den Acht um Míchumas. Tá an tOifigeach Rochtana freagrach as cúnamh a sholáthar, a shocrú nó a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo rochtain a fháil ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn. Feidhmíonn an tOifigeach Rochtana freisin mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin.

5. Struchtúr na Roinne

2.1 Forléargas ar an Roinn


Tá an Roinn ailínithe faoi dhá cholún, **Ceartas Sibhialta** agus **Ceartas Coiriúil**, gach colún díobh faoi stiúir Leas-Rúnaí. Tá na feidhmeanna seo a leanas i gceist faoin dá cholún: **Beartas**, **Reachtaíocht**, **Rialachas**, agus **Oibríochtaí agus Soláthar Seirbhíse**.

Trí thacú le hobair an dá cholún déantar feidhmeanna na **Trédhearcachta**, **Gnóthaí Corp-aráideacha** agus **Gnóthaí Eorpacha** a chumasú.

Bainistíonn an fheidhm **Soláthar Seirbhísí Inimirce** atá lonnaithe i gcolún an Cheartais Sibhialta seirbhísí inimirce agus cosanta idirnáisiúnta don Roinn agus don Stát.

Tá an struchtúr seo leagtha amach chun níos mó solúbthachta, chomh maith le seirbhís níos fearr dár gcustaiméirí, breis trédhearcachta agus cuntasachta, agus pleanáil straitéiseach agus forbairt beartas bunaithe ar fhianaise a chumasú, agus muid ag fanacht dílis do luachanna traidisiúnta na státseirbhíse amhail ionracas, neamhchlaontacht agus gairmiúlacht.

An Bord Bainistíochta Nollaig 2020



2.2 Forléargas ar Cholúin agus ar Fheidhmeanna

An Colún Ceartais Sibhialta

- Clár athchóirithe agus nuachóirithe sa cheartas sibhialta a stiúradh, leis na haidhmeanna rochtain ar cheartas a chur chun cinn, clár reachtaíochta an Rialtais a thabhairt ar aghaidh, oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus comhairle a thabhairt ar thionscnaimh reachtaíochta i réimse an Cheartais agus an Chomhionannais go ginearálta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt beart straitéiseach agus reachtach chun an comhionannas, cuimsiú agus comhtháthú a chur chun cinn i sochaí na hÉireann, agus córas inimirce freagrúil atá cóir cothrom a chur chun cinn, ag obair go dlúth le raon leathan gníomhaithe Rialtais agus sochaí sibhialta.
- Cabhrú leis an Ard-Rúnaí fís shoiléir a leagan síos don Roinn trí straitéis, beartas, cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt do gach gné d'obair na Roinne agus an clár leathan d'athrú eagraíochtúil atá á chur i bhfeidhm sa Roinn a chur i gcrích.

Aistríodh an fhreagracht as roinnt feidhmeanna maidir le comhionannas, míchumas, lánpháirtíú imirceach, Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta agus Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

An Colún Ceartais Choiriúil

- Fís shoiléir a leagan síos don cholún Ceartais Choiriúil trí straitéis a fhorbairt le fócas ar leith ar chomhoibriú éifeachtach ar fud an chórais ceartais choiriúil agus le comhpháirtithe eile ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus ag an am céanna ag seasamh le neamhspleáchas agus cuntasacht eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara aonair.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an athraithe ó bhonn atá leagtha amach i dtuarascáil 2018 an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.
- Slándáil náisiúnta agus comhoibriú Thuaidh-Theas/Thoir-Thiar ar chúrsaí coiriúla agus slándála.

- Cabhrú leis an Ard-Rúnaí fíís shoiléir a leagan síos don Roinn trí straitéis, beartas, cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt do gach gné d'obair na Roinne agus an clár leathan d'athrú eagraíochtúil atá á chur i bhfeidhm sa Roinn a chur i gcrích.

An Colún Láir

Tacaíonn feidhmeanna an cholúin láir – Trédhearcacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Eorpacha – le spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla an cholúin Ceartais Shibhialta agus an cholúin Ceartais Choiriúil, agus cumasaíonn sé iad.

2.3 Feidhmeanna laistigh de na Colúin Ceartais Shibhialta agus Ceartais Choiriúil

Is iad seo a leanas na feidhmeanna laistigh de na colúin:

Beartas

Forbraíonn an fheidhm Beartais beartas fadtéarmach bunaithe ar fhianaise trí thaighde agus anailís a dhéanamh ar eolas agus ar shonraí ó fhoinsí éagsúla. Glacann sé dearcadh réamh-ghníomhach agus straitéiseach ar cheapadh agus ar athbhreithniú beartais ceartais agus comhionannais, agus cuireann sé ar chumas na Roinne an chomhairle is fearr agus is féidir a chur ar fáil don Aire agus don Rialtas ar mhaithe le leas fadtéarmach gach saoránach. Tá feidhm an Bheartais roinnte in dhá phríomhréimse.

Bunaíonn an réimse **Beartas Straitéiseach, Pleanála agus Taighde** clár beartais na Roinne, tugann sé comhairle maidir le tosaíochtaí beartais agus déanann sé maoirseacht ar shaolré an bheartais. Tá an fhoireann freagrach freisin as gníomhaíochtaí taighde agus meastóir-eachta a bhaineann le beartas agus as bainistiú a dhéanamh ar chomhoibrithe tionscadail, rianú beartais agus riachtanais riaracháin na feidhme beartais.

Tá an fhoireann um **Acmhainn Ábhair agus Beartas Feidhmeach** i gceannas ar fhorbairt beartais ar théamaí beartais ar leith. Déanann an fhoireann beartais AE/Idirnáisiúnta agus beartais fheidhmeacha a dhréachtú, chomh maith le dul i gcomhairle orthu agus iad a bhainistiú. Oibríonn Acmhainn Ábhair laistigh den fhoireann seo go comhoibríoch ar fud na feidhme Beartais agus ar fud na Roinne, ag soláthar eolais ar bheartais ar leith agus déanann siad ionadaíocht thar ceann na Roinne go seachtrach agus ag leibhéal an AE/Idirnáisiúnta.

Reachtaíocht

Tá an fheidhm reachtaíochta freagrach as reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú agus as Billí a cheapadh agus a chur trí Oifig an Ard-Aighne agus tríd an Oireachtas. Trí dhul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí, pléitear faoin bhfeidhm reachtaíochta le dlí na hÉireann, agus le dlí an AE agus dlí Idirnáisiúnta a thrasú i ndlí na hÉireann.

Cuireann sí comhairle ar fheidhmeanna eile agus oibríonn go dlúth leo lena chinntiú go mbreithnítear gach impleacht iomchuí ag gach céim den phróiseas reachtaíochta.

Rialachas

Is í an fheidhm Rialachais an fheidhm formhaoirseachta do na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Ag obair i gcomhar, cinntíonn an fheidhm seo go bhfuil straitéis shoiléir ag gníomhaireachtaí, go mbaineann siad na caighdeáin atá aontaithe amach ó thaobh feidhmíochta, trédhearcachta agus rialachais, agus go ndéanann siad a gcuid acmhainní a bhainistiú mar is cuí. Tacaíonn an fheidhm Rialachais le Gníomhaireachtaí neamhspleácha feidhmiú go héifeachtach agus cur chuige leanúnach a ghlacadh bunaithe ar chaighdeáin aitheanta, ar féidir iad a shaincheapadh de réir gach Comhlachta mar is cuí, d'fhonn soiléireacht, cothrom na Féinne agus cuntasacht a chinntiú.

Tá liosta de na Comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla atá faoi choimirce na Roinne in Aguisín 1.

Soláthar Oibríochtaí agus Seirbhísí

Tá Soláthar Seirbhísí agus Oibríochtaí ar cheann de na príomhfheidhmeanna a chuireann seirbhísí líne tosaigh ar fáil don Roinn, chomh maith le gach feidhm eile a chumasú chun feidhmiú go héifeachtach i saol a ghluaiseann agus a athraíonn go tapa. Tá na foirne **Oibríochtaí** (atá lonnaithe sa cholún Ceartais Shibhialta) freagrach as an bpleanáil, an bhainistíocht riosca agus an bhainistíocht tionscadail agus athruithe ar fad. Díríonn na foirne Oibríochtaí freisin ar fheabhas leanúnach laistigh den Roinn, trí phríomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna a leagan amach agus a rianú, chomh maith le taobh amuigh den Roinn, trína chinntiú go bhfaigheann gach custaiméir seirbhís custaiméara atá comhleanúnach. Déanann na foirne **Soláthar Seirbhísí** soláthar seirbhísí líne tosaigh atá

éifeachtach, láidir agus dírithe ar an gcustaiméir a bhainistiú don Roinn agus téann i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí chun deiseanna d'fheabhas leanúnach a aithint.

Soláthar Seirbhísí Inimirce (Colún an Cheartais Shibhialta amháin)

Is é cuspóir na feidhme Soláthar Seirbhísí Inimirce seirbhísí inimirce líne tosaigh atá éifeachtach, láidir agus dírithe ar an gcustaiméir a bhainistiú don Roinn agus don Stát agus, ag an am céanna, a bheith dírithe go leanúnach ar dheiseanna a aithint le feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí inimirce do chustaiméirí.

Cuireann an fheidhm ar chumas na foirne díriú ar aschuir agus ar thorthaí do chustaiméirí a fheabhsú fad a chinntíonn obair i gcomhar le feidhmeanna eile go bhfuil leagan amach na seirbhísí agus feabhas ar thaithí an chustaiméara i gcoilár na seirbhísí inimirce.

2.4 Feidhmeanna laistigh den Cholún Láir

Cúrsaí Corparáide

Déanann an colún Corparáide gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh agus a bhainistiú ar fud na heagraíochta chun cur ar chumas na Roinne a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus seirbhísí agus próisis Roinne atá éifeachtach agus freagrúil a sholáthar. Déanann an colún Corparáide an cur chuige, na réitigh agus an t-infreastruchtúr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud roinnt réimsí éagsúla: teicneolaíocht, planáil airgeadais agus daoine, soláthar, dlí, rialachas corparáideach, sonraí agus taifid, comhlíonadh agus rialuithe iniúch-óireachta, taighde agus anailísíocht.

Trédhearacht

Tá freagracht ar an bhfeidhm Trédhearcachta as an bhfaisnéis ar fad a éilíonn an tAire agus ardbhainistíocht na Roinne a fhoinsiú, a mheas agus a chur in iúl, maille le caighdeán chomhsheasmhacha cumarsáide inmheánaí agus seachtraí a chinntiú. Lánpháirtíonn an fheidhm seo faisnéis, anailís agus cumarsáid ó ar fud na Roinne chun insintí comh-leanúnacha a thabhairt ar théamaí an Cheartais. Cinneann sí, ar bhonn forghníomhach, cá bhfuil gá le faisnéis a chur in iúl nó a fhoilsiú, chomh maith le freagairt ar bhealach so-fhreagúil d'arrataí a thagann isteach.

Baineann an fheidhm Trédhearcachta úsáid as bealaí éagsúla chun sin a dhéanamh, ag baint leas as an teicneolaíocht agus as faisnéis fíor-ama lena chinntiú go gcomhlíonann an tAire an gheallúint a bheith daonlathach agus freagrach do gach saoránach, don Oireachtas, do na meáin chumarsáide agus páirtithe leasmhara eile.

Gnóthaí Eorpacha

Tá Gnóthaí Eorpacha freagrach as gnó Eorpach na Roinne agus roinnt gnó idirnáisiúnta dá cuid a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh air, go háirithe saincheisteanna leathana a mbeadh roinnt feidhmeanna agus ranna páirteach iontu. Tacaíonn an fheidhm leis an Aire ag cruinnithe de Chomhairle na nAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile. Ina theannta sin, oibríonn an fheidhm le réimsí eile den Rialtas chun cur chuige straitéiseach na hÉireann a mhúnlú i leith Thodhchaí na hEorpa agus Chlár Cheannairí an AE, agus imríonn ról gníomhach chun rannpháirtíocht agus comhoibriú níos mó a spreagadh le comhghleacaithe san Eoraip ar shaincheisteanna ábhartha Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cé go bhfuil an fhoireann lonnaithe i mBaile Átha Cliath, oibríonn siad go dlúth le baill foirne sa Bhruiséil agus i Strasbourg atá ar iasacht ag Buanionadaíocht na hÉireann chuig an AE. Tacaíonn an fheidhm freisin leis an Aire agus leis an Roinn araon chun freagrachtaí na Roinne i leith an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa a chomhlíonadh agus chun leasanna na hÉireann go hidirnáisiúnta a chur in iúl agus ionadaíocht a dhéanamh orthu.

6. An bhliain 2020 i bhfigiúirí

Bhí Grúpa an Vóta Dlí agus Cirt comhdhéanta de 7 vóta sa bhliain 2020: an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Chúirteanna, an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Fostaíonn an Roinn breis agus 2,700 ball foirne, lena n-áirítear an fhoireann sin a oibríonn do chomhlachtaí a oibríonn faoina coimirce. Díobh sin, tá 1,513 duine fostaithe sa chroí-Roinn. Tá gné idirnáisiúnta ag an Roinn freisin, le beagnach 40 oifigeach fostaithe in 11 ambasáid agus misean Éireannach ar fud 4 mhór-roinn, ag obair ar raon leathan ábhar a bhaineann le cúrsaí ceartais Eorpaigh agus idirnáisiúnta.

2,952



Ceist Pharlaiminte freagartha in 2020

50,000+



Ríomhphost agus litir a fuarthas in 2020

797



Iarraidh Saorála Faisnéise a
próiseáil in 2020

429



Iarraidh ar Rochtain ó Ábhair Sonraí a
fuarthas
in 2020

2,700



Ball foirne a bhí fostaithe ag an Roinn
in 2020

€2.99 billiún



Ollchaiteachas iomlán do ghrúpa an
Vóta Dlí agus Cirt in 2020

4. Súil siar ar an mbliain 2020

4.1 Eanáir-Márta

Ráiteas ón Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an ráig den Choróinvíreas sa tSín

Thug ráiteas a d'eisigh an Roinn Dlí agus Cirt ar an 31 Eanáir, 2020, maidir le seasamh inimirce náisiúnach Síneach in Éirinn réamhbhlaiseadh den tsaincheist a bheadh chun tosaigh sa bhliain. Thug an Roinn faoi deara 'an staid atá ag síorathrú sa tSín' agus dúirt sí go raibh sí i ndlúth-theagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

An chéad chruinniú riamh den Chomhairle Bhreithiúnach

Ar an 7 Feabhra, 2020, bhí a céad chruinniú iomlánach ag an gComhairle Bhreithiúnach i gCumann Onórach Óstaí an Rí. Is baill den Chomhairle Bhreithiúnach iad comhaltaí uile den bhreithiúnacht, ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Uachtarach.

Beidh an Chomhairle freagrach as roinnt feidhmeanna breithiúnacha fiorthábhachtacha, lena n-áirítear socrú a dhéanamh maidir le hoideachas leanúnach na mbreithiúna tríd an gCoiste um Staidéar Breithiúnach, cruthú Treoirlínte do dhámhachtainí i gcásanna díobhálacha pearsanta tríd an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, agus, go háirithe, cruthú treoirlínte pianbhreithe tríd an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a Ghearradh.



Fáiltíonn an tAire Ó Flannagáin roimh 201 comhalta nua sa Gharda Síochána

Chuir an tAire fáilte roimh 201 comhalta nua chuig an nGarda Síochána ar an 21 Feabhra, 2020, i ndiaidh dóibh fianú i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána, an Teampall Mór.

Rinne an tAire Ó Flannagáin comhghairdeas leis na hearcaigh nua agus chuir sé fáilte freisin roimh an méadú atá ag teacht ar éagsúlacht na heagraíochta.



D'fhág an searmanas gur 3,200 líon na nGardaí nua a d'fhianaigh agus a sannadh do dhualgais póilíneachta líne tosaigh ó athosclaíodh Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána in 2014. Tá atheagrú struchtúr na nGardaí, tríd an tsamhail oibriúcháin nua, ag cabhrú freisin le hacmhainní breise a shaoradh do Ghardaí líne tosaigh.

Seoladh Chairt Nua na nÍospartach

Roimh Lá Eorpach Íospartaigh na Coireachta (22 Feabhra, 2020), d'fhoilsigh an tAire Cairt nua mhéadaithe d'Íospartaigh. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Chairt a nuashonrú trí phróiseas comhairliúcháin ina raibh na Gníomhaireachtaí Stáit iomchuí ar fad, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a bhí ag obair agus ag tacú le hÍospartaigh.

Bronnadh Saoránacht Éireann ar 5,000 duine i gCill Airne

I sé shearmanas ar leith a reáchtáladh thar dhá lá san INEC i gCill Airne, fuair iarratasóirí rathúla ó 135 tír deimhniú eadóirseachta, agus ghlac siad mionn dílseachta do Stát na hÉireann.

Tionóladh na searmanais tar éis chinneadh na Cúirte Achomhairc i mí na Samhna, 2019, a shoiléirigh an dlí maidir le ceanglais chónaitheachta d'iarrthóirí ar shaoránacht.



Ag labhairt leis na saoránaigh nua ar an 3 Márta, 2020, dúirt an tAire Stáit Standúin: “Inniu agus sibh ag fágáil na háite seo, mar shaoránaigh bhródúla nua an Phoblachta agus an daonlathais bhunreachtúil seo, is í ár stair bhur stair agus, ar a seal, tá scéal bhur saoil ina chuid dár stairne anois.”

An tAire Ó Flannagáin ag bualadh le comhghleacaithe Eorpacha i bhFís-chomhdháil COVID-19

Ar an 16 Márta, 2020, ghlac an tAire páirt i bhfís-chomhdháil le hAirí Gnóthaí Baile agus le hAirí Sláinte ó gach cearn den AE chun plé a dhéanamh ar fhorbairt thapa na staide san Eoraip, agus conas oibriú le chéile chun dul i ngleic le scaipeadh COVID-19.



Bhí oifigigh shinsearacha Dhlí agus Chirt agus Shláinte i dteannta an Aire ag an gcruinniú, a raibh sé mar phríomhchuspóir aige saincheistanna maidir le bainistiú teorann agus sláinte a phlé, chomh maith le treoirlínte nua an Choimisiúin ar an ábhar sin.

Méadú suntasach ar chóiríocht Soláthair Dhíriú mar chuid den fhreagairt éigeandála ar phaindeim COVID-19

D'fhógair an tAire Ó Flannagáin agus an tAire Stáit Standúin go raibh breis is 650 leaba nua curtha ar fáil chun tacú le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta le linn na géarchéime COVID-19.



An Roinn Dlí agus Cirt
agus Comhionannais
Department of Justice
and Equality

650
leaba bhreise don
Chóras Cosanta Idirnáisiúnta chun

1. Tacú le bearta do dhaoine leochaileacha
2. Saoráidí aonraithe seachtracha a sholáthar
3. Cuidiú le scaradh sóisialta trí líon na ndaoine in ionaid áirithe a laghdú

Ghabh na hAirí buíochas leis an bhfoireann a bhí ag obair sna hionaid as seirbhísí riachtanacha líne tosaigh a chur ar fáil agus iad imithe óna dtithe agus óna dteaghlach féin le linn na tréimhse éiginnte sin.

Síneadh Sealadach ar Cheadanna Inimirce

Mar chuid de fhreagairt na Roinne do COVID-19, d'fhógair an tAire Ó Flannagáin ar an 20 Márta, 2020, go raibh síneadh sealadach le cur ar athnuachan ar cheadanna inimirce le héifeacht láithreach. Chaomhnaigh an beart stádas dlíthiúil daoine a raibh cead acu a bhí ar tí dul in éag agus bhí sé ar cheann de na chéad bhearta dá leithéid a glacadh i rith na bliana.

4.2 Aibreán-Meitheamh

Mórfheachtas nua Teilifíse, Raidió agus Meán Sóisialta chun freastal ar Íospartaigh an Fhoréigin Baile



Seoladh mórfheachtas nua teilifíse, raidió agus meán sóisialta ar an 15 Aibreán, 2020, chun dul i ngleic le ceist thromchúiseach an fhoréigin baile i gcomhthéacs bhearta COVID-19. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas íospartaigh a chur ar a suaimhneas go raibh seirbhísí 'fós anseo', agus go raibh tosaíocht á tabhairt d'íospartaigh. D'fhorbair an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na fógraí i gcomhar le seirbhísí líne tosaigh.

Fáiltíonn an tAire Ó Flannagáin roimh chéad-éisteacht chianda na Cúirte Uachtaraí

Ar an 20 Aibreán, den chéad uair riamh, thionóil an Chúirt Uachtarach suí le gach páirtí a bhí i láthair trí theicneolaíocht físeáin chianda. D'fháiltigh an tAire roimh fhógra na Seirbhíse Cúirteanna ag rá, "Mar a léiríodh ar fud na cruinne, tá géarchéim COVID-19 ag athrú an tsaoil ó lá go lá ar bhealaí nach bhfacthas riamh cheana. Ach, mar sin féin, tá gnó na gcúirteanna fíorthábhachtach agus, dá réir, is maith ann éisteacht an lae inniu".

Foilsíonn an tAire Standúin Dréacht-Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig le haghaidh Comhairliúcháin

Ar an 1 Bealtaine, sheol an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta air maidir le Ceartas Óige, Dáithí Standúin T.D., comhairliúchán ar líne ar an gcaoi ar cheart do Ghníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear an córas Dlí agus Cirt, a bheith i dteagmháil le daoine óga a bhfuil an baol ann go mbeidh siad páirteach i gcoiriúlacht. Lorgaíodh tuairimí ón bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear daoine óga, mar chuid de phróiseas comhairliúcháin níos leithne chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Straitéise nua um Cheartas i leith an Aosa Óig a chlúdóidh an tréimhse suas go dtí 2026.

Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Homafóibe, na Trasfóibe agus na Défhóibe

Chuaigh an tAire Stáit le freagracht as Comhionannas, Inimirce agus Comhtháthú, Dáithí Standúin TD, i bpáirt leis an bpobal idirnáisiúnta chun an fhís ‘Briseadh an Tosta’ a roinnt ar an Lá Idirnáisiúnta i gcoinne Homafóibe, Trasfóibe agus Défhóibe ar an 17 Bealtaine. Ag nótáil le linn phaindéim COVID-19 go mbraitheann go leor daoine LADTI+ níos mó i mbaol mar gheall ar uaigneas, dúirt an tAire Standúin: “tagann muid le chéile ar fud an domhain chun a chinntiú go gcloisfidh daoine LADTI+ ar fud na cruinne, nach féidir leo labhairt amach, fuaim an dóchais agus na dlúthpháirtíochta”.

Leathnú Líonra Oifigigh Idirchaidrimh an Gharda Síochána thar Lear

D’fhógair an tAire Ó Flannagáin go leathnófaí Líonra Oifigigh Idirchaidrimh an Gharda Síochána. Ar iarratas ó Choimisinéir an Gharda Síochána, agus tar éis cead a fháil ón Rialtas, cruthófar poist nua do Ghardaí i Washington DC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i mBogotá, an Cholóim. Is príomhghné de chur chuige an Gharda Síochána é líonra na n-oifigeach idirchaidrimh thar lear chun dul i ngleic le heagraíochtaí idirnáisiúnta coiriúlachta agus sceimhlitheoireachta.

Comhairliúchán maidir le socrú an Ráta Lascaine i gCásanna Díobhála Pearsanta

Ar an 10 Meitheamh, bhí an modh inar ceart an ráta lascaine i leith díobhálacha pearsanta a shocrú ina ábhar do chomhairliúchán poiblí a sheol an tAire Ó Flannagáin. Bhí an comhairliúchán ar cheann de mholtaí an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais (GOCÁ), tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar shocrú an ráta lascaine.

Plean Gníomhaíochta i gcoinne an Chiníochais d’Éirinn le dréachtú

D'fhógair an tAire Ó Flannagáin agus an tAire Stáit Standúin in éineacht ballraíocht ar an gCoiste Frithchiníochais neamhspleách ar an 19 Meitheamh. Tá an Coiste chun Plean Gníomhaíochta nua in aghaidh an Chiníochais a dhréachtú d'Éirinn.

Rachaidh an Coiste i gcomhairle le réimse leathan daoine chun smaointe nua a fhorbairt chun ciníochas a throid in Éirinn. Molfaidh sé plean gníomhaíochta don Rialtas ag deireadh a chuid oibre, agus meastar go dtógfaidh sé tuairim is bliain. Cuimsíonn an Coiste daoine ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil taithí bheo acu ar chiníochas, agus thionóil an coiste a chéad chruinniú trí Zúm, ar an Déardaoin 18 Meitheamh, 2020.

Córas Athnuachana Clárúcháin nua ar líne do mhic léinn atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, ach nach ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad

Seoladh Córas Athnuachana Clárúcháin nua ar líne ar an 22 Meitheamh do mhic léinn atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, ach nach ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad. Déanfaidh mic léinn ar mian leo a gcead a athnuachan an fhoirm iarratais a chomhlánú ar líne anois, cóipeanna de dhoiciméid tacaíochta a uaslódáil ar líne, an táille chuí a íoc agus ansin a bpas agus a gcárta Ceada Cónaithe in Éirinn (CCÉ) reatha a chur isteach tríd an bpost cláraithe. Déanfar doiciméid a sheiceáil agus, má fhorhmeastar é, déanfar an pas a stampáil agus a sheoladh ar ais tríd an bpost cláraithe agus eiseofar cárta CCÉ tríd an mearphost.

Oscailt oifigiúil Ghairdín Cuimhneacháin Fhoireann Phríosún Phort Laoise

Aithníonn an Gairdín Cuimhneacháin an tseirbhís agus an rannchuidiú a thug foireann Phríosún Phort Laoise, agus go háirithe an ról a bhí acu chun cabhrú le slándáil an náisiúin a chaomhnú le linn na dTrioblóidí. Agus an gairdín á oscailt go hoifigiúil aige ar an 23 Meitheamh, thapaigh an tAire Ó Flannagáin an deis freisin chun buíochas a ghabháil le foireann uile Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus le príosúnaigh as a gcuid oibre eiseamláirí chun stop a chur le scaipeadh COVID-19.



Ceiliúradh neamhghnách ar Sheachtain an Bhróid



Ar an 26 Meitheamh, ghuigh an tAire agus an tAire Stáit gach rath ar gach duine a bhí ag glacadh páirt in imeachtaí Sheachtain an Bhróid agus go leor imeachtaí ag bogadh ar líne.

Nótáil na hAiri freisin go raibh sé oiriúnach go raibh céadchruinniú Choiste Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+

2019-2021 tar éis bheith ar siúl ar na mallaibh. Sheol an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Straitéis um Chuimsiú i mí na Samhna, 2019, chun cuimsiú a chur chun cinn, cearta a chosaint agus caighdeán saoil agus folláine daoine LADTI+ a fheabhsú.

Aire nua agus Aire Stáit nua ceaptha

D'fháiltigh an Roinn roimh Aire nua Dlí agus Cirt, Eiléana Nic an tSaoi, TD. Toghadh chuig Dáil Éireann í den chéad uair i bhfothoghchán i mí an Mhárta, 2013, agus atoghadh í in olltoghchán i mí Feabhra, 2016. Ceapadh an Teachta Nic an tSaoi, a bhí tar éis fónamh mar Aire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta sa Roinn Sláinte i mí na Bealtaine, 2016, sa phost mar Aire Stáit le freagracht as Gnóthaí AE i mí an Mheithimh, 2017.



Ar an 1 Iúil, ceapadh Cathal Mac Conall Óg, T.D., sa phost mar Aire Stáit le freagracht as Athchóiriú an Dlí.

4.3 Iúil-Meán Fómhair

Comhairliúchán poiblí ar Straitéis a Fhorbairt don Chóras Ceartais Choiriúil

Sheol an Roinn comhairliúchán poiblí ag tabhairt cuireadh do phobail agus do dhaoine den phobal cur le forbairt Straitéise don Chóras Ceartais Choiriúil. Is é cuspóir na straitéise fíis chomhroinnte a leagan amach le haghaidh córas ceartais choiriúil comhcheangailte, obair chomhoibritheach a dhaingniú agus a chothú, nuálaíocht a stiúradh as a dtiocfaidh réitigh agus smachtbhannaí níos éifeachtaí, a mbeidh torthaí níos fearr ag an bpobal mar thoradh orthu.



Searmanas Fíorúil Saoránachta

D'óstáil an tAire ceann de na chéad searmanais fhíorúla saoránachta ar domhan ar an 10 Iúil, 2020. D'fhreastail 21 iarratasóir ar an ócáid phíolótach sin. Iarratasóirí ba ea iad sin a roghnaigh gan freastal ar na searmanais a reáchtáladh i mí an Mhárta san INEC i gCill Airne, Co. Chiarraí, mar gheall ar imní a bhí orthu faoi COVID-19. Bhí an tOifigeach Ceannais, an Breitheamh Ard-Chúirte ar scor, Brian Mac Mathúna, i láthair freisin agus labhair sé leis na hiarrthóirí, sular chuir sé faoi Mhionn Dílseachta don Náisiún iad.



Gairm ar Mhaoiniú do Sheirbhísí Pobail LADTI+

D'fhógair an tAire agus an tAire Leanaí, Míchumais, Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Óige go raibh €700,000 á chur ar fáil do ghrúpaí iarrthacha, atá ag feidhmiú ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chun tacú le seirbhísí pobail agus chun infheictheacht agus cuimsiú lucht LADTI+ a chur chun cinn.

Is gné thábhachtach í Gairm ar Mhaoiniú 2020 do Sheirbhísí Pobail LADTI+ i dtacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+, a foilsíodh ar an 28 Samhain, 2019.

Comóradh ar an Lá Domhanda in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, 30 Iúil

Rinne an tAire Nic an tSaoi comóradh ar an lá agus í ag rá “Is meabhrúchán tábhachtach é an Lá Domhanda in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine i dtaca leis an réaltacht uafásach go bhfuil an iomarca daoine ar fud an domhain fós ag fulaingt i lámha gáinneálaithe. Ach is glao chun gnímh é seo freisin dúinn ar fad, chun an t-am a thógáil chun na comharthaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a fhoghlaim.”

Níos déanaí sa bhliain, ar an 12 Deireadh Fómhair, i gcomhar le hEagraíocht Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Imirce (EII), sheol an tAire an feachtas *#Anyone*; tionscnamh feasachta poiblí ar Gháinneáil ar Dhaoine. Áiríodh sa tionscnamh sin bearta chun feasacht a mhúscailt ar na meáin shóisialta agus i bpríomh-mhoil iompair, chun na teachtaireachtaí gur coir atá sa gháinneáil ar dhaoine a chur in iúl agus gur féidir dúshaothrú a dhéanamh ar dhuine ar bith. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas cumhacht a thabhairt don phobal na comharthaí maidir le gáinneáil ar dhaoine a aithint.

Foilsiú Athbhreithniú Uí Mháille ar Chosaintí d'Fhinnéithe Leochaileacha in Imscrúdú agus in Ionchúiseamh Cionta Gnéasacha

Spreag an imní fhorleathan faoi eispéiris fhinnéithe leochaileacha in imeachtaí coiriúla Athbhreithniú Uí Mháille agus chuimsigh an Grúpa Athbhreithnithe ionadaithe ó na príomhghníomhaireachtaí a mbíonn baint acu le cionta gnéasacha a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thriail. Tá breis agus 50 moladh sa Tuarascáil a foilsíodh ar an 6 Lúnasa, le ceithre mholadh uileghabhálacha: feasacht níos fearr ar reachtaíocht chearta na n-íospartach; oideachas faoi bhrí agus faoi thábhacht an toilithe; comhoibriú idir-

ghníomhaireachta agus malartú eolais a fheabhsú, go háirithe maidir le seirbhísí d'íospartaigh, agus comhsheasmhacht i soláthar seirbhísí a chinntiú.

Seoladh an Chiste Náisiúnta Lánpháirtíochta, 2020

Ar an 11 Lúnasa, d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt, Eiléana Nic an tSaoi TD, go gcuirfí €749,600 in aghaidh na bliana ar fáil don Chiste Náisiúnta Lánpháirtíochta thar uas-tréimhse trí bliana do thionscadail a chuidíonn le himircigh lánpháirtiú i sochaí na hÉireann. Tá an Ciste Náisiúnta Lánpháirtíochta, 2020, ina phríomhghné den Straitéis do Lánpháirtiú Imirceach, 2017-2020.

Forbraíodh an Straitéis chun cur ar chumas imirceach, nó daoine de bhunadh imirceach, páirt a ghlacadh ar an mbonn céanna leo siúd arbh as Éirinn iad ó dhúchas.

Aire Stáit nua ceaptha

Ceapadh Séamus de Brúin TD ina Aire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le freagracht as Athchóiriú an Dlí, ar an 2 Meán Fómhair, 2020, in ionad an Aire Mac Conall Óg, a fuair ardú céime go hAire Talmhaíochta.



Ceiliúradh ar Lá Náisiúnta na Seirbhísí

Mhol an tAire Nic an tSaoi tiomantas agus gairmiúlacht na seirbhísí líne tosaigh ar Lá Náisiúnta na Seirbhísí, ar an 5 Meán Fómhair. Sna blianta roimhe seo, reáchtáladh mórpharáid trí chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith le cineálacha eile rannpháirtíochta poiblí chun an ócáid a chomóradh. In 2020, i bhfianaise phaindéim COVID-19, ní raibh aon pharáid ann.

Agus í ag comóradh an lae, dúirt an tAire Nic an tSaoi, “Is mór an phribhléid dom a bheith ag obair go dlúth le roinnt dár seirbhísí éigeandála líne tosaigh. Tá a ngairmiúlacht agus a dtiomantas iontach, i gcúinsí a d'fhéadfadh a bheith an-dúshlánach, feicthe agam féin. Tá lúcháir orm an deis a bheith agam buíochas a ghabháil go poiblí leo agus lenár seirbhísí éigeandála ar fad as gaisce ciúin na gairme atá roghnaithe acu.”

Ard-Rúnaí nua ceaptha

D'fhógair an tAire Eiléana Nic an tSaoi TD ar an 8 Meán Fómhair go raibh Oonagh McPhillips ceaptha ina hArd-Rúnaí ag an Rialtas, i ndiaidh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comórtas a réachtáil thar ceann an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil.

Críoch curtha le rolladh amach Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne an Gharda Síochána

Ar an 29 Meán Fómhair, chuir an tAire Dlí agus Cirt, Eiléana Nic an tSaoi TD, fáilte roimh chur i gcrích rolladh amach Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne an Gharda Síochána ar fud na tíre i ndiaidh sheoladh aonad na Mí/na hIarmhí. Tacóidh na hAonaid le cur chuige comhsheasmhach gairmiúil a sholáthar maidir le himscrúdú ar choireanna gnéasacha agus baile.

4.4 Deireadh Fómhair-Nollaig

Seolann an tAire próiseas comhairliúcháin phoiblí ar an mbeartas ciontuithe spíonta

Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Eiléana Nic an tSaoi TD, comhairliúchán poiblí ar an mbeartas ciontuithe spíonta ar an 6 Deireadh Fómhair. Lorgaíodh tuairimí ó lucht spéise ginearálta agus speisialaithe araon, agus d'fhan an comhairliúchán ar oscailt ar feadh míosa.

Is gné amháin é an comhairliúchán i sraith níos leithne beart ar fud roinnt réimsí den Rialtas, atá leagtha amach chun athshlánú a chur chun cinn agus an seans go bhfillfidh daoine ar choiriúlacht a laghdú.

An buiséad is airde riamh de €3 billiún fógartha don Earnáil Dlí agus Cirt

D'fháiltigh an tAire agus an tAire Stáit roimh an leithdháileadh buiséid is airde riamh don Earnáil Dlí agus Cirt ar an 13 Deireadh Fómhair. Rachaidh an leithdháileadh is airde riamh de €3 bhilliún do 2021 i dtreo maoiniú a chur ar fáil d'earcú Gardaí breise agus baill foirne breise don Gharda Síochána, athchóiriú agus uasghrádú an infreastruchtúir dhigitigh ar fud na hEarnála Ceartais, clár nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna, chomh maith le hathruithe níos leithne ar fud na hearnála.



Iarratasóirí ar Shaoránacht chun Dearbhú Dílseachta a shíniú

D'fhógair an tAire, ar an 22 Deireadh Fómhair, go gcuirfí ceanglas ar iarratasóirí ar shaoránacht dearbhú reachtúil a shíniú ag dearbhú dílseachta don Stát, ar bhonn sealadach, le linn COVID-19, in ionad na searmanas saoránachta.

D'fhógair an tAire Nic an tSaoi, freisin, go dtabharfaí isteach ríomh-imréiteach Cánach agus ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin d'iarratasóirí ar shaoránacht, ar aon dul leis an aistriú i dtreo próiseas iarratais ar líne ar shaoránacht. Cuirfidh ríomh-Ghrinnfhiosrúchán dlús leis an bpróiseas iarratais agus saorfaidh sé acmhainní luachmhara an Gharda Síochána a úsáidtear mar chuid de phróiseas grinnfhiosrúcháin de láimh.

Athrú ar Ainm na Roinne

Ar an 14 Deireadh Fómhair, cheadaigh an Rialtas aistriú feidhmeanna, le héifeacht ón dáta sin, a bhog an fhreagracht as cóiríocht cosanta idirnáisiúnta, lánpháirtiú agus comhionannas go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).

Chlúdaigh na réimsí a aistríodh chuig an RLCMLÓ raon leathan freagrachtaí beartais, reachtaíochta agus oibríochta. Bhain maoiniú stáitchiste thart ar €120m agus freagracht as níos mó ná 220 státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí leis an aistriú. Áiríodh leis an aistriú freagracht as an Údarás Náisiúnta Míchumais agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Athraíodh ainm na Roinne ar an 1 Samhain nuair a shínigh an tAire ionstraim reachtúil. Athraíodh ainm na Roinne le I.R. Uimh. 452/2020 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comh-ionannais go dtí an Roinn Dlí agus Cirt.

Oiliúnaithe agus Teagascóirí an Gharda Síochána ligthe amach chuig Póilíneacht Líne Tosaigh

Ar an 2 Samhain, ghabh an tAire Dlí agus Cirt buíochas leis an 260 oiliúnaí agus teagascóir de chuid an Gharda Síochána a bhí á n-implonú ó Choláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór mar chuid den phlean náisiúnta póilíneachta chun tacú leis na treoirlínte sláinte poiblí chun stop a chur le scaipeadh COVID-19.

Bhí sé sin anuas ar an 45 Garda a d'aistrigh go sealadach ó Choláiste an Gharda Síochána go dtí an líne thosaigh ag tús na paindéime, agus a bhí fós ar dualgas líne tosaigh.

Tionscadail Chomhpháirtíochta Áitiúla nua chun Sábháilteacht Pobail a Neartú

Ar an 13 Samhain, d'fhógair an Roinn na háiteanna ina mbunófaí trí (3) Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúla nua ar bhonn píolótach.

Beidh na Comhpháirtíochtaí píolótacha, a mhairfidh ar feadh dhá bhliain, lonnaithe i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, i gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus sa Longfort. Tabharfaidh na Comhpháirtíochtaí le chéile cónaitheoirí, ionadaithe pobail, leasanna gnó, comhairleoirí, údaráis áitiúla agus seirbhísí Stáit amhail an Garda Síochána, Tusla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun na Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. Sonrófar sna pleananna an bealach is fearr is mian leis an bpobal an choireacht a chosc agus léireofar tosaíochtaí pobail agus saincheisteanna sábháilteachta áitiúla. Is é an aidhm ná pobail a dhéanamh níos sábháilte do theaghlaigh, do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí.

Ceadaíonn Airí Rialtais Leasuithe ar an mBille um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara

Fuair an tAire Dlí agus Cirt, Eiléana Nic an tSaoi T.D., faomhadh ón Rialtas ar an 24 Samhain, chun leasuithe a thabhairt ar aghaidh ar an mBille um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara chun socrú a dhéanamh maidir le dhá chion nua chun déileáil le dáileadh neamh-chomhthola íomhánna fórphearsanta.

Baineann an chéad chion le glacadh, dáileadh, foilsiú nó bagairt íomhánna fíor-phearsanta a dháileadh gan toiliú, agus le rún díobháil a dhéanamh don íospartach. Baineann an dara cion le híomhánna fíorpearsanta a ghlacadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú, gan ceanglas go raibh rún ag an duine díobháil a dhéanamh don íospartach.

Shínigh an tUachtarán an Bille um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, ar a dtugtar 'Dlí Coco' freisin, ina dhlí ar an 28 Nollaig.

Cruinniú Fíorúil chun Comhoibriú Oibríochtúil Trasteorann a phlé

Bhuail an tAire agus Aire Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann, Naomi Long, CTR, le chéile ar an 2 Nollaig, 2020, in éineacht le Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, agus Príomh-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Simon Byrne. Ag an gcruinniú, a reáchtáladh go fíorúil, pléadh comhoibriú póilíneachta trasteorann atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Bhí an cruinniú ar siúl roimh an gComhdháil Trasteorann bhliantúil ar Choireacht Eagraithe a eagraíonn an dá Roinn Dlí agus Cirt i gcomhpháirt le chéile agus a mbíonn baint ag an dá Sheirbhís Póilíneachta, na Coimisinéirí Ioncaim, Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona, agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta léi, freisin.

Aitheantas tugtha do Thionscadal an Bhaile Ghlais ag Gradaim na hEorpa um Chosc na Coireachta

Reáchtáladh an Gradam Eorpach um Chosc na Coireachta (GECC) agus an Chomhdháil Dea-Chleachtais (CDC) ar an 3-4 Nollaig, 2020, agus bhí coireacht theaghlach-bhunaithe mar théama aici. Le linn an dá lá rinneadh roinnt cur i láthair mionsonraithe ar an gcaoi a bhfuil céimeanna glactha ag na Ballstáit chun dul i ngleic le coireacht theaghlach-bhunaithe.

Bronnadh an chéad áit ar Thionscadal an Bhaile Ghlais, a chuir Éire i láthair, togra taighde agus tionscnamh píolótach atá dírithe ar chur isteach ar bhuíonta coiriúla a bheidh ag earcú leanaí.

D'fhorbair foireann tionscadail FTCBC (Fianaise Taighde ar Chláir Bheartais agus ar Chleachtas) an tionscnamh seo, ar comhpháirtíocht straitéiseach é idir an Roinn Dlí agus Cirt agus Ollscoil Luimnigh ar dhearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht ar idirghabhálacha ceartais i leith an aosa óig.

Ceadú an Rialtais chun Coinbhinsiún Lanzarote a dhaingniú

D'fhógair an tAire ar an 16 Nollaig, 2020, gur cheadaigh an Rialtas daingniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chosaint Leanaí ar Dhúshaothrú Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach (Coinbhinsiún Lanzarote). Is uirlis shuntasach idirnáisiúnta dlí é an Coinbhinsiún chun leanaí a chosaint ar dhúshaothrú gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach.

Seoladh thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar an bhFuathchaint agus ar an bhFuathchoireacht

Ar an 17 Nollaig, sheol an tAire Nic an tSaoi torthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar Fhuathchaint agus ar Fhuathchoireacht. D'fhógair sí, freisin, go raibh sé ar intinn aici reachtaíocht nua a thabhairt chun cinn chun le dul i ngleic le gríosú fuatha agus le fuathchoireacht in Éirinn in 2021.

Rinneadh breithniú cuimsitheach ar os cionn 3,600 aighneacht (arbh aighneachtaí mionsonraithe i scríbhinn níos mó ná 175 díobh) chuig comhairliúchán poiblí, agus rinneadh comhairliúchán domhain le grúpaí éagsúla den tsochaí shibhialta agus den phobal, le lucht acadúil agus le saineolaithe. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin a chinntiú go bhféadfadh an Roinn a aithint cén chaoi a bhféadfaí dlí na hÉireann sa réimse seo a fheabhsú, bunaithe ar thuiscint shoiléir ar eispéiris na ndaoine a mbíonn tionchar ag fuathchaint agus fuathchoireacht orthu.



5. Beartas, Rialachas agus Soláthar Seirbhíse Inimirce

5.1 Léargas Ginearálta ar an mBeartas Ceartais Choiriúil

Gníomhaíocht maidir le Droichead Átha

Dé hAoine, 21 Lúnasa, 2020, cheap an tAire iar-Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, an tUasal Vivian Geiran, chun cleachtadh scóipe a dhéanamh chun an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht choiriúil i nDroichead Átha ar an bpobal a mheas, agus chun moltaí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochta amach anseo. Chuaigh an tUasal Geiran i dteagmháil le cónaitheoirí agus le soláthraithe seirbhíse lena n-áirítear an Garda Síochána, chomh maith le gnólachtaí agus daoine eile den phobal chun leas a bhaint as an eolas agus tuiscint áitiúil atá acu ar na fadhbanna, chun príomhdheiseanna ar ghníomhaíocht a aithint. [Foilsíodh an tuarascáil scóipe ar an 26 Márta, 2021].

Tionscnaimh Cheartais i leith an Aosa Óig

Cuireadh tús le feidhmiúcháin phíolótacha chlár an Bhaile Ghlais, a d'fhorbair an tionscadal Fianaise Taighde ar Chláir Bheartais agus ar Chleachtas in Ollscoil Luimnigh, in dhá shuíomh in 2020 agus beidh siad ar siúl ar feadh trí bliana. Déanfar an fhoghlaim ó na tionscadail píolótacha seo a chuimsiú i gcleachtas príomhshrutha an Gharda Síochána maidir le hAthstíúradh an Aosa Óig. Forbraíodh an clár idirghabhála seo, a dearadh go speisialta le sainchomhairle idirnáisiúnta, chun dul i ngleic le smacht comhéigineach leanaí ag grúpaí coiriúla a mheallann isteach iad i gcásanna ciontaithe. Tá maoiniú ar fáil do na cláir píolótacha thosaigh ó Chistí na gCuntas Díomhaoin, le leithdháileadh €4.2m san iomlán thar thrí bliana.

Ciontuithe Spíonta

I gcásanna áirithe d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar dhuine ciontuithe roimhe sin a nochtadh a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar ionchais fostaíochta agus ar ghnéithe eile den saol. D'fhéadfadh sin dochar a dhéanamh dá ndeis athshlánú a dhéanamh agus féadann sé cur leis an ionchas athchiontaithe.

Is éard is ciontú spíonta ann ná cion nach gá do dhuine aonair a nochtadh a thuilleadh, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na critéir iomchuí. I mí Dheireadh

Fómhair, 2020, sheol an tAire Nic an tSaoi comhairliúchán poiblí ar an mbeartas Cion-tuithe Spíonta. Lorgaíodh tuairimí ó lucht spéise ginearálta agus speisialaithe le linn thréimhse an chomhairliúcháin a mhair ar feadh míosa.

I mí Dheireadh Fómhair freisin d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt dhá pháipéar taighde i réimse na gciontuithe spíonta. Cuideoidh na tuarascálacha sin leis an mbeartas ciontuithe spíonta is cothroime a fhorbairt in Éirinn, ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Déantar achoimre sa chéad pháipéar ar bhealaí cuir chuige reachtacha agus beartais i roinnt dlínsí dlí choitinn agus dlí shibhialta, go sonrach an Nua-Shéalainn, an Astráil, Sasana agus an Bhreatain Bheag, an tSualainn agus an Ísiltír. Tá an dara páipéar bunaithe ar mhear-athbhreithniú ar fhianaise ar litríocht acadúil ar théama na gciontuithe spíonta.

Sábháilteacht Pobail

I mí na Samhna, 2020, d'fhógair an tAire trí shuíomh chun Comhpháirtíochtaí Áitiúla Sábháilteachta Pobail nua a bhunú ar bhonn píolótach mar chéim thosaigh chun póilíneacht phobail a neartú ar fud na tíre.

Beidh na Comhpháirtíochtaí píolótacha, a mhairfidh ar feadh dhá bhliain, lonnaithe i dToghcheantar Áitiúil Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, i gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus sa Longfort. Roghnaíodh láithreacha na gComhpháirtíochtaí píolótacha bunaithe ar thosca lena n-áirítear dlús daonra, rátaí coir-eachta agus díothacht. Tá cathaoirleach neamhspleách ag gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil agus forbróidh siad Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil. Déanfaidh na Comhpháirtíochtaí cónaitheoirí, ionadaithe pobail, leasanna gnó, comhairleoirí, údaráis áitiúla agus seirbhísí Stáit amhail an Garda Síochána, Tusla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a thabhairt le chéile chun na Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

Athbhreithniú an Hamaltúnaigh

Foilsíodh tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe an Hamaltúnaigh, an tAthbhreithniú ar Struchtúir agus Straitéisí chun Coiriúlacht agus Éilliú Eacnamaíoch a Chosc, a Im-scrúdú agus a Phionósú, i mí na Nollag, 2020. Tá roinnt moltaí inti a dhíríonn go príomha ar bhearta reachtacha, struchtúracha agus acmhainní chun cumas for-ghníomhú gníomhaireachta agus ilghníomhaireachta a fheabhsú agus chun éilliú agus cionta choireacht an bhóna bháin a chosc.

Feachtais feasachta ar chearta íospartach agus iompar sochaíoch

Is feidhm thábhachtach de chuid na Roinne Dlí agus Cirt é a chinntiú go gcuirtear íospartaigh ar an eolas faoina gcearta agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh. Foilsíodh Cairt Íospartach nua leathnaithe i mí Feabhra, 2020, agus tá sí ar fáil ar victimcharter.ie. Tá sé mar thosaíocht ag an Roinn Dlí agus Cirt cur le feasacht an phobail ar Chairt na nÍospartach agus ar chearta íospartach faoin Acht um Íospartaigh na Coireachta, 2017.

Tá a fhios ag an Roinn nach bhfuil rochtain ag gach duine ar áiseanna ar líne agus mar sin leanann an obair ar aghaidh ar shócmhainní eile a chruthú chun cabhrú le híospartaigh na coireachta na cearta atá acu a fháil amach agus an chaoi le rochtain a fháil ar thacaíochtaí iomchuí.

I mí Aibreáin sheol an Roinn an feachtas ‘Anseo Fós’, chun íospartaigh an fhoréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chur ar a suaimhneas maidir le cabhair a bheith ar fáil fós, beag beann ar shrianta a bheith i bhfeidhm maidir le COVID-19.

Mar chuid d’iarrachtaí leanúnacha feasacht a ardú, tá feachtas náisiúnta sé bliana chun dul i ngleic le foréigean baile agus gnéasach ar a dtugtar ‘Leithscéal ar Bith’ ar siúl i gcónaí. Tá an feachtas seo deartha chun cabhrú le daoine cásanna nó comharthaí d’fhoréigean baile agus gnéasach a aithint, agus feasacht a chruthú maidir leis an nglacadh atá le hiompraíochtaí agus dearcthaí do-ghlactha.

Foilsíú agus cur i bhfeidhm ‘Ag Tacú le Turas Íospartaigh’

Is treochlár mionsonraithe é ‘Ag Tacú le Turas Íospartaigh – Plean chun cuidiú le híospartaigh agus finnétithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh’ chun na moltaí atá in athbhreithniú Uí Mháille a thabhairt isteach.

Athbhreithniú domhain, faoi chathaoirleacht neamhspleách, a bhí in athbhreithniú Uí Mháille ar an gcaoi a gcaitheann an córas ceartais choiriúil le híospartaigh leochail-eacha. Rinneadh 52 moladh san athbhreithniú chun an córas d’íospartaigh a fheabhsú le linn cionta gnéasacha a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Foilsíodh an plan forfheidhmithe i mí Dheireadh Fómhair. Nuair a chuirfear i bhfeidhm é, cruthóidh an plan cur chuige dírithe ar an íospartach a chosnóidh agus a thacóidh le finnétithe leochaileacha le linn cionta gnéasacha a bheith á n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh.

Oiliúint Bhreithiúnach

Ar cheann de phríomh-mholtaí athbhreithniú Uí Mháille tá forbairt agus rolladh amach na hoiliúna don phearsanra ar fad a bhféadfadh íospartach dul i dteagmháil leo agus iad ag dul tríd an gcóras ceartais. Áirítear orthusan an Garda Síochána, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, gairm an dlí agus na breithiúna.

Sa seomra cúirte, moltar go mbeadh sainoiliúint curtha ar gach breitheamh a bheadh i gceannas ar thrialacha coiriúla maidir le cionta gnéasacha agus ar gach dlíodóir a bheadh i láthair i dtrialacha den sórt sin.

D'aontaigh an Chomhairle Bhreithiúnach gur tosaíocht í an oiliúint sin agus meastar go gcuirfear i gcrích í in 2021. Ina theannta sin, cuimsíonn clár reatha um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) Bharra na hÉireann oiliúint a chur ar abhcóidí a bhíonn ag déileáil le finnéithe leochaileacha.

5.2 Léargas Ginearálta ar Rialachas an Cheartais Choiriúil

Comhaontuithe Formhaoirseachta

I rith 2020, d'aontaigh agus rinne an Roinn Dlí agus Cirt comhaontuithe maoirseachta leis na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil faoina coimirce. Leagtar amach sna comhaontuithe sin an creat leathan rialachais agus cuntasachta a n-oibríonn an ghníomhaireacht iomchuí laistigh de agus sainítear iontu na príomhróil agus na príomhchúraimí atá mar bhonn faoin gcaidreamh idir an ghníomhaireacht agus an Roinn, an tAire agus an Rialtas.

- Síníodh comhaontú formhaoirseachta leis an nGarda Síochána do 2020 go 2022 ar an 14 Bealtaine, 2020
- Síníodh comhaontú formhaoirseachta leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla do 2020 go 2022 ar an 29 Eanáir, 2020
- Síníodh comhaontú formhaoirseachta le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann do 2020 go 2022 ar an 16 Meitheamh, 2020
- Síníodh comhaontú formhaoirseachta le Cigireacht an Gharda Síochána do 2020 go 2021 ar an 11 Márta, 2020
- Síníodh comhaontú formhaoirseachta leis an Údarás Póilíneachta do 2020 go 2021 ar an 31 Iúil, 2020.

Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta

Ina theannta sin, thug an Roinn Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta don bhliain 2020 i gcrích le Gníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil. Is é cuspóir na gComhaontuithe Soláthair Feidhmíochta ná an próiseas a chur ar bhonn foirmiúil trínar féidir na príomh-aschuir agus na príomhthorthaí atá ag teastáil ó ghníomhaireachtaí i 2020 a shainiú agus a thomhas.

- Síníodh comhaontú soláthair feidhmíochta don bhliain 2020 leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla ar an 29 Eanáir, 2020.
- Síníodh comhaontú soláthair feidhmíochta don bhliain 2020 le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar an 16 Meitheamh, 2020.
- Síníodh comhaontú soláthair feidhmíochta don bhliain 2020 le Cigireacht an Gharda Síochána ar an 11 Márta, 2020.
- Síníodh comhaontú soláthair feidhmíochta do 2020 leis an Údarás Póilíneachta ar an 31 Iúil, 2020.

Impleachtaí an Bhreathimeachta ar chomhoibriú póilíneachta in 2020

Ar neamhcheist le toradh polaitiúil an Bhreathimeachta in 2020, lean an sár-chomhoibriú leanúnach idir an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) le dul i ngleic leis an mbagairt a bhaineann le coirpigh agus iad ag iarraidh teacht i dtír ar na dúshláin póilíneachta a bhaineann leis an teorainn.

Tá Comhstraitéis Póilíneachta Trasteorann i bhfeidhm idir an dá sheirbhís. Clúdaíonn an Straitéis an réimse de ghníomhaíochtaí póilíneachta agus tá sraith tionscnamh inti ina bhfuil an dá sheirbhís póilíneachta rannpháirteach go gníomhach.

Tá an Garda Síochána agus SPTÉ araon páirteach sa Tascfhórsa Comhghníomhaireachta, a bunaíodh faoin gComhaontú um Thús Nua, atá comhdhéanta den dá sheirbhís póilíneachta agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile ón dá thaobh den teorainn. Tá dul chun cinn láidir déanta ag an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta maidir le dul i ngleic le gníomhaíocht choiriúil trasteorann ar fud raon réimsí coireachta, ní hamháin na gníomhaíochtaí traidisiúnta smuigleála, ach coireanna tuaithe agus feirme, buirgléireacht eagraithe agus coireacht drugaí chomh maith.

Ina theannta sin, cuireadh bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh córas inmharthana eiseachadta ann leis an Ríocht Aontaithe agus go gcoinneofaí malartú leanúnach sonraí forfheidhmithe dlí ar bhealach a bheadh comhoiriúnach le hionstraimí an AE maidir le cosaint sonraí.

I mí na Nollag, 2020, thug an tAire aitheasc don 18ú Comhdháil Bhliantúil ar Choireacht Eagraithe Trasteorann. Dhírigh an t-imeacht ar rioscaí agus ar bhagairtí trasteorann maidir le coireacht eagraithe tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE a thuiscint agus ullmhú lena n-aghaidh. Reáchtáladh an t-imeacht mar sheimineár gréasáin mar gheall ar na srianta ar fhreastal pearsanta le linn phaindéim COVID-19. Bhí Aire Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann, Naomi Long, Príomh-Chonstábla SPTÉ, Simon Byrne, agus Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, in éineacht leis an Aire Nic an tSaoi chun labhairt le hionadaithe ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar an dá thaobh den teorainn. Cuireann an chomhdháil bhliantúil ar Choireacht Eagraithe Trasteorann le comhoibriú idir na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, go háirithe maidir le coiriúlacht trasteorann agus saincheistanna gaolmhara. Soláthraíonn sí deis freisin chun treochothaí athraitheacha sa choireacht a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu agus tógáil ar na gníomhaíochtaí oibríochtúla atá déanta cheana féin sa réimse seo agus iad a fheabhsú. Socraíodh comhdháil 2020 ar líne chun tacú le freagairt chomhoibrítheach gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus deireadh ag teacht leis an idirthréimhse Imeachta as an AE.

Comhroinnt Sonraí ar Fhorfheidhmiú an Dlí

Ag deireadh 2020, cheadaigh Comhairle an AE nasc na hÉireann le Córas Faisnéise Schengen (CFS II). Is é an CFS II an córas Teicneolaíochta Faisnéise is mó agus is forleithne a úsáidtear don tslándáil phoiblí san Eoraip. Cuireann an córas ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sonraí a roinnt agus a sheiceáil maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu, daoine atá ar iarraidh, daoine a bhféadfaidh sé nach bhfuil ceart acu chun dul isteach san AE nó fanacht ann, agus nithe/feithicil a d'fhéadfadh a bheith goidte, míleithreasaithe nó cailte.

Ceadaíonn an CFS II faisnéis a mhalartú go huathoibríoch, comhuaineach agus láithreach ar fud na dtíortha rannpháirteacha eile ar fad. Cuireann comhaltaí an Gharda Síochána sonraí leis an CFS II i bhfoirm foláirimh. Tá trí ghné san fholáireamh mar seo a leanas:

- Faisnéis aitheantais ar an duine nó an ní/an fheithicil atá á lorg

- Ráiteas faoin údar a bhfuil an duine nó an ní á lorg
- An beart atá le déanamh nuair a aimsítear an duine nó an ní.

Má aimsítear an duine nó an ní i dtír eile ag baint úsáid as an CFS II (mar shampla ag seiceáil teorann), déanfar amas a thaifeadadh ar an SIS II agus déanfaidh an tseirbhís forfheidhmithe dlí sa tír sin teagmháil leis an nGarda Síochána chun na chéad chéim-eanna eile a phlé. Ar an mbealach sin, beidh gach taifead maidir le duine atá ar iarraidh agus taifid ar ní agus ar fheithicil atá cailte nó goidte atá cruthaithe ag an nGarda Síochána ar fáil láithreach do na tíortha eile sin a úsáideann an SIS II. I rith 2019 amháin, roinneadh 120,000 taifead maidir le daoine a bhí ar iarraidh ar an CFS II.

Lá Náisiúnta na nDaoine ar Iarraidh, 2020

I mí na Nollag, 2020, d'óstáil an tAire Nic an tSaoi searmanas cuimhneacháin ar líne chun an t-ochtú Lá Náisiúnta bliantúil do Dhaoine ar Iarraidh a chomóradh. Is imeacht uile-Éireann é Lá Náisiúnta na nDaoine ar Iarraidh a thugann deis do bhaill teaghlaigh agus dá gcairde labhairt faoina muintir atá ar iarraidh, agus achainí a dhéanamh ar an bpobal le haghaidh aon eolas a d'fhéadfadh cabhrú lena gcásanna a réiteach. Chun an ócáid a chomóradh, réachtáiltear searmanas pearsanta de ghnáth, ina mbíonn teistiméireachtaí teaghlaigh, óráidí ón Aire agus ó Choimisinéir an Gharda Síochána, ceol beo, taispeántas sleamhnán pictiúr de na daoine atá ar iarraidh in Éirinn agus searmanas leagtha rósanna nó scaoiltear colúir fhrithinge. Mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19, rinneadh Lá na nDaoine ar Iarraidh, 2020, a chomóradh le searmanas comórtha ar líne seachas an ghnáthócáid ina mbíonn daoine i láthair go pearsanta.

Labhair an tAire Nic an tSaoi, Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, Ard-Stiúrthóir Eolaíocht Fhóirínseach Éireann, Chris Enright, agus an tAntraipeolaí Fóirínseach, an Dr René Gapert, ag searmanas 2020. Thaifead daoine muinteartha na ndaoine ar iarraidh agallaimh don ócáid agus casadh ceol ag Farmleigh.

5.3 Léargas Ginearálta ar an mBeartas Ceartais Shibhialta

An Grúpa Formhaoirseachta Ceartais Teaghlaigh

Bunaíodh an Grúpa Formhaoirseachta Ceartais Teaghlaigh i mí Mheán Fómhair, 2020, agus áirítear sna téarmaí tagartha fíis ardleibhéil, agus príomhchuspóirí meán-téarmacha agus fadtéarmacha, a aontú chun córas náisiúnta ceartais teaghlaigh a fhorbairt ag féachaint do dhea-chleachtas idirnáisiúnta, comhthreomhar le bunú struchtúr tiomnaithe cúirte teaghlaigh. Tá an Grúpa faoi chathaoirleacht an Leas-Ard-Rúnaí Oonagh Buckley agus cuimsíonn sé comhaltaí ó réimsí éagsúla thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, na Seirbhíse Cúirteanna, an Bhoird um Chúnaimh Dlíthiúil, chomh maith le comhaltaí de na Breithiúna ón gCúirt Dúiche, ón gCúirt Chuarda agus ón Ard-Chúirt.

Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh an Grúpa faoi phróiseas comhairliúcháin a mbeidh trí chéim ann agus ina rachfar i dteagmháil le páirtithe leasmhara amhail grúpaí abhcóideachta/eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil/taighdeoirí agus cleachtóirí. Tá an dara céim den chomhairliúchán dírithe ar thuairimí an phobail i gcoitinne a bhailiú. Baineann céim a trí go sonrach le leanaí agus daoine óga, agus tá sí á dearadh i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Meastar go gcuirfeadh léargas a gheofar ón bpróiseas comhairliúcháin le hobair an Ghrúpa i ndeireadh 2021 agus in 2022 agus a fhís ardleibhéil á forbairt aige.

Costas Árachais

Déantar socrú leis an Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, chun roinnt coistí a chur ar bun chun déileáil le réimsí oibre ar leith. Tugadh sainordú do cheann acu sin, Coiste na dTreoirlínite maidir le Díobhálacha Pearsanta, treoirlínite a dhréachtú le haghaidh dámhachtainí i gcásanna díobhálacha pearsanta. Faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Mary Irvine, bunaíodh an Coiste go foirmiúil ar an 28 Aibreán agus tionóladh an chéad chruinniú ar an 7 Bealtaine. Chuir sé a chéad dréacht de na treoirlínite faoi bhráid Chomhairle na mBreithiúna ar an 9 Nollaig.

Ar iarraidh ón Aire, scrúdaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an bhféadfaí reacht-áocht bhunreachtúil a bheadh slán a fhorbairt chun teorainn nó srian a chur le méideanna na ndamáistí a fhéadfaidh cúirt a dhámhachtain i leith roinnt catagóirí nó catagóirí uile díobhálacha pearsanta. Lorgaíodh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara

ar an ábhar. Foilsíodh an tuarascáil 'Uasteorainn a chur le Damáistí i gCaingne Díobhálacha Pearsanta' ar an 30 Meán Fómhair, 2020, agus moladh inti gur ceart am a thabhairt chun an tsamhail reachtach atá bunaithe ar an Acht um Chomhairle na mBreithiúna a chur i bhfeidhm. Moladh inti freisin go bhféadfaí múnla bunaithe ar reachtaíocht Astrálach agus Shasanach a cheadú ó thaobh an Bhunreachta de freisin.

Bhí an Roinn ina rannpháirtí gníomhach sa Ghrúpa Oibre maidir le Costas Árachais (GOCÁ). Is é cuspóir an GOCÁ tosca a mbíonn tionchar acu ar chostas an árachais a aithint agus a scrúdú, agus bearta gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fad-téarmacha a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar.

Tá dhá ghníomh eile atá molta ag an GOCÁ á gcur chun cinn ag an Roinn freisin.

3. Prótacail Réamhghníomhaíochta a thabhairt isteach i leith cásanna faillí cliniciúla

Déantar socrú leis an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, maidir leis an Aire do thabhairt isteach prótacal réamhghníomhaíochta i gcaingne faillí cliniciúla. Déanfar socrú leis na Rialacháin maidir le ceanglais nach mór do na páirtithe i gcaingne faillí cliniciúla a chomhlíonadh sula dtabharfar caingne den sórt sin.

4. Oifig an Bhreithneora Costas Dlíthiúil

Tá Oifig an Bhreithneora Costas Dlíthiúil (OBCD) tar éis teacht in áit iar-Oifig an Mháistir Fómhais mar a fhoráiltear i gCuid 10 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus tar éis feidhmeanna na hOifige sin a thógáil ar láimh. Tháinig an OBCD i bhfeidhm le héifeacht ón 7 Deireadh Fómhair, 2019. Ceapadh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlíthiúil nua agus Breithneoir Costas Dlíthiúil le héifeacht ón dáta sin. Ghlac an Oifig freisin leis an líon cásanna a bhí fágtha i sean-Oifig an Mháistir Fómhais, an oifig ar cuireadh ina hionad í agus a nua-chóirigh sí de réir reachta.

Freagairt ar an Athbhreithniú ar Riar an Cheartais Shibhialta

I mí an Mhárta, 2017, fógraíodh go mbunófaí Grúpa faoi chathaoirleacht Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Peter Kelly Uasal, chun riarachán an cheartais shibhialta sa Stát a athbhreithniú agus a athchóiriú.

Iarradh ar an nGrúpa tuairisc a thabhairt don Aire agus moltaí a dhéanamh maidir le hathruithe ar mhaithe le rochtain ar cheartas sibhialta sa Stát a fheabhsú, réiteach luath ar dhíospóidí a chur chun cinn, costas na dlíthíochta a laghdú, córas níos freagraí agus níos comhréirí a chruthú agus torthaí níos fearr a chinntiú d'úsáideoirí na cúirte.

Foilsíodh an t-athbhreithniú ar an 7 Nollaig, 2020, agus tá anailís á déanamh air ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar bhearta tosaíochta a mbeidh gá le freagra beartais ina leith.

Comhlánófar an t-athbhreithniú sin le sraith beart beartais eile, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chúirteanna dlínse teoranta agus áitiúla chun a fháil amach cén chaoi ar féidir leo feidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Tuarascáil Catherine Day foilsithe

In 2019, iarradh ar an Dr Catherine Day sainghrúpa a thabhairt le chéile le hionadaíocht ó iarrthóirí tearmainn agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha chun scrúdú a dhéanamh ar dhea-chleachtas i Stáit Eorpacha eile maidir le soláthar seirbhísí d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Bhí an tuarascáil le scrúdú a dhéanamh freisin ar threochtaí dóchúla fadtéarmacha agus moltaí agus réitigh a leagan amach.

Foilsíodh Tuarascáil ón nGrúpa Comhairleach maidir le Soláthar Tacaíochta lena n-áirítear Cóiríocht do Dhaoine sa Phróiseas Cosanta Idirnáisiúnta i mí Dheireadh Fómhair, 2020. Beidh an tuarascáil mar bhonn d'aon chóras nua chun cóiríocht agus tacaíochtaí breise a sholáthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Athbhreithniú ar Rochtain ar an Margadh Saothair do Dhaoine a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á lorg acu

Ag deireadh na bliana 2019 chuir an Roinn tús le hobair ar athbhreithniú ar an rochtain atá ag iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar an margadh saothair le súil moltaí feasacha a chur faoi bhráid an Aire.

Chuimsigh an t-athbhreithniú comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara seacht-racha ar nós Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, chomh maith le hathbhreithniú ar aighneachtaí a rinneadh chuig Comhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas i ndáil lena thuarascáil ar Sholáthar Díreach agus an Próiseas Cosanta Idirnáisiúnta a foilsíodh i mí na Nollag, 2019. Tá ábhar san áireamh

freisin ar an seasamh comparáideach maidir le rochtain ar obair ag iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstáit eile an AE agus sa Ríocht Aontaithe.

Tar éis an athbhreithnithe d'fhógair an tAire bearta nua le cur ar chumas iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta obair a lorg sé mhí tar éis dóibh a n-iarratas a dhéanamh. Mhéadaigh fad thréimhse 'cead rochtana ar an margadh saothair' ó 6 mhí go 12 mhí, freisin.

An Beartas Frithchiníochais – Bunú an Choiste Frithchiníochais

Ceapadh an tOllamh Caroline Fennell, Ollamh le Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Coimisinéir le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ina Cathaoirleach ar an gCoiste Frithchiníochais i mí na Nollag, 2019. I mí an Mheithimh, 2020, cheap an tAire gnáthchomhaltaí an Choiste, a thionóil a chéad chruinniú ar an Déardaoin 18 Meitheamh.

Tugadh sainordú don Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise agus ar chleachtas reatha agus moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir leis an mbealach is fearr lena chur chuige chun dul i ngleic le ciníochas a neartú. Is é cuspóir an Choiste tuiscint a fhorbairt ar chineál agus ar leitheadúlacht an chiníochais in Éirinn agus oibriú i dtreo comhaontú sóisialta a bhaint amach ar ghníomhartha a theastaíonn ó ghníomhaithe Stáit agus neamh-Stáit.

Déanfaidh an Coiste seo plé le páirtithe leasmhara ó réimse earnálacha, lena n-áirítear an earnáil phoiblí; baill den Oireachtas; fostaíocht agus an t-ionad oibre; an tsochaí shibhialta (lena n-áirítear pobail áitiúla; an earnáil dheonach agus eagraíochtaí spóirt); na meáin (lena n-áirítear ar líne); an earnáil oideachais; agus reiligiún eagraithe.

Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, 2017-2020

Soláthraíonn Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, 2017-2020, creat uile-Rialtais trína leantar de chumhachtú na mban a chur chun cinn.

Ba é sprioc fhoriomlán na Straitéise in 2020 “athrú a dhéanamh ar dhearcadh agus ar chleachtais a choisceann ar mhná agus ar chailíní páirt iomlán a ghlacadh san oid-eachas, san fhostaíocht agus sa saol poiblí ar gach leibhéal agus feabhas a chur ar sheirbhísí do mhná agus do chailíní, agus tús áite á thabhairt do riachtanais na ndaoine sin a fhaigheann na torthaí is laige nó ar baol dóibh na torthaí is laige a fháil”.

I measc na bpríomhnithe a baineadh amach go dtí seo faoin Straitéis tá daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl ar fhoréigean baile, aisghairm an Ochtú Leasú, tabhairt isteach dhá sheachtain de shaoire íoctha atharthachta d'aithreacha agus seoladh an Bheartais do Mhná sa Spórt. Ó mhí na Bealtaine, 2020, tá tús curtha le hobair ar 133 de na 139 gníomh tosaigh, a bhfuil 37 díobh curtha i gcrích. Déanfar meastóireacht neamhspleách ar an Straitéis in 2021.

Aistríodh freagracht as an straitéis chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Mí-chumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí Dheireadh Fómhair, 2020.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+, 2019-2021

Foilsíodh an chéad Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+, 2019-2021, in Éirinn ar an 28 Samhain, 2019, agus comhlánaíonn sí an Straitéis Óige Náisiúnta LADTI a foilsíodh i mí an Mheithimh, 2018. Sa Straitéis tugtar faoi chuspóirí faoi cheithre cholún théamacha lena soláthraítear fíis d'Éirinn ina bhfuil daoine LADTI+ infheicthe agus cuimsithe, ina gcaitear go cothrom leo, ina bhfuil siad sláintiúil agus ina mothaíonn siad sábháilte agus ina dtacaítear leo. Chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na gculpóirí ardleibhéil sin, comhaontaíodh 108 gníomh.

As na 108 gníomh atá sa Straitéis, bhí 67 díobh idir lámha ag deireadh na bliana 2020. Cuireadh sé ghníomh breise i gcrích, lena n-áirítear maoiniú a sholáthar do 29 dtionscadal ar fud na tíre faoi Chiste Seirbhísí do Phobail LADTI+, 2020. Tá €700,000 san iomlán de mhaoiniú deontais curtha ar fáil faoin scéim, a thacóidh le seirbhísí pobail LADTI+ agus le hinfeictheacht agus cuimsiú LADTI+ a chur chun cinn.

Beidh cuid de na gníomhartha atá sa Straitéis ar siúl i rith a saolré, ar nós iad siúd faoi thoradh 26 a bhaineann leis na tacaíochtaí leanúnacha atá á gcur ar fáil chun a chinntiú gur féidir le daoine LADTI+ taisteal go sábháilte agus go muiníneach.

Aistríodh freagracht as an straitéis chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Mí-chumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí Dheireadh Fómhair, 2020.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (SNCLSR), 2017-2021

D'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, 2017-2021, i mí an Mheithimh, 2017.

Tugann an Straitéis Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais le chéile mar aon le hionadaithe ón Lucht Siúil agus ó phobail na Romach araon chun fócas a dhíriú ar na saincheisteanna is mó a mbíonn tionchar acu orthu ar bhealach struchtúrach.

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil chun tacú le raon gníomhaíochtaí atá nasctha leis na gníomhartha faoi SNCLSR lena n-áirítear bunmhaoiniú d'eagraíochtaí Lucht Siúil agus Romach agus maoiniú chun cultúr an Lucht Siúil a chur chun cinn don phobal i gcoitinne.

Is dúshlán ar leith é freastal scoile do roinnt ball den Lucht Siúil agus de phobal na Romach agus chuir an Roinn maoiniú ar fáil do chlár píolótach dhá bhliain chun díriú ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil/críochnú scoile. Cuireadh tús le cláir phiolótacha i nGaillimh, Loch Garman agus Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

Mar fhreagairt ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn i measc an Lucht Siúil agus na Romach, chuir an Roinn maoiniú breise agus tacaíochtaí eile ar fáil d'eagraíochtaí comhpháirtíochta den Lucht Siúil agus de na Romaigh go leanfaí ar aghaidh ag soláthar na seirbhísí riachtanacha le linn ghéarchéim COVID-19. Áiríodh air sin maoiniú gearrthéarmach a chur ar fáil le haghaidh riachtanas láithreach do na Romaigh nach raibh modhanna tacaíochta acu, maoiniú le haghaidh seirbhísí ateangaireachta do sholáthraithe cúraim sláinte na Romach ar bhonn leanúnach, agus maoiniú le haghaidh soláthar ábhar faisnéise sláinte poiblí i dteangacha cuí nó i bhformáid chuí don Lucht Siúil agus do phobail na Romach.

Leag paindéim COVID-19 béim ar chomh mór is atá riachtanais phobal na Romach in Éirinn agus ar na dúshláin uathúla a bhaineann le seirbhísí a sholáthar don phobal sin. Mar fhreagairt air sin, thionóil an Roinn foghrúpa na Romach den SNCLSR chun Ranna agus Gníomhaireachtaí iomchuí Rialtais, eagraíochtaí a oibríonn leis na Romaigh agus ionadaithe phobail na Romach a thabhairt le chéile faoi chreat reatha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, 2017-2021.

Aistríodh freagracht as an straitéis chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí Dheireadh Fómhair, 2020.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, 2017-2021 (SNCDM)

Tá an SNCDM dírithe ar na deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas chun a gcumas a bhaint amach, agus glacann an straitéis cur chuige Rialtais iomláin chun saol daoine faoi mhíchumas a fheabhsú.

Is ‘cáipéis bheo’ í an Straitéis, a bhfuil scóip inti do bhearta athbhreithnithe breise agus bearta níos uailmhianaí i bhfianaise dhaingniú an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CCDMNA).

Chuimsigh an t-athbhreithniú meántearma ar an Straitéis comhairliúchán le páirtithe leasmhara míchumais, ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí agus foilsíodh í i mí an Mhárta, 2020. Fuarthas amach san athbhreithniú gur theastaigh ó pháirtithe leasmhara go gcuirfí an bhéim ar chur i bhfeidhm na ngealltanais atá sa straitéis cheana féin agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as Éire do dhaingniú (in 2018) Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Mar fhreagairt, déanfar fócas 2021 a struchtúró thart ar na snáitheanna seo a leanas:

- Feasacht a ardú ar eispéireas saoil daoine faoi mhíchumas
- Cearta a neartú
- Leathnú isteach i réimsí nua
- An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm
- Seirbhísí a fheabhsú trí chur i bhfeidhm agus comhoibriú níos fearr

Aistríodh freagracht as an straitéis chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí Dheireadh Fómhair, 2020.

5.4 Léargas Ginearálta ar Rialachas an Cheartais Shibhialta

Comhaontuithe Formhaoirseachta

I rith 2020, d’aontaigh an Roinn Dlí agus Cirt comhaontuithe formhaoirseachta leis na gníomhaireachtaí ceartais shibhialta faoina coimirce agus thug siad chun críche iad. Leagtar amach sna comhaontuithe sin an creat leathan rialachais agus cuntasachta a n-oibríonn an ghníomhaireacht iomchuí laistigh de agus sainítear iontu na príomhróil agus na príomhchúraimí atá mar bhonn faoin gcaidreamh idir an ghníomhaireacht agus an Roinn, an tAire agus an Rialtas.

- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann – Comhaontú Formhaoirseachta 2019-2021 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta 2020
- Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann – Comhaontú Formhaoirseachta 2020-2022 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta 2020
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil – Comhaontú Formhaoirseachta 2020-2022 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta 2020

- An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine – Comhaontú Formhaoirseachta 2020-2022 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta 2020
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais – Comhaontú Formhaoirseachta 2020-2022 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta 2020

5.5 Léargas Ginearálta ar Sholáthar Seirbhíse Inimirce

Córais nua clárúcháin ar líne

Tháinig méadú mór ar éileamh ó dhaoine a bhí ag iarraidh a gclárúchán inimirce a athnuachan le linn na gceithre mhí a raibh an Oifig Chlárúcháin i mBaile Átha Cliath dúnta le linn na chéad tréimhse de phaindéim COVID-19.

Chun cabhrú le dul i ngleic leis an éileamh sin, fógraíodh córas nua athnuachana clárúcháin ar líne i mí an Mheithimh do mhic léinn a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath ach nár ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad, rud a chuir ar chumas iarratasóirí teagmháil shábháilte a dhéanamh leis an Oifig Clárúcháin gan gá dóibh freastal go pearsanta ar Ché an Bhúrcaigh. D'fhág an córas nua go bhféadfadh gach iarratasóir foirm a chomhlánú ar líne, doiciméid tacaíochta a uaslódáil agus an táille a íoc. Rinneadh doiciméid a sheiceáil ansin agus, má formheasadh iad, eisíodh an cárta Ceada Cónaithe Éireannaigh (CCÉ) tríd an luasphost.

Ar dtús ní raibh an Córas nua Athnuachana Clárúcháin ar Líne ar fáil ach do mhic léinn, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath ach nár ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad, ach leathnaíodh é níos déanaí chun náisiúnaigh uile, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath ach nár ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad, a chuimsiú.

Ó seoladh an córas nua athnuachana ar líne, fuair an Roinn breis agus 38,000 iarratas ó dhaoine a mbeadh orthu freastal go pearsanta ar an Oifig Clárúcháin murach é.

Tionscald Pas

Ón 2 Nollaig, 2020, ní gá do dhaoine a bhfuil athnuachan á déanamh acu ar chlárúchán a gcead inimirce a bpas a chur isteach a thuilleadh chun go gcuirfeadh a nOifig Clárúcháin stampa inimirce leis.

Táthar ag súil go gcuirfidh an fhorbairt seo feabhas suntasach ar an tréimhse ama a ghlacann sé ceadanna inimirce a athnuachan agus go ligfidh sé do dhaoine a bpas a úsáid chun críoch eile agus a n-iarratas á phróiseáil.

In 2020, d'eisigh Soláthar Seirbhísí Inimirce agus an Garda Síochána os cionn 157,000 clárúchán nua nó athnuaithe ar chead chun fanacht sa Stát, laghdú 7% ar na leibhéil roimh an bpaindéim.

Scéim Víosa Iar-Bhreatimeachta

Ar an 23 Nollaig, 2020, d'fhógair an tAire Scéim Víosa nua Iar-Bhreatimeachta do bhaill teaghlaigh Náisiúnach den Ríocht Aontaithe, nach ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad, a bheidh ag bogadh go hÉirinn tar éis an 31 Nollaig, 2020. Sula dtaistealaíonn siad go hÉirinn, is féidir le saoránaigh incháilithe, nach ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa iad, iarratas a dhéanamh ar chead chun cónaí sa Stát agus nuair a bheidh an cead sin faighte, beidh siad in ann taisteal agus cónaí in Éirinn lena mball teaghlaigh is náisiúnach den RA.

Scéim na nOibrithe Neamhthipiciúla

Soláthraíonn Scéim na nOibrithe Neamhthipiciúla (SON) meicníocht chuíchóirithe chun déileáil le cásanna fostaíochta gearrthéarmacha neamhghnácha, lena n-áirítear iad siúd inar aithníodh ganntanas scileanna nó ina bhfuil géarghá le hardscileanna speisialaithe a sholáthar do thionscal, gnó nó institiúid acadúil.

In Aibreán, 2020, mar chuid dá fhreagairt ar COVID-19, thug an Roinn isteach roinnt beart sealadach a chiallaigh:

- Gur tugadh tús áite d'iarratais ar phearsanra liachta líne tosaigh
- Go bhfuarthas réidh go sealadach leis na ceanglais maidir le cruthúnais ar stádas conartha do Dhochtúirí Ginearálta ionaid
- Gur gan dochar d'aon iarratas sa todhchaí ón duine aonair sin, nó thar ceann an duine aonair sin, a deonaíodh cead mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla sin.

Ar an 4 Meán Fómhair, 2020, seoladh próiseas iarratais SON ar líne d'oibrithe gearrthéarmacha a bhí ag lorg cead chun oibriú sa Stát. Thug an Roinn tús áite d'iarratais a phróiseáil don fhoireann leighis líne tosaigh. Fuarthas os cionn 2,000 iarratas leighis in 2020; bhain 1,800 díobh sin le haltraí agus ceadaíodh os cionn 95% díobh.

Saoránacht

Bhain dúshláin shuntasacha, faraor, le soláthar gnáthsheirbhísí mar thoradh ar COVID-19. Ceanglaíodh ar iarratasóirí a bhí 18 mbliana d'aois agus níos sine freastal ar shearmanas saoránachta chun dearbhú dílseachta a dhéanamh don Stát, arna riar ag Oifigeach Ceannais. Mar gheall ar shrianta COVID-19, cuireadh an searmanas a bhí sceidealaithe don 3 Iúil ar ceal agus níor reáchtáladh aon searmanais eile a mbeadh daoine i láthair acu i rith na bliana.

Tá tuilleadh eolais faoi Shaoránacht leagtha amach sa fhreagairt ar COVID-19 níos faide amach sa doiciméad seo.

Cosaint Idirnáisiúnta

Thit líon na ndaoine a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Mar sin féin, d'fhan an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta (OCI) ar oscailt, chun seirbhís a thairiscint d'iarratasóirí de réir ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta deis a thabhairt dóibh siúd ar mian leo cosaint idirnáisiúnta a éileamh é sin a dhéanamh. Meastar gur seirbhís riachtanach i gcónaí é soláthar na saoráide le ligean do dhaoine cosaint idirnáisiúnta a éileamh, lena n-áirítear le linn ghéarchéim COVID-19.

Rinneadh 1,566 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in 2020.

Cuireadh tús in 2020 le hathbhreithniú próisis ó cheann go ceann ar gach próiseas cosanta idirnáisiúnta. Tá an obair sin, a ndearna Bord Cláir ardleibhéil sa Roinn maoirsiú uirthi, curtha i gcrích anois. Moltar sa Pháipéar Bán go ndéanfaí an córas nua a chéimniú isteach agus a bheith i bhfeidhm faoi 2024 agus go dtabharfadh an tréimhse san idirlinn deis chun feabhsuithe a chur chun cinn maidir leis na tréimhsí ama próiseála foriomlána do chosaint idirnáisiúnta. Tá roinnt tionscnamh tugtha isteach cheana féin, lena n-áirítear infheistíocht bhreise i dTeicneolaíocht na Faisnéise; athlonnú an Aonaid Cinntí Airí chuig áitreabh na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta chun próisis oibre a fheabhsú; ainmniú an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta mar chomhlacht atá údaraithe chun cian-éisteachtaí a reáchtáil; agus agallaimh fhíorúla a reáchtáil le roinnt iarratasóirí atá ina gcónaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

6. Reachtaíocht

Billí Reachtaíochta Coiriúla a chaithe i 2020

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin) (COVID-19), 2020

Cuireann an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin) (COVID-19), 2020, forálacha isteach san Acht Sláinte, 1947, ag údarú don Aire Sláinte forálacha pionósacha áirithe de rialacháin a rinneadh faoin Acht Sláinte, 1947, a fhorordú mar “forálacha iomchuí” chun críocha an Achta um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin) (COVID-19), 2020. Faoin Acht, tugtar cumhachtaí forfheidhmiúcháin don Gharda Síochána maidir leis na rialacháin phionósacha COVID-19 a bhaineann le háitribh cheadúnaithe agus clubanna cláraithe. Shínigh an tUachtarán an tAcht ina dhlí ar an 11 Meán Fómhair, 2020. Foilsíodh ina Bhille é ar an 1 Meán Fómhair, 2020, agus rith dhá Theach an Oireachtais é gan leasú. Bhí an tAcht le dul in éag ar an 9 Samhain, 2020. Tionóladh tuilleadh díospóireachtaí san Oireachtas ar fhorálacha an Achta roimh an dáta éaga i mí na Samhna agus comhaontaíodh le rún na forálacha a shíneadh go 2021.

An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020

Déantar socrú leis an Acht seo maidir le sannadh agus ceapadh cróinéirí sealadacha i gcúinsí eisceachtúla áirithe agus chun na críocha sin agus críocha eile do leasú an Achta Cróinéirí, 1962. Déantar socrú leis an Acht, freisin, maidir le hinghlacthacht, i gcúinsí áirithe, taifead gnó in imeachtaí sibhialta agus déantar socrú leis maidir le cian-éisteachtaí agus le modhanna leictreonacha a úsáid in imeachtaí sibhialta. Ceadaítear leis, freisin, iarratais áirithe a dhéanamh in imeachtaí áirithe, ag baint úsáid as nasc físe beo agus cian-éisteacht imeachtaí áirithe sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach. Déantar socrú leis an Acht, freisin, maidir le cruinnithe de chomhlachtaí Stáit a thionól go cianda agus chun an tAcht Cúirt-eanna Breithiúnais, 1953, a leasú, agus maidir le nithe gaolmhara.

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Chinntí ar Bhearta Maoirseachta), 2020

Tugann an tAcht seo éifeacht do Chreat-Chinneadh 2009/829/CGB ón gComhairle ar an 23 Deireadh Fómhair, 2009, maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm idir Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i leith cinntí ar bhearta maoirseachta mar mhalairt ar choinneáil shealadach; agus chun socrú a dhéanamh maidir le nithe gaolmhara.

An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020

Tugadh an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020, ar a dtugtar Dlí Coco freisin, isteach de bhun moltaí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí chun an dlí coiriúil a nuachóiriú maidir le cumarsáid dhochrach, chun a chinntiú go bhfuil an dlí cothrom le dáta le hiompraíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá sé dírithe ar dhul i ngleic le cineálacha éagsúla díobhála agus mí-úsáide a d'fhéadfadh tarlú ar líne, chomh maith lena dtarlú as líne. Leasaigh an tAcht an dlí a bhaineann le ciapadh. Déantar socrú leis maidir le cionta a bhaineann le taifeadadh, dáileadh nó foilsiú íomhánna an-phearsanta agus déantar socrú leis maidir le hanaithnideacht íospartaigh na gcionta sin. Chruthaigh sé cion lena mbaineann cumarsáid bhagrach, nó thar a bheith maslach, a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh.

Reachtaíocht Choiriúil idir lámha i 2020

An Bille um Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara

Déantar socrú leis an mBille maidir le cion reachtúil mionnú éithigh agus déantar socrú leis maidir le cionta reachtúla a bhaineann le mionnú éithigh lena n-áirítear ráitis bhréagacha faoi mhionn, dearbhuithe reachtúla bréagacha, fianaise a chumadh agus mionnú éithigh a éilliú. Chomh maith leis sin, comhdhlúthaíonn an Bille reachtaíocht iomchuí eile i réimse seo an mhionnaithe éithigh agus ráitis bhréagacha a dhéanamh go feasach in imeachtaí foirm-iúla dlíthiúla.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Leasú)

Tá an Bille um Cheartas Coiriúil (Leasú), lena mbaintear forálacha maidir le pianbhreitheanna sainordaitheacha don dara pianbhreith nó do phianbhreitheanna ina dhiaidh sin, a nglactar leis iad a bheith míbhunreachtúil, ag fanacht leis an dara céim sa Dáil. Ní féidir leanúint le pianbhreith a ghearradh i gcásanna den chineál sin go dtí go mbeidh an reachtaíocht a chaithe.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú)

Déanfaidh an Bille seo trasú Threoir an AE maidir le Calaois i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (ar a dtugtar an treoir um an gComhad Faisnéise faoi Tháirge) a chur i gcrích. Foilsíodh an Bille ar an 1 Eanáir, 2020, agus rith Seanad Éireann é ar an 25 Samhain, 2020, agus ina dhiaidh sin aistríodh go Dáil Éireann é lena bhreithniú.

Bille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach)

Tá scéim ghinearálta Bille á hullmhú faoi láthair chun socrú a dhéanamh maidir le húsáid ceamaraí éide ag an nGarda Síochána, mar atá molta ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Déanfar socrú leis an mBille, freisin, maidir le húsáid leathnaithe theicneolaíocht Uathaitheanta Uimhirphlátaí (UU) agus Theilifís Ciorcaid Iata (TCI), chomh maith le rochtain ag an nGarda Síochána ar cheamaraí beo a bhíonn á n-oibriú ag eagraíochtaí eile a bhfuil gréasán mór ceamaraí TCI/UU acu in ionaid straitéiseacha don Gharda Síochána.

Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí)

Leanadh den obair in 2020 ar scéim ghinearálta Bille a ullmhú chun cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála na bpóilíní a chódú, chun cearta nós imeachta daoine a bhfuil amhras fúthu faoi réir na gcumhachtaí sin a chódú agus chun socrú a dhéanamh maidir le cóid chleachtais reachtúla. Moladh an reachtaíocht sin i dtuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn chun soiléireacht agus trédhearcacht a thabhairt chuig an gcóras casta cumhachtaí atá i bhfeidhm faoi láthair.

Reachtaíocht nua chun déileáil le fuathchoireacht agus gríosú fuatha

Foilsíodh an tuarascáil 'Reachtaíocht á Rith maidir le Fuathchaint agus Fuathchoireacht' i mí na Nollag, 2020. Áirítear inti toradh an chomhairliúcháin phoiblí ar athchóiriú an Achta um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989, an t-aon reachtaíocht atá ag Éirinn faoi láthair i réimse na fuathchainte nó na fuathchoireachta, agus leagtar béim inti ar phríomhchonclúidí a bheidh mar bhonn eolais don chur chuige reachtaíochta nua.

A luaithe a bheidh an Scéim Ghinearálta foilsithe, cuirfear faoi bhráid an Choiste Dlí agus Cirt í le haghaidh grinnscrúdú réamhrechtach.

An Bille um Nós Imeachta Coiriúil

Is Bille é seo chun socrú a dhéanamh maidir le héisteachtaí réamhthrialach, chun an dlí a leasú maidir le fianaise a ghlacadh trí ráiteas scríofa agus chun athruithe eile a dhéanamh ar an dlí maidir le nós imeachta coiriúil. Faomhadh Scéim Ghinearálta maidir le Bille níos leithne in 2015.

Bille an Gharda Síochána (Cúiteamh)

Foilsíodh scéim ghinearálta Bhille nua an Gharda Síochána (Cúiteamh) i mBealtaine, 2017. Faoin Scéim nua atá beartaithe, ní mór do Gharda a mhaíonn go ndearnadh díobháil dó nó di go mailíseach agus é nó í i mbun dualgais iarratas a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána laistigh de shé mhí. I gcás go bhfaightear an gortú a bheith ina ghortú mailíseach, beidh sé nó sí i dteideal cúitimh. Ansin seolfar iarratas a mbeidh nglactha leis chuig an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, a dhéanfaidh é a phróiseáil agus a dhéanfaidh measúnú ar chandam. Cuirfear an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar an eolas faoin measúnú agus beidh deis aici glacadh leis nó diúltú dó thar ceann an Choimisinéara. Tar éis don Rialtas í a fhaomhadh, cuireadh an Scéim Ghinearálta faoi bhráid Oifig an Ard-Aighne lena dréachtú. Chuaigh oifigigh ón Roinn i mbun tuilleadh plé le páirtithe leasmhara iomchuí agus cuireadh Bille Cúitimh an Gharda Síochána, 2021, faoi bhráid an tSeanaid i mí Aibreáin, 2021.

An Bille fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Moill in Imeachtaí Cúirte)

Soláthróidh an Bille seo leigheas i gcás ina sáraítear cearta Airteagal 6 agus Airteagal 13 an duine aonair den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Déantar socrú in Airteagal 6 maidir le ceart chun trialach córa laistigh de thréimhse réasúnach ama. Déantar socrú le hAirteagal 13 maidir le ceart chun leighis ag leibhéal náisiúnta i gcás inar sáraíodh cearta duine faoin gCoinbhinsiún Eorpach. Ceanglaítear ar an reachtaíocht leigheas a chur i bhfeidhm chun freagairt do bhreithiúnas McFarlane v. Éire ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ó 2010. Déanfar socrú leis an reachtaíocht maidir le ceart chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh i gcás ina ndearnadh cinneadh gur cuireadh moill mhíchuí ar imeachtaí dlí duine.

An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú)

Déantar athruithe leis an mBille seo ar na socruithe monatóireachta i leith ciontóirí gnéis arna gciontú. Laghdaítear leis an tréimhse nach mór dóibh fógra a thabhairt faoi athrú ar a seoladh; déantar socrú leis maidir le monatóireacht leictreonach agus maidir le grianghraif agus méarloirg a choinneáil, agus déantar socrú leis, freisin, maidir le heolas a bhaineann le ciontóir gnéis a nochtadh nuair is gá chun baol tromaí do shábháilteacht an phobail a sheachaint.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Teacht i dtír ar leanaí i gcionta a dhéanamh)

Is Bille nua é seo chun daoine fásta, a aslaíonn nó a ghrúmáilann leanaí chun coireanna a dhéanamh, a choiriúlú. Cé go bhfuil cion á dhéanamh cheana féin amhail is dá mbeadh an choir déanta acu féin ag daoine fásta a ghríosáíonn leanbh chun coir a dhéanamh, nó a úsáideann iad mar a ngníomhaire neamhchiontach, ní féidir iad a ionchúiseamh faoi láthair as an dochar a dhéantar don leanbh. Tugtar cionta nua isteach leis an mBille chun déileáil leis an dochar a dhéantar don leanbh as iad a thabhairt isteach sa chineál sin gníomhaíochta. Ceadaíodh an Scéim Ghinearálta lena foilsíú ag an Rialtas ar an 15 Nollaig, 2020.

Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta (PRCC)

Sa Chlár Rialtais reatha áirítear gealltanais PRCC a dhaingníú laistigh de 18 mí ó bhunú an Rialtais. Is Conradh idirnáisiúnta um chearta an duine é an PRCC a chuidíonn le Stáit céastóireacht agus cineálacha eile drochíde a chosc in áiteanna coinneála. Is é cuspóir an Phrótacail córas cuairteanna rialta arna ndéanamh ag comhlachtaí neamhspleách idirnáisiúnta agus náisiúnta ar áiteanna a bhfuil a sairse á mbaint astu a bhunú. Ós rud é go gcoinnítear formhór na ndaoine sin sa Stát laistigh de chóras na bPríosún, tá an Roinn seo ag ullmhú na reachtaíochta is gá – An Bille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála – chun daingníú an PRCC a chumasú a luaithe is féidir.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta) (Leasú).

Leis an mBille seo, déantar na gnéithe ceartais choiriúil agus roinnt gnéithe ceartais neamhchoiriúil den Chúigiú Treoir ón AE maidir le Sciúradh Airgid a thrasú. Cuireann an Treoir seo leis an gCeathrú Treoir um Fhrith-Sciúradh Airgid chun an tAontas a chumasú níos fearr chun an córas airgeadais a chosc ó bheith á úsáid le haghaidh sciúradh airgid agus chun sceimhlitheoirí a mhaoiniú. Cé go dtrasúíonn an tAcht go leor de ghnéithe an Chúigiú Treoir maidir le Sciúradh Airgid, tá an Roinn Airgeadais i mbun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha eile na Treorach trí reachtaíocht thánaisteach. Ba é an 10 Eanáir, 2020, an spriocdháta chun an Cúigiú Treoir maidir le Sciúradh Airgid a thrasú, agus eisíodh litir le fógra foirmiúil ar an 20 Bealtaine, 2020, agus eisíodh freagra i Meán Fómhair, 2020.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Góchumadh), 2020

Déanfaidh an Bille roinnt gnéithe atá fós gan réiteach den Treoir um Ghóchumadh 2014/62/AE a thrasúiomh, chomh maith le cinneadh an BCE maidir le nóta bainc euro BCE/

2010/14, an rialachán maidir le bonn an euro 1210/2010 agus an rialachán um ghó-chumadh an euro 1338/2001. Foilsíodh an Bille ar an 16 Nollaig, 2020. Fuarthas Tuairim Réasúnaithe ar an 3 Nollaig, 2020, agus meastar go n-eiseofar freagra i mí Feabhra, 2021.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta)

Trasuífidh an Bille seo Creatchinneadh 2008 ón gComhairle ar fheidhmiú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena ngearrtar pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse. Déanfar socrú leis maidir le daoine ar cuireadh pianbhreith orthu a aistriú idir Bhallstáit i gcás nach mbeidh toiliú tugtha ag an duine lena mbainfidh. Tá an Bille á dhréachtú faoi láthair ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus táthar ag súil go bhfoilseofar é i mí na Bealtaine agus tá sé nasctha le rochtain na hÉireann ar Chóras Faisnéise Schengen (CFS II). Tarchurtha chuig Cúirt Bhreithiúnais an AE ar an 3 Nollaig, 2020.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Daoine a Smuigleáil)

Déanfar socrú leis an mBille maidir le trí ionstraim idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Treoir 2002/90/CE ón gComhairle maidir le teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraite a éascú, Creat-Chinneadh 2002/946/CGB maidir leis an gcreat pionósach gaolmhar agus Prótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne imircigh a smuigleáil. Tá an Bille nasctha le rochtain na hÉireann ar Chóras Faisnéise Schengen (CFS II).

Bille na Leanaí (Leasú)

Le Bille na Leanaí (Leasú) ceadófar do leanaí éagtha ar íospartaigh na coireachta iad a ainmniú go poiblí. I mí na Nollag, 2020, bhí gach céim sa Seanad rite aige.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)

Tabharfaidh an Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) éifeacht do Threoir 2017/541 an AE maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Tá an Treoir dírithe ar fheiniméan an trodaí eachtraigh sceimhlitheoireachta agus cuimsíonn sí cionta maidir le taisteal chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, taisteal a éascú chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus oiliúint a fháil don sceimhlitheoireacht.

Cheadaigh an Rialtas an Bille lena dhréachtú ar an 15 Meán Fómhair, 2020.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha)

Déantar socrú leis an mBille maidir le roinnt nithe ilghnéitheacha a bhfuil an Garda Síochána, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Oifig an Ard-Aighne tar éis aird na Roinne a tharraingt orthu. Ina measc sin tá socrú a dhéanamh maidir le méadú ar an bpiónós as comhcheilg chun dúnmharú a dhéanamh ó 10 mbliana go príosúnacht saoil. Faofa lena dhréachtú i Meán Fómhair, 2020.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Smachtbhannaí Pobail)

Soláthróidh an Bille seo ráiteas nua-aimseartha ar an dlí a rialaíonn smachtbhannaí pobail agus ar ról na Seirbhíse Promhaidh sa chóras Ceartais Choiriúil. Cheadaigh an Rialtas scéim ghinearálta Bille in 2014. Tá athbhreithniú ar Chinn na Scéime ar siúl faoi láthair ag oifigigh a bhaineann leis an mBeartas um Cheartas Coiriúil agus ag an tSeirbhís Phromhaidh.

An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020

Acht chun socrú a dhéanamh maidir le sannadh agus ceapadh cróinéirí sealadacha i gcúinsí eisceachtúla áirithe agus chun na críocha sin agus críocha eile do leasú an Achta Cróinéirí, 1962. Déantar socrú leis an Acht, freisin, maidir le hinghlacthacht, i gcúinsí áirithe, taifead gnó in imeachtaí sibhialta agus déantar socrú leis maidir le cian-éisteachtaí agus le húsáid modhanna leictreonacha in imeachtaí sibhialta. Ceadáítear leis, freisin, iarratais áirithe a dhéanamh in imeachtaí áirithe, ag baint úsáid as nasc físe beo, agus cian-éisteacht imeachtaí áirithe sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach.

Déantar socrú leis an Acht, freisin, maidir le cruinnithe comhlachtaí Stáit a thionól go cianda agus chun an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1953, a leasú, agus maidir le nithe gaolmhara.

Reachtaíocht Gnóthaí Eorpacha

AN BREATIMEACHT / Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe an AE - na RA

Reachtaíocht Thánaisteach a síníodh ar an 31 Nollaig, 2020

Mar chuid den ullmhúchán a rinneadh i gcomhair dheireadh na hidirthréimhse, ba ghá don Aire agus don Aire Gnóthaí Eachtracha roinnt píosáí reachtaíochta tánaisteacha a shíniú ar an 31 Nollaig, 2020 – a bhain le gníomhaíochtaí na Roinne Dlí agus Cirt. Is meascán iad seo de bhearta ullmhachta a theastaíonn d’ainneoin an Chomhaontaithe Trádála agus Comhoibrithe, agus bearta eile a bhí mar chuid de chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Orduithe a shínigh an tAire Dlí agus Cirt

- ix. An tOrdú fán Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 (Tríú Tír Shábháilte), 2020
- x. Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 (Ordú Fillte), 2020
- xi. Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 (Alt 51B) (Áiteanna Coinneála), 2020
- xii. An tOrdú um an Acht Aturnaethe, 1954 (Alt 44) (Sasana agus an Bhreatain Bheag), 2020
- xiii. An tOrdú um an Acht Aturnaethe, 1954 (Alt 44) (Albain), 2020
- xiv. An tOrdú um an Acht Aturnaethe, 1954 (Alt 44) (Tuaisceart Éireann), 2020
- xv. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhaontú Aistarraingthe) (Cearta na Saoránach), 2020
- xvi. An tOrdú fán Acht Inimirce, 2004 (Víosáí) (Leasú) (Uimh. 2), 2020

Reachtaíocht Ceartais Shibhialta

Déantar socrú leis an gClár Rialtais maidir leis an Rialtas do thabhairt reachtaíocht isteach chun Coimisiún nua um Cheapacháin Bhreithiúnacha a chur in ionad an Bhoird Chomhairligh um Cheapacháin Bhreithiúnacha (BCCB) agus go mbeidh an Príomh-Bhreitheamh ina Chathaoirleach air.

Cheadaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta Bille um an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ar an 15 Nollaig, 2020, chun socrú a dhéanamh chun Coimisiún nua a bhunú in ionad an Bhoird Chomhairligh um Cheapacháin Bhreithiúnacha.

Tá an Bille á dhréachtú faoi láthair ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte.

Bille na gCúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)

Cheadaigh an Rialtas dréachtú Scéim Ghinearálta Bhille na gCúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020, ar an 09 Eanáir, 2020. Mar gheall ar an bpaindéim reatha, tháinig tosaíochtaí eile ina áit. Ag tús an tsamhraidh cheadaigh an Rialtas an Meabhrán don Rialtas (S180/20/10/2182) ag iarraidh go ndéanfaí Bille na gCúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) a dhréachtú go luath ar aon dul leis an Scéim Ghinearálta athbhreithnithe. Tá Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ag déanamh dul chun cinn ar dhréachtú an Bhille faoi láthair agus tá teagmháil déanta ag an Roinn leis an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart maidir le grinnscrúdú réamhrechtach.

An Bille Cúirteanna Teaghlaigh

I mí Mheán Fómhair, 2020, cheadaigh an Rialtas dréachtú Bille Cúirteanna Teaghlaigh chun socrú a dhéanamh maidir le bunú Cúirte Dúiche Teaghlaigh, Cúirte Cuarda Teaghlaigh agus Ard-Chúirte Teaghlaigh mar rannáin laistigh de na struchtúir chúirte atá ann cheana fein.

Beidh an Bille Cúirteanna Teaghlaigh ina phríomhghné d'fhorbairt córas cúirte teaghlaigh níos éifeachtaí agus níos so-úsáidte a chuireann teaghlaigh i gceartlár a ghníomhaíochtaí, a sholáthraíonn rochtain ar thacaíochtaí speisialtóra agus a spreagann úsáid réitigh mhalartaigh díospóide in imeachtaí dlí teaghlaigh.

Dócmhainneacht Phearsanta (Leasú) (Uimh.1)

Fuair an Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2020 ('Bille Uimh. 1'), faomhadh an Rialtais le haghaidh dréachtú tosaíochta i mí Dheireadh Fómhair, 2020; díolmhaíodh é ó ghrinnscrúdú réamhrechtach mar gheall ar an bpráinn a bhain leis, agus foilsíodh é ar an 16 Nollaig, 2020.

7. Aghaidh á tabhairt ar Dhúshlán COVID-19

Sa chuid seo den tuarascáil leagtar béim ar phríomhréimsí fhreagairt na Roinne ar phaindéim COVID-19.

Bhí baint lárnach ag an Roinn le príomhréimsí na freagartha reachtaíochta agus slándála ar COVID-19 agus bhí go leor dár ngníomhaireachtaí agus a bhfoireann ar an líne thosaigh ag dul i ngleic le ceann de na géarchéimeanna sláinte poiblí ba dhúshlánaí a bhí le sárú ag Éirinn riamh.

FREAGAIRT NA ROINNE

Mar fhreagairt ar an mbagairt fhéideartha ó COVID-19 bunaíodh grúpa inmheánach i mí Feabhra ar fud na hEarnála Dlí agus Cirt, faoi stiúir na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa sin an fhreagairt ar dhúshlán fhéideartha COVID-19 a chomhordú ar fud na Roinne, agus scrúdú a dhéanamh ar réimsí ar leith ba mhó d'fhulaingeodh bagairt agus tionchar paindéime lánsála, amhail Seirbhísí Inimirce, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Garda Síochána.

Lena chois sin bhí ionadaíocht ag an Roinn ar Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach a bhí ag tacú leis an gCoiste Rialtais, agus chomhordaigh sí seisiúin faisnéise agus cumarsáide ar fud na hEarnála Dlí agus Cirt. D'fhreastail bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne ar chruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe Bagairtí Sláinte san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála, agus reáchtáladh Cruinnithe Corparáideacha Nuashonrúcháin seachtainiúla faoin gCoróinvíreas.

Nuair a bhí ráig an víris láraithe sa tSín, thacaigh Acmhainní Daonna le baill foirne na Roinne a bhí lonnaithe sa tSín, agus glacadh bearta rialaithe ag Oifig na Víosáí i mBéising. Rinneadh éascaíocht do roinnt ball foirne filleadh abhaile ar Éirinn.

Rinneadh measúnuithe riosca do gach réimse den Roinn, agus forbraíodh comharthaíocht, prótacail agus bearta rialaithe eile.

Pleanáil Theagmhach laistigh den Roinn

Leagadh amach obair pleanála teagmhais níos leithne ar an gcéad dul síos maidir le tascanna criticiúla agus pearsanra criticiúil a aithint, agus in oirchill go bhféadfadh laghdú suntasach teacht ar an bpearsanra a bheadh ar fáil, agus/nó an gá a bheadh ann foirgnimh a dhúnadh.

Bhí oifigeach sinsearach, le tacaíocht ó ghrúpa oibre inmheánach, comhdhéanta de phríomh-fheidhmeanna leanúnachais gnó, freagrach as an bpleanáil sin. Bhí cumas suntasach cian-oibre ag an Roinn cheana féin ag leibhéal sinsearach agus thosaigh sí ag leathnú na hacmhainne sin go tapa mar chuid dá pleanáil theagmhach.

Scrúdú ar Rioscaí Ceirde laistigh den Roinn

Aithníodh go raibh riosca ceirde féideartha ann i leith COVID-19 ag ceithre réimse de Sholáthar Seirbhísí Inimirce (SSI), i.e. d'fhéadfadh baill foirne a bheith faoi riteacht mar gheall ar nádúr a gcuid oibre. Ba iad sin:

- Oifig Clárúcháin Ché an Bhúrcaigh
- An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, Sráid an Mhóta (lena n-áirítear foireann chuntair Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta)
- An tAonad Bainistithe Teorann, Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta, Teach Timberlay

Eisíodh Measúnuithe Riosca Coróinvíris chuig na réimsí seo ón 3 Feabhra agus rinneadh iad a athbhreithniú, a nuashonrú agus a eisiúint ar bhonn laethúil.

Coinníodh teagmháil rialta le FORSA maidir leis na bearta rialaithe idir aonaid Acmhainní Daonna agus Sláinte & Sábháilteachta

Struchtúir Phleanála agus Chomhordaithe Leathana na Roinne agus na nGníomhaireachtaí

Bunaíodh foireann freagartha thrasfheidhmiúil COVID-19 ina raibh oifigh shinsearacha ón Roinn agus ó ghníomhaireachtaí lena n-áirítear an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirt-eanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh. D'fhreastail Oifig an

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar na cruinnithe sin freisin. Bhí ionchur ag an bhfoireann sin, ar a seal, i struchtúir náisiúnta a bunaíodh chun riosca COVID-19 a bhainistiú.

Mar thoradh ar na struchtúir sin bhí an Roinn in ann oibriú go dlúth leis na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus sláinte poiblí iomchuí ar fad (an Roinn Sláinte, an Príomhoifigeach Leighis agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) agus bearta a ghlacadh de réir beartas poiblí agus na staide athraithe.

Reachtaíocht

Ag tús na paindéime rinne an Roinn athbhreithniú ar na saincheistanna dlí a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na freagartha ar COVID-19, agus bhí ionadaíocht aici ar fho-ghrúpa Reachtaíochta na Foirne Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí a raibh an Roinn Sláinte ina cathaoirleach air.

D'oibrigh an Roinn leis an Roinn Sláinte ar leasuithe ar an Acht Sláinte, 1947, agus ar rialacháin chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do shrianta an Rialtais ar ghluaiseacht, go háirithe i gcomhthéacs chumhachtaí an Gharda Síochána.

I ndlúthchomhairle le hOifig an Ard-Aighne, le Roinn an Taoisigh agus leis an Roinn Sláinte, dhréachtaigh an Roinn an Bille um Cheartas Coiriúil (Forálacha Forfheidhm-iúcháin) (COVID-19), 2020, freisin chun a chinntiú go raibh na cumhachtaí ag comhaltai den Gharda Síochána a bhí ag teastáil uathu chun gníomhú go tapa chun déileáil le sárú rialachán a bhain le COVID-19.

Foráladh sa Bhille go bhféadfadh Ceannfort, sa chás nár chomhlíon duine treoir ó Gharda faoi Acht 1947, ordú dúnta láithreach a eisiúint (ó bhéal nó i scríbhinn) ag tabhairt ordaithe don duine an t-áitreabh iomchuí a dhúnadh láithreach don chuid eile den lá. Tar éis mainneachtana treoir ón nGarda Síochána a chomhlíonadh ar níos mó ná ócáid amháin, d'fhéadfadh an Garda Síochána iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú dúnta éigeandála, ar feadh tréimhse suas le 7 lá. Shínigh an tUachtarán an Bille seo ina dhlí ar an 11 Meán Fómhair.

Rinne an Roinn anailís reachtach freisin chun aon fhorálacha am-íogair laistigh dá sainchúram a shainiú a bhféadfadh coigeartú reachtach a bheith ag teastáil ina leith i gcás srianta leanúnacha a bhain le COVID-19 .

Mar thoradh air sin ritheadh, trí dhá Theach an Oireachtais, an Bille um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020. Rinneadh socrú leis an mBille maidir le raon leasuithe tábhachtacha chun dul i ngleic le dúshláin nua agus le saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Bhain na hathruithe, go háirithe, le nósanna imeachta sna cúirteanna sibhialta agus coiriúla (agus le hiompar príosúnach chun na cúirte agus idir phríosúin), le méadú ar úsáid na teicneolaíochta, lena n-áirítear naisc físe, do na cúirteanna coiriúla agus sibhialta, agus le cumas na seirbhíse cróinéara.

Plean Gníomhaíochta agus Feachtas Feasachta um Fhoréigean Baile

Ag aithint na rioscaí ar leith a chothaigh an phaindéim d'íospartaigh an fhoréigin baile / drochíde baile, bhunaigh an Roinn grúpa trasearnála comhdhéanta d'oifigigh AGS, oifigigh na Seirbhísí Cúirte agus oifigigh Cúnaimh Dhlíthiúil, agus é ag nasc, go díreach le hionadaithe TUSLA. Forbraíodh plean gníomhaíochta chun freagairt don riosca méadaithe agus do mhinicíocht mhéadaithe an fhoréigin baile mar thoradh ar bhearta COVID-19 a glacadh agus a chóngaraí ab éigean do mhí-úsáideoirí agus a n-íospartaigh a bheith le chéile mar thoradh ar na bearta sin.

Roinneadh an plean gníomhaíochta i dtrí shnáithe oibre:

4. Seirbhísí a chothabháil agus a chur in ord tosaíochta dóibh siúd ar ghá dóibh rochtain a fháil orthu
5. A chinntiú go bhféadfadh íospartaigh rochtain a fháil ar na cúirteanna agus cosaint a lorg ó lucht déanta na coire
6. Feasacht a mhéadú go raibh seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil le linn éigeandáil COVID-19 dóibh siúd a bhí ag fulaingt drochíde sa bhaile

Bhunaigh an Garda Síochána an Oibríocht 'Faoiseamh' chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar an tsaincheist sin. Gheall an Garda Síochána go bhfreagróidís go tapa agus go láidir le beartas idirghabhála ar son gabhála i leith aon tuairisce ar dhrochíde sa bhaile, in ainneoin éigeandáil COVID-19. Chuathas i dteagmháil ar an nguthán le híospartaigh eachtraí a taifeadadh i 2018-2020, agus bhí freagra dearfach ó íospartaigh mar thoradh air sin. Tugadh cuairt orthu siúd a bhí go mór i mbaol.

Ina theannta sin, cuireadh ciontuith a bhain le drochíde sa bhaile, sárú ar orduithe urchoisc agus cúinsí eile dá samhail san áireamh sna critéir mheasúnaithe riosca a chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh maidir le scaoileadh sealadach.

Lena chois sin, chuaigh an Roinn i dteagmháil go luath sa phróiseas le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun cabhrú le cur chuige comhordaithe chun línte cabhrach agus tacaíochtaí eile a choinneáil ag imeacht d'íospartaigh. Laistigh de chúpla seachtain thosaigh an Roinn ar mhaoiniú breise €337,598 a sholáthar do ghrúpaí pobail agus deonacha chun tacú lena bhfreagairt ar COVID-19. Áiríodh iontu sin:

- Cúnamh do Mhná: €63,017 le haghaidh acmhainní breise chun an tSeirbhís Tacaíochta agus Atreoraithe agus an tionscadal Tacaíochta Ardriosca a leathnú;
- Líonra Ionaid Tarrthála Iaréignithe na hÉireann: €50,000 chun tacú le hobair na n-ionad áitiúil i ndáil le seirbhís rúnda a sholáthar a chomhlíonfadh ceanglais chosanta sonraí, agus chun sreabhadh faisnéise ar chomhairle agus treoir chuig agus ó oibrithe tacaíochta tráma líne tosaigh a bhainistiú;
- Ruhama: €19,680 le haghaidh pacáistí tacaíochta breise do mhná atá ag féachaint le héirí as an striapachas;
- Líonra Forbartha na bhFear: suas le €76,590 chun síneadh a chur le líne Chomhairle na bhFear, tacaíocht bhreise teileafóin don chlár 'Fir ag Cur Deireadh le Foréigean Baile', agus chun feachtas bolscaireachta a chur ar fáil; agus
- Slán Sábháilte in Éirinn: €36,000 le haghaidh acmhainn phearsanra bhreise agus le cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí na seirbhíse.
- *Move Ireland*: €33,000 le haghaidh líne chabhrach bhreise agus tacaíocht chomhairleoireachta do lucht déanta foréigin baile.
- Fóram Ionaid Tarrthála Iaréignithe: €50,000 le haghaidh feachtas mhúscailte feasachta áitiúla agus chun pacáiste próiseas, caighdeán agus nósanna imeachta seirbhíse athbhreithnithe a fhorbairt.
- Tearmann do Mhná na Mí €9,311.00

Thug an Bord um Chúnamh Dlíthiúil tosaíocht do chásanna foréigin baile agus cúraim leanaí. D'fhan oifig an Bhoird ag Cúirt Teaghligh Dúiche Bhaile Átha Cliath i dTeach an Charnáin ar oscailt agus bhíodhas in ann iarratais ar chúnamh dlíthiúil le haghaidh cásanna foréigin baile a dhéanamh ann. Cé go raibh ionaid dlí an Bhoird dúnta den chuid ba mhó do ghlaiteoirí pearsanta, bhíodhas in ann teagmháil a dhéanamh le gach ionad ar an nguthán nó leis an ríomhphost agus bhí sonraí teagmhála ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Thug an tSeirbhís Chúirteanna tosaíocht, freisin, d'fhoréigean baile. Bhí cúirt oscailte i gcónaí ag gach dúiche chun iarratais ar chosaint, orduithe urchoisc eatramhacha agus orduithe urchoisc éigeandála a éisteacht. Ní raibh oifigí cúirte ar oscailt ach le haghaidh gnó riachtanach trí choinne, agus éascaíodh iarratasóirí ar fhoréigean baile.

Bhíothas in ann teagmháil a dhéanamh le hoifigí ar an teileafón nó leis an ríomhphost le sonraí teagmhála ar fáil ar an láithreán gréasáin. Lean nósanna imeachta lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre mar ba ghnách agus chuir ar foghlaimíodh uaidh sin bonn eolais faoi phleanáil teagmhais. Cuireadh le chéile liosta de Chláraitheoirí Cúirte, a raibh taithí acu, le taisteal chun freastal ar Chúirteanna nuair ba ghá. Cuireadh treoir céim ar chéim do Chláraitheoirí Cúirte maidir le nósanna imeachta foréigin baile agus foirmeacha ar fáil ar inlín na Seirbhíse Cúirteanna don fhoireann ar fad, le tacaíocht ó bhunchlár oiliúna cláraitheoirí a cheadaigh breisoiliúint thapa i gcás ganntanas suntasach foirne.

Chun a chinntiú go raibh íospartaigh ar an eolas faoi sheirbhísí, sheol an tAire feachtas feasachta poiblí. Chuimsigh an feachtas 'Anseo i gCónaí' samplaí d'fhoréigean baile ag tarlú i gcomhthéacs na srianta sláinte poiblí. Bhí tuilleadh eolais ar fáil, freisin, ar láithreán gréasáin na Roinne don fheachtas.

Seirbhísí Inimirce

Ba í comhairle thosaigh an AE go bhfanfadh teorainneacha ar oscailt agus go leanfadh daoine an chomhairle taistil a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a uasghrádaíodh de réir mar a d'fhorbair cúrsaí ar fud an domhain.

Forbraíodh pleanáil theagmhasach chun a chinntiú go leanfaí ar aghaidh ag soláthar seirbhísí inimirce tosaíochta, dá n-athródh cúinsí.

Sainaithníodh Réimsí Tosaíochta Gnó mar a leanas:

- An tAonad Bainistithe Teorann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Bainistiú Cóiríochta agus Seirbhísí eile do dhaoine sa chóras Soláthair Dhíreach (SD), lena n-áirítear próiseáil iarratas nua ar Chosaint Idirnáisiúnta (CI).
- An fheidhm clárúcháin inimirce (próiseálann an oifig phoiblí 500 iarratasóir in aghaidh an lae)

An tAonad Bainistithe Teorann

Tá an tAonad Bainistithe Teorann (ABT) freagrach as teorainn na hÉireann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhaingniú, de réir fhorálacha na nAchtanna agus na nOrduithe Inimirce mar a bhaineann siad le teacht isteach sa Stát agus teacht isteach sa Stát a dhiúltú.

Idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig, 2020, tháinig beagnach 7.4 milliún paisinéir isteach go hAerfort Bhaile Átha Cliath. Tháinig níos mó ná leath díobh sin isteach sa chéad dá mhí den bhliain, sula raibh tionchar ag COVID-19 ar thaisteal idirnáisiúnta. Bhí an figiúr sin síos 78% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tá caidreamh oibre an-dlúth idir foireann líne tosaigh an Aonaid Bainistithe Teorann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Lean pearsanra inimirce go dlúth gach comhairle ó FSS agus, sa chás gur tharla cás amhrasta, cloíodh go cúramach leis na prótacail a bhí i bhfeidhm.

Ón Déardaoin an 28 Bealtaine bhí sé ina cheanglas dlíthiúil ar phaisinéirí a tháinig go hÉirinn ó thar lear Foirm Aimsithe Paisinéirí COVID-19 (FAP) a chomhlánú. Baineadh úsáid as an FAP chun córas seiceálacha leantacha a éascú chun a chinntiú gur fhan paisinéirí a bhí ag teacht isteach sa tír ag an seoladh a chuir siad ar fáil. Chabhraigh an FAP, freisin, le rianú teagmhálaithe, sa chás go raibh amhras nó cás deimhnithe ar eitilt nó ar bhád farantóireachta a tháinig go hÉirinn.

Idir an 28 Aibreán agus an 25 Lúnasa, 2020, bhailigh oifigigh ón ABT na Foirmeacha Aimsithe Paisinéirí agus d'fheidhmigh siad an córas glaonna leantacha spotseiceála thar ceann na n-údarás sláinte. Aistríodh an fheidhm leantach sin chuig an Roinn Sláinte ar an 26 Lúnasa, 2020.

Lean an ABT ag bailiú agus ag seiceáil na bhfoirmeacha aimsithe paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Atreoraíodh aon phaisinéir a dhiúltaigh an fhoirm éigeantach a chomhlánú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chuig Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce.

Cosaint Idirnáisiúnta

Rinneadh mionscrúdú ar an gCóras Cosanta Idirnáisiúnta de réir mar a thosaigh bagairt COVID-19 ag teacht chun cinn agus forbraíodh pleananna/maoluithe chun seirbhísí cóiríochta a sholáthar do dhaoine sa chóras. Thionscain Seirbhísí Cóiríochta Cosanta

Idirnáisiúnta roinnt beart chun a chinntiú go bhféadfaí sábháilteacht cónaitheoirí agus acmhainn oibríochtúil a choinneáil.

- Lorgaíodh cóiríocht éigeandála bhreise chun cabhrú le leapacha teagmhais a chur ar fáil in ionaid chóiríochta.
- Tugadh tús áite d'oscailt ionad nua i dTulach Mhór agus i gCuan Ros Láir.
- Cuireadh stop sealadach le scaipeadh cónaitheoirí ó chóiríocht éigeandála isteach in ionaid chóiríochta chun acmhainn a chruthú laistigh de na hionaid iad féin.
- Chuathas i dteagmháil leis na hiarratasóirí uile ar chosaint idirnáisiúnta a raibh cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála chun a chinntiú go raibh tuiscint chuí acu ar threoirínte FSS agus go raibh a fhios acu cé air nó uirthi ar cheart dóibh gaoch má bhí imní orthu.
- Chuathas i dteagmháil le Bainisteoirí Ionaid freisin agus cuireadh eolas ar fáil dóibh maidir le planáil theagmhasach. Scaipeadh ábhar ón FSS ar na hionaid freisin.

D'eagraigh an Roinn seisiún eolais do ghrúpaí tábhachtacha neamhrialtasacha a raibh spéis acu in Iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta, lena n-áirítear leanaí. Chuaigh Seirbhís Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta i dteagmháil freisin le pobal na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha chun na tacaíochtaí a d'fhéadfaidís a sholáthar i gcás ráig de COVID-19 a shainaithint.

Cuireadh an t-eolas ba dhéanaí maidir le hInimirce agus Cosaint Idirnáisiúnta le linn phaindéim COVID-19 ar fáil i réimse ar leith 'Uasdátuithe agus Fógraí COVID-19' ar láithreán gréasáin Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann. Foilsíodh fógraí faoi na socruithe éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'eascair as an bpaindéim, chomh maith le naisc le comhairle sláinte, lena n-áirítear eolas faoi cheanglais féin-aonraithe ar theacht go hÉirinn, sa réimse ar leith sin den suíomh.

Dúnadh Sealadach na hOifige Inimirce

Ag freagairt don dianghlasáil ar fud na tíre a fógraíodh i mí an Mhárta, 2020, dhún an Oifig Clárúcháin, Soláthar Seirbhísí Inimirce, ag Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath, i dtosach báire ón Luan, 23 Márta. Osclaíodh an oifig arís ar an 20 Iúil. Dúnadh oifigí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, freisin, ón 23 Márta agus athosclaíodh iad ar bhonn céimneach ón 20 Iúil.

Mar gheall ar fhógra an Rialtais maidir le bearta nuashonraithe i mí Dheireadh Fómhair, dhún an Oifig Clárúcháin ag Cé an Bhúrcaigh go sealadach don phobal le haghaidh coinní clárúcháin céaduaire le héifeacht ón gCéadaoin, 21 Deireadh Fómhair. Ath-osclaíodh an oifig ar an 2 Nollaig dóibh siúd a raibh coinní acu amháin agus d'fhan sí ar oscailt go dtí an 23 Nollaig, nuair a dúnadh í ag teacht le comhairle sláinte poiblí. D'fhan oifigí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar oscailt faoi réir ag ceanglais oibriúcháin go dtí an 23 Nollaig nuair a dúnadh iad, freisin, de dheasca shrianta COVID-19.

Síneadh Sealadach ar Cheadanna Inimirce

I rith na bliana, d'fhógair an tAire sraith síntí sealadacha ar cheadanna Inimirce agus Cosanta Idirnáisiúnta chun cónaí sa Stát. Eisíodh an chéad síneadh den sórt sin ar an 20 Márta.

Bhí athnuachan an cheada ar an mbonn céanna leis an gcead a bhí ann cheana agus cuireadh na coinníollacha céanna leis. Maidir le daoine a raibh cead acu cheana faoi Threoir 2004/38/CE (Treoir um Shaorghluaiseacht) bhí an athnuachan uathoibríoch faoi réir chomhlíonadh cheanglais na Treorach.

I rith na bliana, d'eisigh Soláthar Seirbhísí Inimirce nuashonruithe rialta do chohóirt ar leith maidir lena stádas, agus bhog siad go leor seirbhísí ar líne.

Seirbhísí Víosa

Fógraíodh atosú teoranta ar sheirbhísí víosa ar an Luan, 22 Meitheamh. Le linn na céime tosaigh den atosú, níor glacadh ach le hiarratais ar víosa Fadfhanachta "D", lena n-áirítear víosaí Staidéir, chomh maith le víosaí a sainithníodh mar víosaí Éigeandála / Tosaíochta. Níor moladh víosaí neamh-Éigeandála/Tosaíochta a eisiúint go dtí go mbeadh a leithéid ceadaithe ag comhairle sláinte poiblí.

Níos déanaí sa bhliain atosáíodh cinntí ar víosaí áirithe fadfhanachta a chuimsigh catagóirí amhail staidéar tríú leibhéal ag leibhéal bunchéime agus iarchéime, Fostaíocht agus Teacht le Chéile le Teaghlaigh. Bhí cinntí ar iarratais ar staidéar ar an mBéarla fós curtha siar i bhfianaise na n-aistrithe go srianta Leibhéal 5 COVID-19 agus go dtí go mbeadh tuilleadh breithnithe déanta ag na húdaráis iomchuí.

Níor glacadh go ginearálta le hiarratais ar víosa ghearrfhanachta, ach amháin i gcásanna a tháinig faoi na critéir Éigeandála/Tosaíochta. Mar sin féin, leathnaíodh liosta na

ndíolúintí a tháinig faoi Éigeandáil/Tosaíocht chun na catagóirí sonracha sin de thaistealaithe a sainaithníodh mar thaistealaithe le feidhm nó riachtanas riachtanach i Moladh 2020/912 an 30 Meitheamh, 2020, ó Chomhairle an AE, a áireamh.

Rinneadh srianta a mhaolú agus a chur i bhfeidhm i dtíortha éagsúla i rith na bliana agus, mar sin, bhí an t-atosú ar phróiseáil iarratas ar víosa ag brath ar chomhairle shláinte agus shábháilteachta maidir le paidéim COVID-19.

Clár Tarscaoilte Víosa Gearrghanachta Éireannaí ar fionraí go Sealadach

Ar an 10 Iúil, 2020, d'fhógair an tAire Nic an tSaoi go raibh an Clár Tarscaoilte Víosa Gearrghanachta Éireannaí ar fionraí go sealadach mar chuid de bhearta COVID-19 chun srian a chur le taisteal agus sláinte an phobail a chosaint. Cheadaigh an Clár do dhaoine a bhí ar cuairt sa Ríocht Aontaithe ar víosaí gearrghanachta taisteal go hÉirinn. Faoin gcomhaontú, bhí ar na sealbhóirí víosa Éire a fhágáil sula raibh deireadh tagtha lena gcead fanacht sa RA.

Cuireadh fionraí an Chláir i bhfeidhm mar gheall ar éagsúlacht sa chur chuige idir Éirinn agus an RA maidir le bearta taistil chun dul i ngleic leis an bpaidéim. Ní raibh náisiún-aigh na dtíortha lena mbaineann in ann a víosa ghearrghanachta RA a úsáid a thuilleadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn, ach d'fhéadfaidís iarratas ar leith a dhéanamh ar víosa Éireannach, nach nglacfaí leis ach amháin i gcás criticiúil. Beart sealadach a bhí ann, nach raibh tionchar aige ar chearta Chomhlimistéar Taistil (CT) shaoránaigh na Breataine agus na hÉireann ná ar oibriú an CT.

Córas Athnuachana Clárúcháin ar Líne do neamhnáisiúnaigh a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath

Ar an 22 Meitheamh, d'fhógair an tAire Ó Flannagáin Córas Athnuachana Clárúcháin ar líne do mhic léinn neamh-LEE a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Ar an 7 Iúil, d'fhógair an tAire Nic an tSaoi go raibh an córas athnuachana ar líne sin á leathnú amach do gach neamhnáisiúnach i mBaile Átha Cliath a bhí ag iarraidh a gclárúchán inimirce a athnuachan.

Thug an córas nua ar líne deis d'iarratasóirí athnuachan a dhéanamh ar líne gan coinne a dhéanamh agus freastal go pearsanta ar an oifig clárúcháin. Roimhe sin, bhí ar iarr-

atasóirí den sórt sin coinne a chur in áirithe sula bhfreastalóidís go pearsanta ar an oifig clárúcháin, agus bhí éileamh mór ar na coinní sin.

Bhí siad siúd ar mhian leo a gcead a athnuachan in ann an fhoirm iarratais a chomhlánú ar líne anois, cóipeanna de dhoiciméid tacaíochta a uaslódáil ar líne, an táille chuí a íoc agus a bpas agus a gcárta reatha Ceada Cónaithe in Éirinn a chur isteach tríd an bpost cláraithe.

Saoránacht

Mar gheall go mbíonn an rannóg Saoránachta ag brath go traidisiúnta ar phróiseáil doiciméad fisiceach, bhí tionchar suntasach ag na srianta a chruthaigh COVID-19 ar an réimse sin.

Bhí searmanais ar siúl ar an 2 agus 3 Márta cé gur iarradh ar iarrthóirí nó aíonna ó go leor tíortha a bhí i ndlúth-theagmháil le cás COVID-19, nó a raibh comharthaí á léiriú acu, gan freastal. Cuireadh na searmanais a bhí sceidealta do mhí Iúil agus do mhíonna eile den bhliain ar ceal de réir mar a tháinig leibhéal na n-ionfhabhtuithe agus tionchar foriomlán an víris chun solais. Tionóladh searmanas fíorúil píolótach ar an 15 Iúil. Cé gur éirigh go maith leis an searmanas fíorúil, fuarthas amach in athbhreithniú nach raibh sé inscálaithe chun tacú leis an leibhéal éilimh, mar go ndéanfaí an iomarca acmhainní a atreorú ó phróiseáil cásanna dá gcuirfí searmanais fhíorúla chun cinn ar an scála a theastaigh.

Socraíodh go gcuirfí ceanglas go ndéanfadh iarratasóirí ar shaoránacht dearbhú reachtúil dílseachta don Stát a shíniú in ionad na searmanas sin le linn COVID-19. Tar éis dearbhú lán-chomhlánaithe a fháil ar ais, bhí an Roinn Dlí agus Cirt in ann deimhniú eadóirseachta a eisiúint. In ionad searmanas saoránachta, reáchtálfai ócáid cheiliúrtha fhíorúil d'aon duine a fuair deimhniú eadóirseachta.

Chun an ghné ar líne dá sheirbhísí a fhorbairt tuilleadh, athdhearadh láithreán gréasáin na Saoránachta chun é a dhéanamh níos éasca le húsáid. Mar chuid den phróiseas sin, tugadh isteach feidhmchlár comhrá ar líne nó 'bota comhrá', ar tugadh Tara uirthi, i mí na Nollag. Thug sé seo freagra láithreach d'úsáideoirí ar cheisteanna coitianta chun tuilleadh cabhrach a thabhairt maidir le ceisteanna agus próiseáil.

In ainneoin na mbeart sin, bhí breis agus 23,000 iarratas ar shaoránacht idir lámha ag deireadh na bliana, lena n-áirítear timpeall 4,000 a bhí réidh le haghaidh searmanais.

Níor measadh gur rogha é fanacht go dtí go bhféadfaí searmanais mhóra phearsanta saoránachta a reáchtáil mar go mbeadh ar go leor iarratasóirí a ndeis ar bheith ina saoránaigh Éireannacha a chur ar athló ar feadh tréimhse éiginnte ama gan aon locht orthu féin.

Osclaíodh an córas sealadach chun saoránacht a dheonú ar an 18 Eanáir, 2021.

Comhoibriú Thuaidh-Theas

Bhí Coimisinéir an Gharda Síochána agus Príomhchonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann i dteagmháil rialta agus bhí an dlúth-chomhoibriú leanúnach sin idir an Garda Síochána agus SPTÉ ina phríomhghné de phóilíníú na freagartha don phaindéim.

- Bhí comhoibriú fairsing ann chun an t-iliomad seicphointí comhordaithe, a cuir-eadh i bhfeidhm ag láithreacha tábhachtacha feadh na teorann, a chur ar fáil².
- Cuireadh seicphointí comhpháirteacha i bhfeidhm freisin le linn roinnt deireadh seachtaine saoire bainc i ngach dlínse.
- Cuireadh béim ar na gníomhartha agus na tionscnaimh sin ar na meáin shóisialta, chun cabhrú le feacht an phobail a fhorbairt maidir leis na Gardaí agus SPTÉ a bheith ag obair go dlúth le chéile chun a chinntiú go raibh srianta sláinte poiblí á gcomhlíonadh ar an dá thaobh den teorainn.

Bhí comhoibriú maith polaitiúil sa réimse seo freisin trí phlé táirgiúil le hAire Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann, Naomi Long, Comhalta den Tionól Reachtach. Bhí teileachomhdháil ag an Aire Ó Flannagáin leis an Aire Long ar an 30 Aibreán agus ina dhiaidh sin eisíodh Comh-Phreasráiteas ar an 7 Bealtaine nuair a rinne an bheirt Airí comhghlao chun aird an phobail a tharraingt ar ghníomh forfheidhmiúcháin póilíneachta ar an dá thaobh den teorainn. D'áitigh siad freisin ar dhaoine leanúint de threoirlínte sláinte poiblí a chomhlíonadh. Bhí teileachomhdháil ag an Aire Nic an tSaoi leis an Aire Long ar an 21 Iúil. Phléigh siad réimse saincheistanna comhleasa, lena áiríodh cúrsaí COVID-19.

² Ní fhéadfaí na Rialacháin Sláinte, a mhéid a bhain siad leis na srianta ar ghluaiseacht ó áit chónaithe duine, a chur i bhfeidhm chun srian a chur le gluaiseacht daoine a bhí ina gcónaí i dTuaisceart Éireann.

FREAGAIRT AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tá an Garda Síochána ar cheann de thrí phríomhghníomhaireacht freagartha faoi struchtúir agus creat Bhainistiú Straitéiseach Éigeandála na hÉireann. Dá réir sin, tá siad bainteach go hiomlán leis an bpleanáil agus na prótacail maidir le bainistiú móréigeandálaí ag leibhéal náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Tá plean éigeandála i bhfeidhm ag gach Rannán den Gharda Síochána, agus déantar athbhreithniú ar na pleananna sin ar bhonn leanúnach agus mar fhreagairt ar ócáidí géarchéime ar leith.

Tá teagmhais oibriúcháin an Gharda Síochána maidir le foireann a bheith ar fáil bunaithe go háitiúil. Tá pleananna éigeandála idirghníomhaireachta i bhfeidhm ag infreastruchtúr rí-thábhachtach ar fud na tíre, lena n-áirítear calafoirt agus aerfoirt. Bhí grúpaí oibre bainistithe éigeandála idirghníomhaireachta agus grúpaí stiúrtha bunaithe i ngach ceann de na 8 réigiún Bainistithe Móréigeandála. Bhí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gceannas ar ghníomhachtú agus ar chur i bhfeidhm na bpleananna sin i gcomhthéacs éigeandála sláinte.

Ullmhúcháin Tosaigh

Chruthaigh an Garda Síochána a aonad lánaimseartha COVID-19 féin chun freagairt ullmhachta do shaincheistean COVID-19 a chomhordú ó leibhéal náisiúnta. Cé go ndéileálfai le haon fhreagairt do theagmhas nó d'éigeandáil fhéideartha maidir le COVID-19 ag leibhéal áitiúil/réigiúnach, bhí formhaoirseacht náisiúnta ag aonad COVID-19 chun comhsheasmhacht agus comhordú an chuir chuige a chinntiú.

Bhí sé mar aidhm ag Coimisinéir an Gharda Síochána réimse beart a chur i bhfeidhm a chinnteodh go mbeadh an acmhainn ba mhó ab fhéidir ag an nGarda Síochána chun soláthar seirbhíse a choinneáil agus tacaíocht a choinneáil do ghníomhaireachtaí eile de réir mar ba gha:

- Uainchláir/Saoire Bhliantúil – Dréachtaíodh uainchlár éigeandála chun freastal ar bhuaic-éileamh agus chun póilíneacht níos feiceálaí a chumasú. Bhí gach saoire bhliantúil do chomhaltaí an Gharda Síochána agus d'fhoireann an Gharda Síochána teoranta do 10% ar a mhéad den fhórsa saothair ag am ar bith.

- Pacáiste Scoir – Cuireadh siar scor 18 nGarda ag gráid shinsearacha a bhí le bheith ann ar an 1 Aibreán faoin bpacáiste scoir.
- Coláiste an Gharda Síochána – Ghlac gach Garda Promhaidh a bhí faoi oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána (c.320) mionn an Gharda Síochána ar an 27 Márta, 2020, agus cuireadh chuig stáisiúin iad.
- Rinneadh gach comhalta den Gharda Síochána a bhí ag obair i gColáiste an Gharda Síochána a athshannadh chuig dualgais phóilíneachta oibríochta nó chuig oiliúint riachtanach agus athshannadh baill foirne an Gharda Síochána a bhí ag obair sa choláiste chuig dualgais riaracháin.

Achoimre ar Shocruithe Teagmhais

Agus é ag tacú le treoirínte sláinte poiblí COVID-19, ghlac an Garda Síochána le freagairt phóilíneachta chéimnithe bunaithe ar thraidisiún an Gharda Síochána den phóilíneacht le toiliú. Mar thoradh air sin bhí comhaltaí den Gharda Síochána i mbun teagmhála, oiliúna, spreagtha agus, mar rogha dheireanach, forfheidhmithe.

Rinne comhaltaí den Gharda Síochána ar fud na tíre patrólú ardfheictheachta de réir na mbeart sláinte poiblí a d'fhógair an Rialtas. Ba é aidhm na gníomhaíochta sin daoine a spreagadh chun cloí leis na bearta sláinte poiblí.



Maidir leis sin, agus mar a tharlaíonn ina chuid oibre ar fad, lean AGS ar aghaidh lena héiteas póilíneachta pobail a chur i bhfeidhm, ag lorg daoine a bhí leochaileach chun cúnaimh a chur ar fáil dóibh agus a chinntiú nár mhothaigh siad ina n-aonar. Le linn na paindéime, leanadh ar aghaidh le gnáthoibríochtaí póilíneachta chun coireacht a chosc

agus a bhrath. Cuireadh na bearta sin in iúl do chomhlachais ionadaíocha an Gharda Síochána, a raibh meas acu ar fad ar an gcás fíor-thromchúiseach a bhí le sárú ag an tír agus ar an ngá a bhí le huaschumas a lorg chun soláthar seirbhíse a chinntiú agus chun tacú leis an bpobal de réir mar ba ghá.

Tar éis thosach feidhme shrianta an Rialtais faoi COVID-19, bhí laghdú ginearálta i go leor catagóirí coireachta. Mar sin féin, tháinig méadú ar roinnt catagóirí, mar a leanas:

- Drochíde sa Bhaile (ba mar gheall air sin a tugadh isteach an Oibríocht 'Faoiseamh' chun tacú le híospartaigh drochíde sa bhaile)
- Drugaí Rialaithe (seilbh shimplí)
- Cionta Arm agus Pléascán (seilbh arm ionsaitheach)
- Cibearchoireacht/calaois ar líne

An tÚdarás Póilíneachta

I bhfianaise oibríochtaí leanúnacha an Gharda Síochána agus cineál na gcumhachtaí sealadacha, measadh go raibh formhaoirseacht neamhspleách ar phóilíneacht agus ar chearta an duine riachtanach chun muintín agus tacaíocht an phobail sa phóilíneacht a choinneáil. Chuige sin, d'iarr an tAire ar an Údarás Póilíneachta tuairisc a thabhairt ar bhonn rialta ar a ghníomhartha maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar phóilíneacht COVID-19, le tagairt ar leith don tslí a raibh an Garda Síochána tar éis na Rialacháin a bhí déanta ag an Aire Sláinte a chur i ngníomh.



Mhol an tAire freisin don Údarás Póilíneachta go rachadh sé i dteagmháil le comhlachtaí reachtúla iomchuí agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha a bhí ag feidhmiú i réimse na gceart sibhialta agus daonna.

Foilsíodh an deichiú tuarascáil ón Údarás Póilíneachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta an Gharda Síochána i ndáil le Rialacháin COVID-19 ar an 18 Nollaig, 2020. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán ag an nasc seo a leanas:

[An Deichiú Tuarascáil ón Údarás Póilíneachta maidir le Rialacháin COVID-19](#)

Bhí baint ag an Údarás Póilíneachta freisin le hobair a dhéanamh leis an gCoimisinéir chun na cuspóirí a bhí leagtha amach i bPlean Póilíneachta 2020 a athbhreithniú i bhfianaise acmhainní a bheith atreoraithe chuig COVID-19, agus dul chun cinn á chinntiú ag an am céanna ar phríomhréimsí oibre eile chomh fada agus ab fhéidir.

FREAGAIRT NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

D'oibrigh an tSeirbhís Chúirteanna go dlúth le huachtaráin na ndlínsí cúirte ar fad chun pleananna teagmhais cuí a fhorbairt chun ligean do chúirteanna déileáil le ceisteanna práinneacha teaghlaigh, coiriúla agus sibhialta. Bhí gach réimse agus gach cás difriúil ó thaobh na freagartha a theastaigh, amhail cúirteanna a chur ar ceal, cásanna a aistriú, úsáid a bhaint as fíis-teicneolaíocht, oifigí a dhúnadh, oibriú go cianda, agus tacú leis na Seirbhísí Cúirteanna i gcás dúnadh ar bith.

Bhí iliomad seomraí cúirte ag an tSeirbhís Chúirteanna a raibh fíis-teicneolaíocht iontu, a d'fhéadfadh seoladh éisteachtaí coimeáda go díreach le príosúin a éascú, rud a laghdaigh an gá le hollghluaiseacht príosúnach chuig na cúirteanna agus ó na cúirteanna.

Go luath sa phaindéim mhéadaigh an tSeirbhís Chúirteanna a cumas cianoibre faoi dhó do bhreithiúna agus don fhoireann agus thosaigh sí ag forbairt pleananna chun a chinntiú go bhféadfaí leanúint le soláthar an chórais íocaíochtaí cothabhála dlí teaghlaigh.

Dé hAoine, an 8 Bealtaine, thug an Príomh-Bhreitheimh, Uachtaráin na gCúirteanna agus an tSeirbhís Chúirteanna breac-chuntas ar na céimeanna a bhí le glacadh chun bealach a chruthú chun roinnt cúirteanna a oscailt de réir Threochlár an Rialtais chun Sochaí agus Gnó a Athoscailt. Bhí grúpa úsáideoirí comhairleach bunaithe ag an tSeirbhís Chúirteanna freisin chun a chinntiú go raibh baint ag úsáideoirí cúirte le bonn eolais a chur faoina gcinntí.

Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ó na chéad chúirteanna cianda píolótacha sa Chúirt Uachtarach agus sa Chúirt Achomhairc, tionóladh cúirteanna cianda san Ard-Chúirt, sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche.

Rinne grúpa pleanála teagmhais na Seirbhíse Cúirteanna athbhreithniú agus nuashonrú ar phleananna freisin ar bhonn laethúil, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara. Foilsíodh na socrúithe ba dhéanaí maidir le gach dlínse cúirte ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna.

An Dlí Teaghlaigh

Is dual don dlí teaghlaigh go mbíonn go leor struis ag baint léi do lánúineacha a bhfuil a gcaidreamh briste síos. Tháinig méadú as cuimse ar an strus sin mar gheall ar thionchar COVID-19.

D'fhan Orduithe Cúirte maidir le rochtain i bhfeidhm i gcónaí agus, go ginearálta, bhí ar pháirtithe cloí leo. Mar sin féin, ag aithint dó go bhféadfadh roinnt fadhbanna nó imní a bheith ann maidir le taisteal i gcomhair cuairteanna, ar an 27 Márta, shoiléirigh Uachtarán na Cúirte Dúiche go bhféadfadh tuismitheoirí teacht ar shocrúithe comhaontaithe le haghaidh teagmhála eile, lena n-áirítear glaonna gutháin, nó scaidhpeáil, etc. Mura raibh na páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir le socrú malartach, bhí seirbhísí idirghabhála ar fáil agus bhí leas an linbh ríthábhachtach i gcónaí.

D'aithin rialacháin a rinne an tAire Sláinte, agus a tháinig i bhfeidhm ar an 8 Aibreán, an ceart atá ag tuismitheoir, caomhnóir, nó duine ag a bhfuil ceart rochtana ar leanbh a dteach a fhágáil chun éifeacht a thabhairt do shocrúithe maidir le rochtain ag an duine sin nó ag tuismitheoir, caomhnóir nó duine eile ag a bhfuil an ceart rochtana sin agus rinne siad socrú sainráite maidir le heisceacht ar na srianta taistil.

I gcomhar leis an Roinn agus a Gníomhaireachtaí, seoladh mol faisnéise dlí teaghlaigh COVID-19 de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, mar acmhainn do dhaoine a bhí ag lorg treorach ar an dlí teaghlaigh. D'ullmhaigh Coiste Dlí an Teaghlaigh agus Leanaí de Dhlí-Chumann na hÉireann treoirínite, freisin, do chleachtóirí agus do thuismitheoirí ar chúrsaí an dlí teaghlaigh le linn COVID-19. Rinne an Dlí-Chumann socrúithe chun na treoirínite a sheoladh go leictreonach chuig gach aturnae cleachtach ar an 26 Márta, 2020.

An Grúpa Oibre ar Éifeachtúlachtaí Ceartais Choiriúil

Bhí an príomhfhócas i gcomhthéacs COVID-19 ar riachtanais na gcúirteanna coiriúla ar fad ar mhaithe le hoibriú na gcúirteanna sin a uasmhéadú sa ghearrthearma agus sa mheántearma araon. D'oibrigh grúpa ar a raibh an Roinn ina cathaoirleach, agus ar a raibh breithiúna den Chúirt Dúiche, den Chúirt Chuarda agus den Ard-Chúirt, chomh maith le bainistíocht shinsearach ón tSeirbhís Chúirteanna, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, i dteannta a chéile agus go déthaobhach chun bearta a shainaitheint agus a chur i bhfeidhm chun tacú le stiúradh na hoibre coiriúla ar fad, go háirithe trialacha giúiré a reáchtáil i gcomhréir le treoirlínte scaradh sóisialta.

Leanadh le bearta chun an gá le freastal ar an gcúirt a laghdú trí réitigh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide amhail úsáid na fíis-teicneolaíochta le haghaidh réimse iarratas cúirte lena n-áirítear iarratais ar bhannaí. Forbraíodh tograí reachtacha chun úsáid na teicneolaíochta físe a leathnú tuilleadh chuig cineálacha eile éisteachtaí lena n-áirítear díotchúiseamh, iontráil pléadálacha, éisteachtaí pianbhreithe agus liostaí glaoite rollaí. Ina theannta sin, scrúdaíodh smachtbhannaí malartacha ar nós úsáid mhéadaithe na scéime rabhaidh aosaigh le haghaidh cionta áirithe de leibhéal íseal chun cabhrú leis an mbrú ar na cúirteanna coiriúla a mhaolú.

Breithníodh, freisin, roinnt tograí reachtacha agus neamhreachtacha eile chun éifeachtúlachtaí breise a thabhairt isteach le haghaidh aighneachtaí mionsonraithe chuig an Aire.

An Grúpa Pleanála Meántearma maidir le Ceartas Sibhialta

Comhthreomhar leis an nGrúpa Éifeachtúlachta Cúirte ar an taobh coiriúil, bunaíodh grúpa pleanála meántearmach ar an taobh sibhialta.

Bhreithnigh an grúpa sibhialta tionchair COVID-19 ar bhainistiú reatha cásanna sibhialta agus ar a mbainistiú sa todhchaí sa chóras cúirteanna agus scrúdaigh siad plean struchtúrtha inbhuanaithe téarnaimh. Déanfaidh sé moltaí maidir le bainistiú cásanna sibhialta sna cúirteanna amach anseo a d'fhéadfadh feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais ceartais sibhialta, agus féachfaidh sé, i gcomhairle leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, ar bhearta eile chun brúnna ar chóras na gcúirteanna a laghdú chomh mór agus is féidir i dtimpeallacht atá scartha go sóisialta.

Cuirfidh an Grúpa san áireamh freisin an obair leanúnach atá á déanamh ag grúpaí oibre iomchuí eile atá dírithe ar chóras na gcúirteanna, agus moltaí uathu.

FREAGAIRT SHEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN

Thionóil Stiúrthóireacht Oibríochtaí SPÉ cruinniú pleanála teagmhais ag deireadh mhí Feabhra, 2020, chun socruithe teagmhais a phlé i gcomhthéacs bhagairt COVID-19. Áiríodh sa mhéid sin príosúin shábháilte a chothabháil leis na seirbhísí riachtanacha ar fad lena n-áirítear, *inter alia*, soláthar foirne, cúram sláinte, soláthar lónadóireachta agus cothabháil fearais agus trealaimh.

Mar chuid den phleanáil don phaindéim, bunaíodh foireann ullmhachta COVID-19 le Ceannaire Cliniciúil feidhmeannach ar leith, bainisteoir rialaithe ionfhabhtaithe, agus altra lánaimseartha breise.

Cuireadh modúl oideachais ar COVID-19 i bhfeidhm (lena n-áirítear treoir maidir leis na nósanna imeachta cearta chun Trealamh Cosanta Pearsanta [TCP] a úsáid) d'fhoireann na bpríosún ba mhó a bhí i mbaol i dtosach báire (Cnoc na Seamar agus Dóchas) agus, ón 2 Márta, cuireadh tús le hoiliúint don fhoireann i ngach príosún eile.

Achoimre ar Shocruithe Teagmhais

Cuireann COVID-19 dúshlán uathúla roimh institiúidí coimeádta ó thaobh smacht a choinneáil ar leathadh an víris i measc na foirne agus na bpríosúnach, agus maidir le cóireáil leighis chuí a chur ar fáil do dhaoine atá buailte. Agus na dúshlán sin á n-aithint aici, bhunaigh Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ag céim luath, Foireann Pleanála Práinnfhreagartha (FPP) ar a raibh foireann shinsearach a bhfuil scileanna agus taithí acu i réimsí lena n-áirítear réimse oibríochtúil; cúram sláinte; agus rialú ionfhabhtaithe.

Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann as a cuid oibre chun scaipeadh an víris a choinneáil faoi smacht. Roinn an SPÉ a taithí le tíortha eile trí pháipéar a bhí comhscríofa ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ag an Ionad Comhoibrithe um Shláinte Príosúin agus a foilsíodh san *Iris Idirnáisiúnta Sláinte Poiblí*.



De réir mar a tháinig cineál na paidéime chun solais, cheadaigh an tAire Ó Flannagáin roinnt gníomhartha ar an 13 Márta, 2020, chun líon na ndaoine sa phríosún a laghdú agus chun scaradh fisiciúil níos mó agus clútharú daoine ard-leochaileacha sa phríosún a chinntiú. Ina measc sin bhí:

- Saoradh sealadach (SS) a dheonú do phríosúnaigh ísealriosca ar bhonn cáis ar chás. Mar is iondúil bhí SS ag brath ar dhea-iompar agus bhí gach príosúnach faoi réir a athghabhála nó a hathghabhála i gcás sáraithe.
- Chun líon na ndaoine a bhí ag dul isteach agus ag teacht amach as na príosúin a laghdú, agus chun baill foirne riaracháin a shaoradh, chun aon ídiú ar líon na n-oifigeach príosúin a mhaolú, ceadáíodh eatrainmh níos faide idir sínithe isteach le SPÉ do phríosúnaigh a bhí scaoilte amach go sealadach.

Tá sé tábhachtach a nótáil go raibh roinnt cosaintí tábhachtacha i bhfeidhm. Ba é sábháilteacht an phobail an príomhchúram – níor scaoileadh saor ar an gcaoi sin aon phríosúnaigh ar bhain baol míchuí leo do shábháilteacht an phobail, go háirithe daoine a bhí ciontaithe i ndrochíde sa bhaile, agus ní fhéadfaí aon duine a bhí coinnithe chun trialach a scaoileadh saor. Cuireadh tosca amhail tithíocht agus stádas sláinte san áireamh freisin agus chomhordaigh SPÉ leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus le FSS.

Chun cosc a chur ar thras-éilliú i bpríosúin, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí, amhail obair agus oiliúint, a chiorrú chun gluaiseachtaí agus idirghníomhaíochtaí trasphríosúin a laghdú, agus dúnadh scoileanna príosúin. I gcomhar le *Treochlár an Rialtais chun Sochaí & Gnó a Athoscailt* agus le rialú ionfhabhtaithe san áireamh, chuir SPÉ clár riosca-bhunaithe i bhfeidhm chun teagmhais agus prótacail a choinneáil nó a mhodhnú nó chun srianta a bhaint ag leibhéal an phríosúin de réir mar ba chúfí.

Scagthástáil agus Tástáil do COVID-19 sa Phríosún

Ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann cur chuige réamhghníomhach lena chinntiú go mbraithfí go luath aon chás féideartha de COVID-19 agus d'fheidhmigh sí córas láidir rianaithe teagmhálaithe. I gcomhréir le comhairle na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus i gcomhairle leis an bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí, cuireadh tús le scagthástáil pointe iontrála ón 30 Márta, 2020.

D'oscail SPÉ aonad ar leith i gCnoc na Seamar chun aonrú aon chásanna deimhnithe a cheadú. Bhí na príosúnaigh scoite amach san aonad sin go dtí gur ceadaíodh dóibh imeacht ón aonrú trí phróiseas tástála COVID-19. Cuireadh Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) cuí ar fáil don fhoireann a bhí ag obair san aonad sin chun a sábháilteacht a chinntiú.

Freastal ar Chúirteanna

D'oibrigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann go dlúth leis an tSeirbhís Chúirteanna, leis an Dlí-Chumann agus leis an nGarda Síochána agus nuair ab fhéidir éascaíodh cásanna cúirte trí nasc físe.

- Bhí an úsáid mhéadaithe a baineadh as nasc físe do shuíonna cúirte mar bheart chun scaipeadh COVID-19 sa chóras príosúin a laghdú an-éifeachtach. Ag tús phaindéim COVID-19 chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann, i gcomhar leis na Cúirteanna, dlús le rolladh amach na teicneolaíochta chun suíonna cúirte le nasc físe a chumasú ar fud Eastát na bPríosún.
- Mar thoradh air sin tháinig méadú suntasach ar úsáid naisc físe le haghaidh láithrithe sa chúirt, ó 10% i 2019 go 50% ag deireadh 2020.

Tá saoráid naisc físe á húsáid freisin le haghaidh cuairteanna, comhairliúcháin le haturnaetha agus chun seirbhísí ar nós seirbhísí síciatracha, síceolaíochta agus comhairleoireachta eile a chur ar fáil.


Níor ceanglaíodh ar phríosúnaigh a bhí aonraithe mar chásanna féideartha COVID-19, nó a bhí scoite amach ar chúiseanna réamhchúraim mar dhlúth-theagmhálacha féideartha, freastal le haghaidh láithrithe sa chúirt de réir threoirlínte sláinte poiblí. Rinne an tSeirbhís Phríosúin gach iarracht aturnaetha agus cúirteanna a chur ar an eolas dá mba rud é go raibh príosúnach aonraithe agus i gcás comhaontú éisteachta

bannaí, d'fhéadfaí cead a lorg go ndéileálfai leis an gcás le linn don phríosúnach a bheith as láthair.

Coraintín agus Cuairteanna

Cuireadh gach príosúnach a cimíodh chun príosúin as an nua ar coraintín ar feadh suas le 14 lá, chun an baol a laghdú go bhféadfadh príosúnach nua, a raibh an víreas ar gor ann, COVID-19 a scaipeadh ar an bpobal ginearálta príosúin. Moladh do phríosúnaigh a bhí 70 bliain d'aois nó níos sine, nó dóibh siúd a measadh a bheith leochaileach ó thaobh sláinte de, a n-idirghníomhú le príosúnaigh eile nó le baill foirne a laghdú, de réir chomhairle an Rialtais.

Tar éis na srianta a d'fhógair an Rialtas ar ghluaiseachtaí chun srian a chur le scaipeadh COVID-19, cuireadh cuairteanna fisiceacha teaghlaigh ar phríosúin ar fionraí ar an 27 Márta, 2020, agus cuireadh córas nua cuairteanna fíorúla nó físe ina n-áit. Chun éifeachtaí an chiorraithe ar fholláine príosúnach a mhaolú, méadaíodh líon na gcainéal teilifíse a bhí ar fáil do phríosúnaigh. Thug an tSeirbhís Phríosúin modh isteach freisin lenar ceadaíodh do bhaill teaghlaigh airgead a lóisteáil ar líne ionas go mbeadh príosúnaigh in ann leas a bhaint as earraí i siopa milseán an phríosúin.



Ag teacht le Treochlár an Rialtais, agus rialú ar ionfhabhtú á chur san áireamh, chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann measúnú riosca cuimsitheach i gcrích maidir le cuairteanna fisiceacha príosúin a thabhairt ar ais. Aithníodh agus cuireadh bearta riachtanacha chun cinn, chun a chinntiú go bhféadfadh baill teaghlaigh agus cairde fillleadh ar chuairteanna fisiciúla ar bhealach sábháilte.

Staid ag deireadh na bliana

11 Márta, 2020 – 4,235 i gcoimeád, **343** ar scaoileadh sealadach, **784** ar athchur amháin

31 Nollaig, 2020 – 3,650 i gcoimeád, **321** ar scaoileadh sealadach, **661** ar athchur amháin. Laghdú – 585 (12.6%)

Deimhníodh thart ar 22 cás de COVID-19 sa chóras príosúin suas go dtí an 23 Nollaig, 2020. Bhain formhór na gcásanna sin le daoine a bheith ionfhabhtaithe sa phobal sula ndeachaigh siad isteach sa phríosún. Níor bhásaigh aon duine ná níor cuireadh aon duine san ospidéal de dheasca COVID-19 i gCóras Phríosúin na hÉireann le linn 2020.

GNÍOMHAIREACHTAÍ, OIFIGÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE

Seirbhísí Cróinéirí agus Paiteolaíochta

Mhéadaigh Grúpa Formhaoirseachta na Mortlaíochta Náisiúnta, a bhí ina theagmhas seasta i leith imeachtaí olltaimeach, a luas oibríochta mar fhreagairt ar theacht na paindéime.

Cruthaíodh foghrúpa Cróinéirí freisin chun a bhfreagairtí ar COVID-19 a chomhordú in éineacht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, agus an Pait-eolaí Stáit, le tacaíocht ón Roinn Sláinte agus ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil de réir mar ba ghá.

Ó tharla go raibh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagrach as Cúirt Chróinéara Bhaile Átha Cliath, cheap an Roinn beirt leas-chróinéirí breise agus mhéadaigh sí líon na foirne riaracháin chun tacú le hualach oibre méadaithe chun básanna infhógartha a thaifeadadh.

D'oibrigh na Cróinéirí freisin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus an Garda Síochána chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha a bhain le bás a fhógairt chun brú a laghdú ar dhochtúirí teaghlaigh freastal ar gach bás.

Tar éis rannpháirtíocht idir an Roinn agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil freisin, fuarthas deimhniú go dtacódh Údarás Áitiúla, ar iarratas, le Cróinéirí le foireann riaracháin le linn na paidéime agus ina diaidh.

Cuireadh tús le Cuid 2 den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Il-ghnéitheacha), 2020, a dhéileáil le Cróinéirí le héifeacht ón 21 Lúnasa, 2020. Déantar socrú leis an Acht maidir le hacmhainn bhreise don tseirbhís Chróinéara, trí iarratas i scríbhinn ón gCróinéir don cheantar, ag lorg údarú ón Aire, do cheann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas:

- duine, atá ceaptha cheana féin ina Chróinéir/Cróinéir nó ina Leas-Chróinéir do cheantar eile, a shannadh mar Chróinéir breise sealadach don cheantar sin, ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí (a fhéadfar a athnuachan),
- duine a d'fhéadfadh a bheith ina Chróinéir/Cróinéir nó ina Leas-Chróinéir roimhe sin a cheapadh ina Chróinéir/Cróinéir breise sealadach don cheantar sin, ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí (a fhéadfar a athnuachan). Beidh uasteorainn aoise 75 bliana i bhfeidhm; agus
- duine nár cheapadh roimhe sin ina Chróinéir/Cróinéir nó Leas-Chróinéir ach a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha aige/aici faoin Acht chun a cheaptha/ceaptha ina Chróinéir/Cróinéir a cheapadh ina Chróinéir/Cróinéir breise sealadach don cheantar sin, ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí (a fhéadfar a athnuachan). Tá uasteorainn aoise 75 bliana i bhfeidhm.

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

In ainneoin na ndúshlán a bhain le COVID-19, ghníomhaigh an Biúró go tapa agus ghlac sé cleachtais oibre nua a chinntigh gur leanadh le hobair an Bhiúró agus ag an am céanna gur cinntíodh sábháilteacht Oifigigh agus fhoireann an Bhiúró.

Thug an Biúró 31 cás maidir le fáltas ó choireacht os comhair na hArd-Chúirte. Mar gheall ar na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm i rith na bliana, réachtáladh éisteachtaí cúirte go cianda agus ar an láthair chun cuidiú leis an mBiúró an figiúr sin a bhaint amach.

I rith 2020, mar gheall ar an líon mór sócmhainní sómasacha ar deonaíodh ordú alt 4 nó 4a den Acht um Fháiltas ó Choireacht ina leith, d'fhostaigh an Biúró seirbhísí Tí Ceantála a réachtáil, thar ceann an Bhiúró, ceantanna saincheaptha ar líne a raibh teorainn ama leo, ar réachtáladh an chéad cheann acu i mí Dheireadh Fómhair, 2020. Chun cloí le srianta

COVID-19, reáchtáladh an ceant sin ar líne chun daoine a dhíspreagadh ó thaisteal gan ghá chun na sócmhainní a fheiceáil nó a iniúchadh.

I mí Mheán Fómhair, 2020, d'éirigh leis an mBiúró, i gcomhar le hOllscoil Luimnigh, an cúrsa Diplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht agus Imscrúdú Sócmhainní a sheoladh. Mar thoradh ar shrianta phaindéim COVID-19, cuireadh an cúrsa, ina raibh cúig mhodúl, ar fáil ar líne.

An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

Reáchtáil an Binse 18 n-éisteacht achomhairc le linn 2020. As na héisteachtaí achomhairc sin, bhain 12 cinn le cásanna Scéime Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla agus bhain 6 cinn le cásanna Scéim na nOifigeach Príosúin.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, ó Aibreán 2020 ar aghaidh, tharla éisteachtaí achomhairc trí theileachomhdháil, le comhaontú na n-iarratasóirí. As na 18 n-éisteacht achomhairc a reáchtáladh le linn 2020, reáchtáladh 13 éisteacht trí theileachomhdháil agus reáchtáladh na 5 éisteacht eile ar an láthair go luath sa bhliain.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Bhí méadú 8.8% ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) ar chásanna a logáladh le linn 2020, rud a d'fhág 10,156 cás san iomlán. Ina ainneoin sin, tháinig laghdú 27.4% ar na teagmhálacha poist, ríomhphoist agus teileafóin a fuarthas. Bhí ceisteanna maidir le cúrsaí sonraí a bhain go sonrach le COVID-19 chun tosaigh ó Mhárta go Lúnasa. Ina measc sin bhí ceisteanna faoin íocaíocht dífhostaíochta phaindéime, seiceálacha aerfoirt, an aip rianaithe COVID-19 agus cianobair, ach laghdaigh siad sin níos déanaí sa bhliain.

Tháinig laghdú 34% bliain ar bhliain ar líon na ngearán chuig an CCS le 4,660 i 2020 i gcomparáid le 7,049 i 2019. Bhí laghdú 35% ar fhiosrúcháin reachtúla a osclaíodh i 2019 go 13, ó 20 an bhliain roimhe sin. Ag an am céanna ní raibh ráta na ngearán a tugadh chun críche i 2020 laghdaithe ach 1.7%, bliain ar bhliain, ag seasamh ag 4,476 do 2020.

Cosúil le comhlachtaí eile, bhí an CSS in ann úsáid a bhaint as tairseach COVID-19 chun méadú 166% a sholáthar ar chinntí foirmiúla a rinneadh faoi na hAchtanna Sonraí, ag eisiúint 77 i 2020 i gcomparáid le 29 i 2019. Tháinig méadú 50% ar ionchúisimh freisin, ach tháinig laghdú 9.7% ar imscrúduithe.

Eolaíocht Fhóirínseach Éireann

Mar sheirbhís riachtanach, d'fhan Eolaíocht Fhóirínseach Éireann ar oscailt ag gach céim de shrianta COVID-19, chun tacú leis an gcóras ceartais.

Bhí roinnt dúshlán ar leith ag baint le dearadh agus nádúr na n-áiseanna chomh maith le teorainneacha áitíochta i 2020, ach bhí bealaí nua oibre agus athruithe seasmhacha mar thoradh air sin freisin. Den chéad uair, chuir eolaithe EFÉ teistiméireacht shaineolach i láthair go cianda trí theicneolaíocht físchomhdhála. Ag cur san áireamh go mbíonn foireann EFÉ i láthair i gcúirteanna ar fud na tíre, is céim chun cinn suntasach é sin d'fhoireann EFÉ ó thaobh éifeachtúlachta de.

Thuairiscigh EFÉ ar bheagnach 22,000 imscrúdú i 2020, lena n-áirítear beagnach 6,000 ó Mhéarloing agus Doiciméid & Lámhscríbhneoireacht. Is ionann é sin agus méadú 36% ar na cásanna a tuairiscíodh i gcomparáid le 2019.

D'fhorbair EFÉ Meabhrán Tuisceana le hEolaíocht Fhóirínseach Thuaisceart Éireann maidir le comhoibriú frithpháirteach. Tá clár oibre comhoibríche forbartha, faoin gComhaontú Idir-Rialtasach ar Chomhoibriú maidir le Cúrsaí Ceartais Choiriúil, agus tá an obair sin faoi lánseol.

Tá EFÉ tar éis roinnt athruithe reachtacha a mholadh don Roinn Dlí agus Cirt freisin chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seirbhísí a sholáthraíonn sí a fheabhsú agus chun éifeachtúlacht na hearnála ina hiomláine a fheabhsú.

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

Ar chomhairle na n-údarás sláinte dhún COGS a oifig phoiblí i mí an Mhárta, 2020, agus cuireadh trealamh ar fáil do 110 ball foirne den 125 ball foirne de chuid COGS chun go bhféadfaidís oibriú go cianda le ríomhairí glúine. Bhí an 15 eile feistithe chun oibriú go cianda laistigh de roinnt seachtainí.

Níor chuir an dúnadh isteach ar chumas COGS gearáin a fháil – go deimhin, bhí líon na ngearán a fuarthas i 2020 11% níos airde ná mar a bhí i 2019.

Nuair a cuireadh deireadh leis an gcéad dianghlásáil, cuireadh bearta i bhfeidhm chun filleadh ball foirne ar an oifig a éascú de réir a chéile i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí, trí obair chumaisc. D'fhág na socruithe sin gurbh fhéidir línte teileafóin COGS a atosú, ach

d'fhan an oifig phoiblí dúnta. Bhí daoine den phobal fós in ann gearáin a dhéanamh le COGS ar roinnt bealaí, lena n-áirítear trí ríomhphost, comhfhreagras i scríbhinn agus ar líne.

Gearáin a bhain le COVID-19

Chinn Coimisiún an Ombudsman go mbeadh sé tairbheach don Gharda Síochána faisnéis fíor-ama a roinnt faoin eispéireas a bhí ag an bpobal ar an bpóilíneacht, nó an dearcadh a bhí acu ar an bpóilíneacht ag an am sin, rud a chuidigh le bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht an Gharda Síochána maidir le dualgais bhreise phóilíneachta i dtaca le COVID-19.

Idir Márta agus deireadh na bliana, luadh COVID-19 i 295 gearán le COGS. Mar a dhéantar le gach gearán chuig COGS, rinneadh measúnú ar na gearáin sin chun a fháil amach ar chomhlíon siad na critéir maidir le hinghlacthacht.

Cinneadh go raibh seasca a hocht (68) neamh-inghlactha; ligeadh 50 ar aghaidh lena n-imscrúdú; bhí 24 fós oscailte ag deireadh na bliana agus níor lean an chuid ba mhó den chuid eile ar aghaidh go dtí an chéim 'fiosrúcháin', is é sin, níor thug gearánaigh dóthain sonraí chun go bhféadfaí an gearán a mheas féachaint an bhféadfaí glacadh leis.

Cigireacht an Gharda Síochána

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim leanúnach sláinte poiblí, chuir Cigireacht an Gharda Síochána Plean Freagartha COVID-19 i bhfeidhm chun aon rioscaí do shláinte agus folláine na foirne, na bpríomhpháirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne a mhaolú; agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag soláthar príomhfheidhmeanna.

Mar thoradh ar roinnt athruithe suntasacha ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Chigireacht, lena n-áirítear géarchéim COVID-19, rinne an Chigireacht athbhreithniú foirmiúil ar a Plean Oibre. Chuaigh an Chigireacht i dteagmháil le roinnt príomhpháirtithe leasmhara chun cabhrú le haon saincheistanna póilíneachta nua, nó cinn a bhí ag teacht chun cinn, a aithint agus chun a chinntiú go ndíreofaí iniúchtaí amach anseo ar na réimsí ba mhó dochar agus riosca.

Cuirfear san áireamh i ngach cigireacht amach anseo an chomhairle agus na bearta sláinte poiblí is déanaí atá riachtanach chun aon rioscaí don fhoireann agus d'aon duine a théann i dteagmháil leis an gCigireacht le linn an phróisis cigireachta a mhaolú.

An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta

Thit líon na ndaoine a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta mar gheall ar phaindéim COVID-19. D'ainneoin dúshlán suntasach, d'fhan an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta (OCI) ar oscailt i gcomhréir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta chun deis a thabhairt dóibh siúd ar mhian leo cosaint idirnáisiúnta a éileamh é sin a dhéanamh. Meastar gur seirbhís riachtanach i gcónaí í soláthar na saoráide chun ligean do dhaoine cosaint idirnáisiúnta a éileamh, lena n-áirítear le linn na géarchéime COVID-19.

Bhí tionchar tromchúiseach ag paindéim COVID-19 ar iarrachtaí chun tréimhsí ama próiseála a fheabhsú, rud a laghdaigh go mór aschur na gcinntí agus a raibh tionchar aige ar an sprioc a leag an OCI síos cinntí céadchéime a dhéanamh i bhformhór mór na gcásanna laistigh de 9 mí.

Ba é príomhfhócas na hOCI a córas próiseála a choinneáil ag feidhmiú chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus ab fhéidir, agus ag an am céanna cloí leis na bearta ar fad a bhí i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chomhrac. Ní mór a admháil, áfach, go bhfuil próiseáil na n-iarratas casta agus go bhfuil measúnú aonair tuillte ag gach iarratas agus go ndéantar sin air.

Cásanna OCI ar feitheamh ag deireadh 2020

An chéad chéim: Bhí 5,279 iarratas idir lámha ag an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta ar an 31 Nollaig, 2020.

Athbhreithniú ar Chead Fanachta: Bhí 505 cás Athbhreithnithe ar Chead Fanachta idir lámha ar an 31 Nollaig, 2020.

Aonad Cinntí an Aire: Bhí 538 cás ag fanacht ar chinneadh ón Aire in ACA ag deireadh 2020.

An Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta

Thug treochtaí tosaigh 2020 le fios go raibh an Binse díreach ar an sprioc chun a phríomhspriocanna feidhmíochta don bhliain a bhaint amach. Ar an iomlán, áfach, tháinig laghdú 46% ar aschur an Bhinse i 2020 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na bearta mar thoradh air sin.

Ba é an laghdú ba mhó ná 70% ar achomhairc a éisteadh, titim ó 1536 i 2019 go 465 i 2020. Tháinig laghdú 47% ar líon na n-achomharc a cuireadh i gcrích.

Dar leis an mBinse, tharla an cur isteach ar ghnó den chuid ba mhó, mar chuid amháin den chreat inimirce pointe go pointe, mar gheall ar shrianta COVID-19 ar chliaint agus ar chleachtóirí araon, chomh maith le bearnaí cianéisteachta i ndáil le hionaid soláthair dhíriú ag láithreacha éagsúla agus le saincheisteanna lóistíochta maidir le doiciméadú.

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Cé gur thit iarratais 6% go 3,800 le linn 2020, laistigh den fhiigiúr sin tháinig méadú 12.5% ar iarratais ar Shocrú Dócmhainneachta Pearsanta. Tháinig laghdú 7% ar chásanna nua alt 115A.

Ceadaíodh 30% níos lú Deimhnithe Cosanta i 2020 (1402 i gcomparáid le 1986) agus bhí titim 15% i socruithe a ceadaíodh.

Bhí méadú suntasach ar Dheimhnithe Cosanta agus ar Shocruithe araon a formheasadh trí na Cúirteanna sa chéad dá mhí de 2020, roimh an laghdú suntasach sa dara ráithe mar gheall ar an bPaindéim agus dúnadh na gCúirteanna ina dhiaidh sin.

Chonacthas roinnt téarnaimh i Ráithe 3, 2020, de réir mar a athosclaíodh na cúirteanna agus bhí cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta in ann bualadh le cliaint go fíorúil, agus lean an treocht sin i Ráithe 4. Mar sin féin, ba é an ghlanéifeacht ná laghdú ar fhorheasanna le haghaidh Deimhnithe Cosanta agus Socruithe don bhliain iomlán cé nár tháinig ach laghdú beag ar Shocruithe Dócmhainneachta Pearsanta (an réiteach a dhéileáil le fiacha urraithe) laistigh den fhiigiúr socruithe sin.

Tháinig laghdú 50% ar líon na bhféimheachtaí a breithníodh i 2020 i gcomparáid le 2019 toisc nach raibh na cúirteanna in ann suí mar gheall ar shrianta COVID-19 agus i gcomhthéacs laghdaithe ghinearálta i gcásanna den sórt sin. I mí Eanáir, 2021, bhog an Chúirt go cian-éisteachtaí le haghaidh cásanna lena chinntiú nach dtarlódh aon riaráiste agus déileáil-faidh sí le haon éileamh borrrtha.

Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann

I 2020, bhí líon na scannán a cuireadh isteach suas go dtí an 17 Márta ar aon dul leis an mbliain roimhe sin, ach sa tréimhse ón 17 Márta go dtí an 31 Nollaig bhí na figiúirí an-difriúil. Chiollaigh sé sin nach raibh ach 279 scannán curtha isteach i 2020 i gcomparáid le 948 sa bhliain roimhe sin. Léiríonn sé sin titim 70% agus bhí sé sin níos suntasaí i R3 agus R4. Bhí líon na nDVDanna a cuireadh isteach ar aon dul le líon 2019.

Tugadh 2,454 aicmiú san iomlán i 2020, i gcomparáid le 3,111 i 2019, ar laghdú 21% a bhí ann. Tháinig laghdú 39% freisin ar thrácht ar láithreán gréasáin Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann le linn 2020 – 140,000 amas a bhí ann i 2019.

Ní bhfuarthas ach ceithre iarratas ar scannáin i mí Eanáir, 2020, i gcomparáid le 107 in Eanáir, 2020. Léiríonn na figiúirí sin an tionchar a bhí ag COVID-19 ar oscailtí pictiúrlann agus cur amach scannán ag an tráth sin.

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Tháinig laghdú 20% ar Dheimhnithe um Chúnamh Dlíthiúil a d'eisigh an Bord – 11,623 i 2020 i gcomparáid le 14,531 i 2019. Bhí cásanna Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha síos 25% go 7,893 i 2020 i gcomparáid le 10,532 i 2019. Chuir srianta COVID-19 go príomha teorainn leosan ag leibhéal na Cúirte Dúiche.

Ba é an titim ba mhó, mar a léirítear i sonraí gaolmhara na gcúirteanna, 53% i dtéarmaí cásanna Cosanta Idirnáisiúnta; 1,227 i 2020 i gcomparáid le 2,593 i 2019.

Tháinig laghdú 14% ar chásanna idirscartha bhreithiúnaigh agus colscartha an Bhoird i 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú 8% ar an gcásobair a bhain le for-éigean baile, ó 3,249 i 2019 go 3,494 i 2020, áfach. Bhí 1,491 ar liosta feithimh an Bhoird ag deireadh na bliana 2020 – laghdú 24% ó 1,963 i 2019.

Bhain 2,431 duine úsáid as an *Líne Chabhrach Cúnaimh Dhlíthiúil agus Idirghabhála* nua a thug an Bord isteach mar fhreagairt ar COVID-19 le linn 2020. I dtéarmaí scéimeanna cúnaimh dhlíthiúil choiriúil a oibríonn an Bord, bhí méadú 14% ar an Scéim Athbhreithnithe um Chomhairle Dlí i Stáisiún an Gharda Síochána (suas go dtí 4,534); méadú 49% ar an Scéim um Shaincheisteanna Coimeádta – 266 cás san iomlán i 2020 – ach laghdú 13% ar éilimh faoi Scéim an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, a sheas ag 7.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Fuair an tÚRSD 1,422 gearán le linn 2020 ach ní raibh a fheidhmeanna nua ach ag teacht i bhfeidhm agus mar sin níl aon treochtaí níos luaithe ann le cur i gcomparáid leo sa réimse seo. Choinnigh an tÚRSD a bhfeidhmeanna ag imeacht le tacaíochtaí cianoibre, ach bhí roinnt tionchair ag srianta COVID-19 orthu.

Bhí an obair ar ghearáin a réiteach go neamhfhoirmiúil beagán casta toisc nárbh fhéidir cruinnithe duine le duine a thairiscint chun gearáin a réiteach. Cuireadh moill ar an aistriú pleanáilte foirne go dtí an t-áitreabh nua i mí Aibreáin mar gheall ar theacht na paidéime agus chomhairle an Rialtais maidir le hoibriú ón mbaile. Osclaíodh an oifig go hoifigiúil ar an 31 Lúnasa do líon beag foirne. Mar sin féin, bhí formhór fhoireann an ÚRSD ag obair go cianda suas go dtí deireadh na bliana agus ina dhiaidh sin.

Tá bailiú an Tobhaigh Reachtúil ag leanúint ar aghaidh le comhlíonadh de bhreis is 99% agus tá Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha á chothabháil go héifeachtach. Cé go bhfuil Binse nua Araíonachta Cleachtóirí Dlí nach mór bunaithe, is dóigh go gcuirfidh bearta COVID-19 isteach ar stiúradh éisteachtaí.

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)

I mí an Mhárta, 2020, thug an tAire toiliú don Bhord Athbhreithnithe a nósanna imeachta a leasú chun go bhféadfaí éisteachtaí a reáchtáil trí theileachomhdháil. D'ainmnigh an tAire an Bord Athbhreithnithe freisin faoi ailt 29 agus 31 den Acht um an Dlí Sibhialta agus um an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020, chun socrú a dhéanamh go bhféadfaí cruinnithe agus éisteachtaí an Bhoird a reáchtáil go cianda.

I rith 2020, bhí méadú beag ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe a reáchtáil an Bord, le 203 éisteacht athbhreithnithe ar choinneáil othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i gcomparáid le 198 an bhliain roimhe sin.

Oifig Chigire na bPríosún

Chuir paidéim COVID-19 timpeallacht dhúshlánach i láthair maidir le cóireáil agus coinníollacha sna príosúin a iniúchadh. I bhfianaise na srianta a cuireadh i bhfeidhm i bpríosúin chun scaipeadh COVID-19 a chosc, lena n-áirítear córais shrianta agus teorainneacha ar chuirteoirí seachtracha chuig príosúin, bhí an fhormhaoirseacht ar phríosúin thar a bheith tábhachtach i rith na bliana. D'fhan an Chigireacht tiomanta dá feidhm formhaoirseachta i 2020, in ainneoin na ndúshlán a chruthaigh COVID-19.

Ba iad seo a leanas gníomhaíochtaí na Cigireachta a bhain le COVID-19 idir Márta agus Nollaig, 2020:

- Tugadh cuairteanna gairide ar na 12 phríosún ar fad idir 26 Márta agus 5 Bealtaine, 2020, agus ina dhiaidh sin rinneadh glaonna teileafóin ar Rialtóirí na bpríosún idir Aibreán agus Iúil, 2020.
- Cumarsáid leanúnach le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, lena n-áirítear tuarascálacha laethúla agus seachtainiúla príosúin ó Ard-Stiúrthóir SPÉ.
- Forbairt tuarascála i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad ar thionchar an chlutharaithe ar dhaoine faoi choimeád.

Le tosú COVID-19, thug Ceannteathrú SPÉ nuashonruithe don Chigireacht ar an staid a bhí ag teacht chun cinn ar fud eastát na bpríosún. I measc na cumarsáide bhí glaonna gach coicís le hArd-Stiúrthóir SPÉ, na nuachtlitreacha faisnéise ar fad a dáileadh ar bhaill foirne agus ar phríosúnaigh a chur ar fáil agus figiúirí laethúla i dtaca le scaipeadh COVID-19 a chur ar fáil.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Coinníodh leibhéil ghnó tríd is tríd, agus níor tháinig ach laghdú 4.4% ar cheadúnais a eisíodh i rith 2020. Tháinig méadú 61% ar an mbliain roimhe ar imréiteach riaráistí gearán, le 197 gearán curtha i gcrích i 2020.

Ar an gcaoi chéanna, bhí méadú 79% ar iniúchtaí comhlíonta go 281 san iomlán i 2020. Cuireadh 77 gcás Ciste Cúitimh i gcrích, méadú 61 ar 2019.

Tháinig méadú 237% ar fhiosruithe ríomhphoist, le 6,608 díobh ann san iomlán don tréimhse 2020. Ar an iomlán bhí méadú 220% ar thrácht ríomhphoist an ÚRSM.

Oifig an Phaiteolaí Stáit

Bhí ról ríthábhachtach ag Oifig an Phaiteolaí Stáit, mar gheall ar an ról ar leith atá ag an Oifig ina hidirghabhálaí idir na Cróinéirí, an Garda Síochána, Dámh na Paiteolaíochta (Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann) agus marbhlananna ar fud na tíre, chun treoirínite agus cleachtas i leith scrúduithe iarbháis a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta.

Shocraigh an Phaiteolaí Stáit soláthar foirne a chéimniú chun an riosca a theorannú oiread agus ab fhéidir. Spreagadh gach paiteolaí chun oibriú go cianda nuair ab fhéidir agus bunaíodh cianrochtain ar chomhaid agus ar bhunachair shonraí don fhoireann ar fad.

Chloígh Oifig an Phaiteolaí Stáit le gach treoir ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus le gach treoir sláinte poiblí agus Rialtais, le linn phaindéim COVID-19. Caitheann paiteolaíthe Stáit Trealamh Cosanta Pearsanta i gcónaí nuair a bhíonn siad i mbun a gcuid oibre agus lean siad orthu ag freastal ar láithreacha báis nuair a iarradh an freastal sin nó nuair a bhí gá leis.

An tSeirbhís Phromhaidh

Thionóil an tSeirbhís Phromhaidh grúpa pleanála teagmhasaí a chlúdaigh príomhfheidhmeanna agus a d'oibrigh leis an bhFoireann Bhainistíochta Shinsearach maidir le comhordú gníomhaíochtaí timpeall ar COVID-19. Tarchuireadh na himpleachtaí ar fad maidir le cinntí soláthair seirbhíse go lárnach chun freagairtí comhordaithe a éascú de réir mar a tháinig saincheisteanna chun cinn. Sa chás gur roghnaigh ciontóirí iad féin a aonrú, mar shampla, gan freastal ar sheirbhís phobail, lean an fhoireann phromhaidh na gnáthnósanna imeachta i.e. doiciméid/deimhniú leighis a lorg etc.

Chuir an tSeirbhís Phromhaidh deireadh le teagmháil duine le duine ó 6pm, 12 Márta, nuair a dhún an tSeirbhís gach suíomh seirbhíse pobail, ag cur cuairteanna baile ar fionraí agus ag coinneáil teagmhála le ciontóirí ar an nguthán. Aithníodh ciontóirí ardtosaíochta agus coinníodh teagmháil dhírithé leo. D'fhan an tSeirbhís Phromhaidh i dteagmháil le Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun a chinntiú nach ngéaródh aon cheann dá gcuid gníomhartha ar rioscaí SPÉ. Thug an tSeirbhís patrún oibre céimnithe isteach freisin d'fhoireann na Ceanncheathrún, chun riosca a laghdú.

Ó Bhealtaine, 2020, d'fhill an fhoireann ar an obair ar bhonn céimnithe agus uainchláir, chun agallaimh chliaint agus obair riachtanach eile a éascú. Chuir baill foirne a gcleachtas in oiriúint, ag obair le ciontóirí ag baint úsáid as teagmháil teileafóin agus ag nascadh le príomheagraíochtaí comhpháirtíochta chun tacú le sábháilteacht phobail.

Leanadh den obair a rinne foirne na Seirbhíse Promhaidh a bhí lonnaithe i bpríosúin. Agus í ag obair i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, le hionaid choinneála leanaí agus leis an tSeirbhís Chúirteanna, thug an tSeirbhís Phromhaidh tús áite freisin d'ullmhú tuarascálacha faoi athchur i gcoimeád do na Cúirteanna, i gcásanna a bhí fós ar siúl. Éascaíodh agallaimh naisc físe ó Oifigí ainmnithe den tSeirbhís Phromhaidh i ngach príosún.

Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí, reáchtáladh an tSeachtain Idirnáisiúnta don Cheartas Aisiríoch le seimineár gréasáin, a d'eagraigh baill de ghrúpa na hÉireann den tionscadal Eorpach Ceartas Aisiríoch: Straitéisí d'Athrú, i gcomhar leis an Roinn.

In ainneoin na timpeallachta dúshlánaí, leanadh den obair laistigh den tSeirbhís Phromhaidh ar mhúnla fostaíochta na Fiontraíochta Sóisialta a fhorbairt do dhaoine le ciontuíthe. I mí na Samhna, 2020, sheol an tAire Dlí agus Cirt, Eiléana Nic an tSaoi TD, ‘Ag Obair chun Athrú a Dhéanamh’ – Straitéis Fiontar Sóisialta agus Fostaíochta, 2021-2023, ón Roinn Dlí agus Cirt. Leagtar amach sa straitéis sin spriocanna uailmhianacha chun cur leis na roghanna fostaíochta do dhaoine a bhfuil taifid choiriúla acu, agus tógann sí ar bhunús láidir tac-aíochtaí atá ann cheana féin.

An tÚdarás Póilíneachta

Mar aon leis an oiread sin comhlachtaí poiblí eile, chuir an tÚdarás a chleachtais oibre in oiriúint don saol nua mar a bhí agus nuair a chuaigh an tír faoi dhianghlasáil i lár mhí an Mhárta, leanadh le hobair agus le formhaoirseacht an Údaráis gan laghdú, in ainneoin go ndeachaigh cuid mhór den obair go cianobair. D’aithin an tÚdarás go gcaithfeadh sé a chuid oibre formhaoirseachta ar an nGarda Síochána a choinneáil ar bun agus, nuair ab fhéidir, í a neartú sna cúinsí nua a tháinig chun cinn mar gheall ar Phaindéim COVID-19. Bhí gá le freagairt chomhréireach i dtéarmaí formhaoirseachta de bharr na gcumhachtaí eisceachtúla a tugadh do Ghardaí sa reachtaíocht éigeandála.
















Bhí formhaoirseacht thráthúil, leanúnach agus thrédhearcach tábhachtach agus tá sí fós tábhachtach chun dearbhú a thabhairt go n-úsáidtear na cumhachtaí sin go comhréireach agus ar bhealach atá comhsheasmhach le hionchais an phobail. Mar a d’iarr an tAire Dlí agus Cirt, sholáthair an tÚdarás formhaoirseacht bhreise ar phóilíneacht le linn 2020 agus chuir deich dtuarascáil ar fheidhmíocht phóilíneachta COVID-19 i dtoll a chéile agus d’fhoilsigh iad.

Aguisín 1: Gníomhaireachtaí, Oifigí agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le gach Gníomhaireacht, Oifig agus Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt.

Is féidir liosta cuimsitheach, lena n-áirítear na Boird/na Binsí ar fad atá faoi choimirce na Roinne, a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Ceartas Coiriúil

 An Garda Síochána	 An Biúro um Shócmhainní Coiriúla	 Cigireacht an Gharda Síochána	 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
 An tÚdarás Póilíneachta	 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) Review Board	 An tSeirbhís Phromhaidh The Probation Service	 An Bord Parúil
 Oifig an Chigire Príosún Office of the Inspector of Prisons	 An Binse Cúitimh i leith Diobhála Coiriúla	 Eolaíocht Fhóirínseach Éireann	 Oifig an Phaiteolaí Stáit
 Seirbhís Phríosúin na hÉireann	 An tÚdarás Slándála Príobháidí	 An Bord Achomhairc um Shláindáil Phríobháideach	

Ceartas Sibhialta

 An Bord um Chinsireacht Foilseachán	 An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán	 An tSeirbhís Chúirteanna
 Oifig Chróinéara Dúiche Bhaile Átha Cliath	 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta
 Comhairle na mBreithiúna	 An Bord um Chúnannh Dílthiúil	 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí Legal Services Regulatory Authority
 An Coimisiún um Chosaint Sonraí	 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	 An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine
 An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bheithiúnacha	 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	

Aguisín 2: Tuairisciú ar Sholáthar Poiblí Glas

Bliain tagartha 2020	A. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta	B. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta	C. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta agus a bhfuil SPG curtha san áireamh acu	D. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta agus a bhfuil SPG curtha san áireamh acu
Earnáil Tosaíochta				
Iompar	3	Níl sé taifeadta	0	0
Caiteachais ar Áitreabh Oifige	2	Níl sé taifeadta	0	0
Táirgí & Seirbhísí Glantacháin	2	Níl sé taifeadta	0	0
Trealamh Saotharlainne	19	Níl sé taifeadta	0	0
Teicneolaíocht na Faisnéise	19	Níl sé taifeadta	0	0
Lóistín	2	Níl sé taifeadta	0	0
Cóiríocht d'Iarrthóirí Tearmainn	2	Níl sé taifeadta	0	0
Seirbhísí Gairmiúla	9	Níl sé taifeadta	0	0
Méideanna Iomlána	58	Níl sé taifeadta	0	0

Aguisín 3: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

I mí Mheán Fómhair, 2015, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (“Ár nDomhan a Athrú ó Bhonn”). Is plean gníomhaíochta é Clár Oibre 2030 do dhaoine, pláinéad agus rathúnas agus tá feidhm aige maidir le tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha araon. Is é fócas Chlár Oibre 2030 na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus a 169 bhfo-sprioc faoi seach.

Cumhdaíonn na SFI uailmhianta amhail:

- deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe
- cosaint an chomhshaoil
- rochtain ar sheirbhísí sláinte agus oideachais
- comhionannas inscne
- sochaithe síochánta
- obair fhiúntach

Nótáiltear gníomhartha na Roinne Dlí agus Cirt ag

- 8.7 Frithbhearta maidir le gáinneáil ar dhaoine

Chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine ar bhealach iomlánaíoch tá gá le rann-pháirtíocht páirtithe leasmhara éagsúla agus i measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh le déanaí, nó atá le cur i gcrích go luath amach anseo, tá:

- Ainmniú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) mar Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine faoi airteagal 19 de Threoir an AE maidir le Gáinneáil ar Dhaoine;
- Tús le hathbheithniú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, a rinne coir de cheannach gnéis mar chuid de chur chuige níos leithne maidir le daoine a ndéantar gáinneáil orthu isteach sa striapachas a chosaint;
- An Roinn do dhul i mbun pléití le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun réitigh ar sholáthar cóiríochta d’íospartaigh na gáinneála a shainaitheint, go háirithe mná ar íospartaigh den dúshaothrú gnéis iad;
- Bunú fóraim d’íospartaigh agus do pháirtithe leasmhara maidir le gáinneáil ar dhaoine, a tháinig le chéile faoi dhó go dtí seo, agus a scrúdóidh an gá leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gáinneáil ar Dhaoine atá ann cheana a nua-shonrú, lena n-áirítear freagairt don ghealltanas i gClár an Rialtais straitéis

chuimsitheach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm chun gáinneáil ar mhná agus ar chailíní a chomhrac;

- Oibriú leis an bhFóram in athbhreithniú ar an Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta in Éirinn, ag foghlaim ó mhúnláí dea-chleachtais i mBallstáit eile an AE;
- Dréachtú reachtaíochta chun an creat pionósach ar smuigléireacht daoine a neartú, agus ar an mbealach sin trí (3) ionstraim dlí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm sa réimse; agus
- Seoladh comhfheachtais ilmheán idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII) chun feasacht an phobail ar Gháinneáil ar Dhaoine a mhéadú. Tá dhá phríomhchuspóir leis an bhfeachtas feasachta:

1. Feasacht an Phobail a Mhéadú maidir le Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn agus iad a oiliúint chun comharthaí gáinneála a aithint;

2. Feasacht ar Thacaíochtaí d'Íospartaigh a Mhéadú. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas a chur in iúl d'Íospartaigh go bhfuil cabhair ar fáil agus conas í a lorg.

Tá acmhainní suntasacha geallta ag an nGarda Síochána chun gáinneáil ar dhaoine in Éirinn a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Tá Aonad Garda speisialaithe, an tAonad um Imscrúdú agus Comhordú um Gháinneáil ar Dhaoine (AICGD), i bhfeidhm ó 2009 chun imscrúduithe a dhéanamh ar gháinneáil ar dhaoine agus chun comhairle, tacaíocht agus, nuair is gá, cúnamh oibríochtúil a sholáthar d'imscrúduithe ag leibhéal an cheantair. Tá an Garda Síochána gníomhach freisin maidir le buíonta gáinneála trí obair a dhíríonn ar choireacht eagraithe – ag díriú ar a gcuid airgid, an úsáid a bhaineann siad as an idirlíon agus trí bheith ag obair go dlúth le dlínsí eile.

Tá an Roinn ag déanamh dianstaidéir ar an tuarascáil agus ar na moltaí atá san áireamh i dTuarascáil 2020 'Gáinneáil ar Dhaoine' ó Roinn Stáit na Stát Aontaithe. Coinníonn Éire dlúth-theagmháil leanúnach leis na Stáit Aontaithe ar an gceist sin agus cuirfidh an tuarascáil le hobair leanúnach na Roinne ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac.

- 10.7 Polasaithe imirce

Foilsíodh an **Comhaontú um Imirce agus Tearmann Dé Céadaoin** an 23 Meán Fómhair, 2020, agus cuimsítear ann Teachtaireacht a chuir Coimisiún an AE ar aghaidh agus pacáiste naoi n-ionstraim. Leagtar amach sa Chomhaontú tosaíochtaí an AE sna blianta amach

romhainn a neartóidh cumas an AE freagairt do dhúshláin a chruthaíonn an imirce, agus a chruthóidh an imirce, don AE sna deich mbliana atá romhainn.

Tacaíonn an Roinn go hiomlán le hiarrachtaí an AE chun déileáil le ceist na himirce ar bhealach cuimsitheach iomlánaíoch lena n-áirítear:

- deiseanna méadaithe do chonairí dlíthiúla maidir le ligean isteach, lena n-áirítear athlonnú;
- bunú agus cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Comhpháirtíochta le tríú tíortha tábhachtacha;
- aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, agus comhaontuithe um fhilleadh agus athiontráil a fheidhmiú.

Tá gealltanas i gClár an Rialtais bealaí nua a chruthú do dhaoine atá gan doiciméid le fada, agus dá gcleithiúnaithe, a chomhlíonann critéir shonraithe chun a stádas a thabhairt chun rialtacht laistigh de 18 mí ó bhunú an Rialtais, ag tabhairt aird ar thiomantais an Aontais Eorpaigh agus an Chomhlíonáir Taistil.

- Tá Éire, mar aon le Ballstáit eile den AE, tiomanta, faoin gComhaontú Eorpach um Inimirce agus um Thearmann (2008), do chur chuige cás ar chás seachas ollriailú.
- Tá páipéar beartais ar an ábhar á dhréachtú ag an Roinn, lena n-áireofar measúnú ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta. Breathnófar ar scéimeanna rialtacht roimhe seo, amhail Scéim na Mac Léinn, 2018, agus scéimeanna dá leithéid níos luaithe, in aon bheartas amach anseo.

Chun aghaidh a thabhairt ar cheist na **nImirceach gan Doiciméid**, tá scéim inimirce á forbairt ag an Roinn a thabharfaidh stádas cónaithe – faoi réir critéar sainithe – do mhion-aoisigh gan doiciméid agus do dhaoine dá dteaghlach a bheidh in éineacht leo sa Stát. Táthar ag féachaint freisin ar an scéim a chlúdaíonn tabhairt chun rialtacht imirceach áirithe gan doiciméid a chónaíonn go fadtéarmach sa Stát agus ar féidir a mheas gur chuir siad seirbhís luachmhar ar fáil don Stát i réimsí amhail an earnáil cúraim shóisialta. Tá an dara togra sin fós ina rogha beartais atá á breithniú.

Tá dréachtpháipéar beartais á fhorbairt agus tá taighde déanta freisin chun an cleachtas is fearr a fháil amach maidir le himircigh gan doiciméid a thabhairt chun rialtacht i ndlínsí eile an AE. Chomh maith leis an taighde sin, beidh gá freisin le rannpháirtíocht mhionsonraithe

le príomhpháirtithe leasmhara. Beidh comhairle dlí ag teastáil ó Oifig an Ard-Aighne. Cuirfear páipéar breithnithe le haghaidh an Aire ar fáil go luath.

- 16.1-16.5 bearta chun foréigean, gáinneáil, aisghabháil sócmhainní, riail an dlí agus bearta frithéillithe a laghdú

Agus na dúshlán dhomhanda a bhaineann leis an gcoireacht airgeadais á n-aithint aici, tá Éire ina páirtí i roinnt ionstraimí idirnáisiúnta frithéillithe lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Éillithe (CNAÉ), Coinbhinsiún na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Cur i gcoinne Breabaireacht a Dhéanamh ar Oifigigh Phoiblí Choigríche in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta, agus Coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú (a ndéanann comhlacht an Ghrúpa Stát in aghaidh an Éillithe (GSÉ) monatóireacht orthu). Leis na comhaontuithe comhroinnte sin cothaítear frithsheasmhacht in aghaidh an éillithe agus na coireachta airgeadais idirnáisiúnta.

Tá plean nua trasrialtais chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus le héilliú le bheith faoi stiúir an Aire tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe ar Struchtúir agus ar Straitéisí chun Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú a Chosc, a Imscrúdú agus a Phionósú. Ba é an tUasal James Hamilton, iar-Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, a bhí i gceannas ar an athbhreithniú.

Tá faomhadh na Comh-aireachta faighte ag an Aire Nic an tSaoi chun plean gníomhaíochta forfheidhmithe a thabhairt ar aghaidh i leith mholtaí an Athbhreithnithe, le hamlínte socraithe. Aithneofar sa phlean tosaíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm sa ghearrthearma, amhail achtú an Bhille um Nós Imeachta Coiriúil, atá ar an gclár reachtach reatha lena achtú.

Comhlánóidh tionscnaimh frithéillithe eile, amhail an tuarascáil atá le teacht ó Chigireacht an Gharda Síochána ar Bhagairt na Caimiléireachta Inmheánaí a Chomhrac, an tionscnamh sin.

I measc na moltaí atá le cur san áireamh sa phlean nua tá:

- Comhairle Chomhairleach i gcoinne Coireacht agus Éilliú Eacnamaíoch a bhunú chun moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais ar straitéisí agus beartais chun dul i ngleic le coireacht agus éilliú eacnamaíoch;
- Fóram buan d'ionadaithe sinsearacha ó ghníomhaireachtaí Stáit chun comhoibriú níos fearr agus comhroinnt faisnéise a éascú;
- Oiliúint leanúnach d'imscrúdaitheoirí coireachta eacnamaíche agus éillithe eacnamaíoch;
- Dul i mbun pleití leis na breithiúna maidir le forbairt oiliúna do chásanna coireachta eacnamaíche / éillithe eacnamaíoch agus an fhéidearthacht maidir le speisialtóireacht bhreithiúnach sa réimse;
- Socrú a dhéanamh maidir le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ina n-imscrúduithe chun fianaise a fháil trí úsáid a bhaint as modhanna ceilte, ar aon dul leis an nGarda Síochána agus leis na Coimisinéirí Ioncaim;
- An reachtaíocht Ceartais Choiriúil a leasú chun barántais chuardaigh neamhspleácha a cheadú a cheadóidh don Gharda Síochána a cheangal ar dhaoine atá faoi réir barántais ghabhála pasfhocail a sholáthar do ghairis leictreonacha a bhfuil úinéireacht acu orthu nó atá faoina rialú.

Is é an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (BSC) an comhlacht a bhfuil sé de chúram air fáltais ó iompar coiriúil a aithint agus a imscrúdú agus gníomhaíochtaí a dhéanamh faoin dlí chun na tairbhí a bhaineann le sócmhainní, ar fáltais as iompar coiriúil iad, a dhiúltú agus a bhaint de dhaoine trí na sócmhainní sin a reo, a choinneáil agus seilbh a ghabháil orthu.

Tá modhanna an BSC tar éis teacht chun cinn chun dul i ngleic le modhanna nua coiriúlachta. Le blianta beaga anuas tá an BSC tar éis déileáil le roinnt cásanna a bhaineann le criptea-airgeadra. I mí Feabhra, 2020, chuir an tAire fáilte roimh rialú na hArd-Chúirte de bhun iarratais ón BSC a cheadaigh suim níos mó ná luach €52 milliún de *Bitcoin* a ghabháil. Is ionann an cás áirithe sin agus ceann de na sócmhainní aonluacha is mó a ghabh an BSC riamh.

Lean an BSC lena chomhoibriú fairsing le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ), Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona (CICB) agus an Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (GNC).

Go hidirnáisiúnta, leanann an Biúró ag déanamh idirchaidrimh agus imscrúduithe le húdaráis forghníomhaithe dlí agus bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain agus tá sé éifeachtach ag an leibhéal idirnáisiúnta mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) ainmnithe in Éirinn.

Thug an Biúró €5.4 milliún ar ais do Rialtas na Nigéire freisin tar éis Meabhrán Tuisc-eana idir Éirinn agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire a shíniú i mí Dheireadh Fómhair, 2020. Ba é seo an chéad uair a rinne Éire gníomh den sórt sin agus léiríonn sé go leantar de thiomantas na hÉireann do chomhoibriú idirnáisiúnta sa troid i gcoinne an éillithe agus do chuidiú le tíortha a ndearna an t-éilliú dochar dóibh roimhe seo.

Mar chuid dá thiomantas mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní, comhoibríonn an BSC lena chomhghleacaithe ar fud an domhain. Le linn 2020, fuair an Biúró 121 iarratas ar chúnamh agus bhí sé in ann faisnéis a sholáthar maidir leis na hiarratais sin ar fad. Fuarthas na hiarratais ó 29 tír ar fud an domhain.

Aguisín 4: Gníomhaíochtaí na nÚdarás Inniúil um Chomhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid

Gníomhaíochtaí na nÚdarás Inniúil um Chomhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid – tuarascáil faoi alt 65 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú

Le halt 108 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, rinne an tAire Dlí agus Cirt, mar údarás inniúil faoin Acht arna leasú, feidhmeanna údarás inniúil an Aire a tharmligean chuig an Aonad Comhlíontachta um Fhrith-Sciúradh Airgid (ACFSA) sa Roinn. Is uirlis thábhachtach faisnéise é láithreán gréasáin an ACFSA, www.amlcompliance.ie, a úsáideann an tACFSA chun faisnéis a scaipeadh agus feacht a ardú, agus tá naisc air chuig tuarascáil bhliantúil iomlán an ACFSA don bhliain 2020.

I 2020, rinne imscrúdaitheoirí rialála an ACFSA 215 chigireacht ar an láthair ar an iomlán ar na daoine ainmnithe a ndéanann sé formhaoirseacht orthu. Cuireadh isteach ar chigireachtaí ar feadh roinnt míonna ó mhí an Mhárta, 2020, de dheasca na paindéime.

I gcigireachtaí 2020 bhí 141 chigireacht ar Dhíoltóirí Earraí a bhfuil Luach Ard acu; 62 chigireacht ar Sholáthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta (SSICanna); cigireacht amháin ar Chlub Chomhaltaí Príobháideacha agus 11 chigireacht ar Chomhairleoirí Cánach/Cuntasóirí Seachtracha.

Déanann an tACFSA Soláthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta a údarú, freisin. Rinne sé 181 athnuachan ar údarú SSIC, iarratas nua ar SSIC agus cúlghairm SSIC a phróiseáil i 2021. I mí an Mheithimh, 2020, rinne an tACFSA cur i láthair do 476 rannpháirtí domhanda ag Fóram Maoirseoirí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais do Ghnóthaí agus Gairmithe Neamhairgeadais Ainmnithe, agus i mí Dheireadh Fómhair, 2020, réachtáil an tACFSA seimineár gréasáin ar an téama 'idirbheart amhrasach a thuairisciú' ar ar fhreastail breis agus 370 rannpháirtí.

Aguisín 5: Inbhuanaitheacht

1. Fuinneamh

Bhí dualgas ar an Roinn Dlí agus Cirt, dála gach comhlachta phoiblí, de réir reachta, laghdú 33% a bhaint amach ar fhuinneamh a úsáideadh, thar bhonnlíne 2009, faoi dheireadh 2020. Déanann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann monatóireacht ar an dul chun cinn agus tuairiscíonn siad air gach bliain.


Léiríonn sonraí sealadacha do 2020 gur baineadh amach coigilteas fuinnimh 46%.

Ní mór breathnú ar thorthaí 2020, áfach, mar thorthaí aimhrialta. Is léir gurbh é paindéim COVID 19 an tionchar ba shuntasáí a bhí ar ídiú fuinnimh na Roinne le linn 2020. Mar thoradh ar iarmhairtí díreacha na freagartha ar an bpaindéim dúnadh oifigí poiblí go sealadach, agus bhí an chuid ba mhó dár bhfoireann ag obair ón mbaile, nuair ab fhéidir.

Ba é an toradh a bhí air sin ná coigilteas díreach fuinnimh toisc nach raibh ríomhairí, monatóirí, soilse, etc. á n-úsáid. Mar sin féin, ní raibh coigilteas chomh hard agus a bhíodhas ag súil leis ar dtús, mar, mar shampla, fiú nuair a bhí áitíocht laghdaithe ag foirgneamh, bhí gá fós leis an bhfoirgneamh iomlán a théamh.

Cé nach raibh baill ár bhFoirne Glas in ann teacht le chéile go pearsanta, cuireadh tús le hoiliúint don fhoireann, agus leanann an Roinn de bheith rannpháirteach i scéim feasachta Oifig na nOibreacha Poiblí, Fuinneamh a Bharrfheabhsú @ an Obair.



Tá spriocanna nua do laghdú fuinnimh tagtha in áit na sprice “33% faoi 2020” anois – laghduithe 50% in ídiú fuinnimh agus in astaíochtaí gás ceaptha teasa le bheith bainte amach faoi 2030.



Total Energy Consumption

Grid Electricity: 2,710,319 kWh TFC	Fossil: 6,589,815 kWh TFC	Renewable: 400,967 kWh TFC
-------------------------------------	---------------------------	----------------------------

Energy Savings

EnPI: 18.9% better than 2019		Consumption (TPER): 16.6% less than 2019
EnPI: 46.0% better than baseline		Consumption (TPER): 43.7% less than baseline

(Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)

2. Fritháirimh charbóin

Faoi chiorclán RCP 019-001-2020 ón Roinn Cosanta Poiblí agus Athchóirithe, ag tosú in 2020, ceanglaítear ar an Roinn Dlí agus Cirt na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gach eitilt oifigiúil a dhéantar laistigh de bhliain féilire a thaifeadadh, agus méid comhfhreagrach a íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, bunaithe ar an ráta cánach carbóin a bhí i reim (€26 in aghaidh an tonna i 2020). Tá an íocaíocht a ceanglaíodh don bhliain 2020 déanta ag an Roinn.

Tá líon na n-eitiltí, iomlán an charbóin agus an fritháireamh carbóin dá dheasca sin don Roinn, do 2020, léirithe inár gcairt.

Mí	Líon na nEitiltí	Iomlán carbóin in cg	Fritháireamh carbóin ag €0.026/cg
<i>Ean</i>	103	26781.96	696.33
<i>Feabh</i>	99	20733.28	539.07
<i>Már</i>	41	14564.08	378.67
<i>Aib</i>	0	0	0.00
<i>Beal</i>	1	62.5	1.63
<i>Meith</i>	1	86.9	2.26
<i>Iúil</i>	3	890.6	23.16
<i>Lún</i>	8	1255.64	32.65
<i>MF</i>	1	62.2	1.62
<i>DF</i>	4	1239.1	32.22
<i>Samh</i>	15	4570.1	118.82
<i>Noll</i>	8	4554	118.40
Iomlán	284	74800.36	1944.81

Ó 2021 ar aghaidh, foilseofar fritháirimh charbóin d'eitiltí ar láithreán gréasáin na Roinne, ar bhonn ráithiúil.